EUROJUST

Tuarascáil Bhliantúil 2015

Criminal justice across borders

Eurojust supports national authorities in the efficient coordination of investigations and prosecutions of serious and organised cross-border crime

© Eurojust, 2016

Clúdaíonn an foilseachán seo an tréimhse 1 Eanáir 2015 go dtí 31 Nollaig 2015

Uimhir chatalóige: QP-AA-16-001-GA-N

ISBN: 978-92-9490-065-4
ISSN: 2443-6682
DOI: 10.2812/321038

Fiosrúcháin:

Guthán: + 31 70 412 5000
R-phost: info@eurojust.europa.eu
Láithreán Gréasáin: www.eurojust.europa.eu

Tuarascáil Bhliantúil 2015

Tá Tuarascáil Bhliantúil Eurojust 2015 tar éis a haistrithe ón mbunleagan Béarla go Gaeilge ag an Ionad Aistriúcháin do Chomhlachtaí an Aontas Eorpaigh

Clár ábhar

Réamhrá 7

Achoimre Feidhmiúcháin 9

Sracfhéachaint ar Eurojust 13

Caibidil 1 Uirlisí Eurojust

1.1 Cruinnithe comhordaithe Eurojust 15

1.2 Lárionaid chomhordaithe Eurojust 16

1.3 Córas Bainistíochta Cásanna Eurojust 17

1.4 Eurojust agus JITí 18

Amlíne: imeachtaí na bliana 24

Caibidil 2 Cásobair Eurojust

2.1 Cásobair Eurojust in eochairlimistéir choireachta 27

2.1.1 An Sceimhlitheoireacht 28
2.1.2 An Chibearchoireacht 32
2.1.3 Smuigleáil inimirceach mídhleathach 34
2.1.4 THB 35
2.1.5 An Chalaois 37
2.1.6 An Chaimiléireacht 39
2.1.7 An Gháinneáil ar Dhrugaí 40
2.1.8 Coireacht eagraithe i gcoinne maoine ó na MOCGí 42

2.2 Cúnamh Eurojust i réimsí eile na gníomhaíochta coiriúla 44

2.2.1 An sciúradh airgid 44
2.2.2 Coireanna PIF 44
2.2.3 An phíoráideacht mhuirí 44
2.2.4 An choireacht chomhshaoil 45
2.2.5 An chosaint leanaí 45

2.3 Comhpháirtithe Eurojust 46

2.3.1 An comhoibriú le Europol 46
2.3.2 An comhoibriú le OLAF 46
2.3.3 An comhoibriú le tríú Stáit 47

Oibríocht Vertigo: súil ghéar uirthi 54

Caibidil 3 Dúshláin agus an dea-chleachtas

3.1 Coinbhleachtaí dlínse 57

3.2 Coinneáil sonraí 59

3.3 Seachadtaí rialaithe 60

Aird na bliana: Reo, coigistiú agus aisghabháil sócmhainní 62

Caibidil 4 Riarachán Eurojust

4.1 Tacaíocht don saothar oibriúcháin agus straitéiseach 67

4.2 Foireann agus buiséad 69

4.3 An chumarsáid sheachtrach 69

4.4 Áitreabh nua 70

Caibidil 5 Eurojust agus gréasáin chleachtóirí

5.1 An Gréasán Breithiúnach Eorpach 73

5.2 Gréasán na Saineolaithe JIT 73

5.3 An Gréasán Cinedhíothaithe 75

5.4 An Fóram Comhairleach 75

Téama: Breithmheas agus peirspictíochtaí don todhchaí 78

Bearta leantacha ar Chonclúidí na Comhairle 81

Cairteacha agus fíoracha

Eurojust fights serious, cross-border organised crime 4
Cásobair 2002 - 2015 10
Cásanna déthaobhacha/iltaobhacha 2011 - 2015 10
Cásanna déthaobhacha/iltaobhacha in aghaidh an Bhallstáit 11
Ballstáit iarrthacha/iarrtha 11
Eurojust at work in 2015 12
Cruinnithe comhordaithe 15
Tríú Stáit, comhpháirtithe comhoibrithe agus eagrais idirnáisiúnta a bhíonn bainteach le cruinnithe comhordaithe 16
Lárionaid Chomhordaithe 17
28 Eurojust National Coordination Systems 18
JITí le tacaíocht ó Eurojust, lena n-áirítear na príomhchineálacha coireachta 19
Cistiú Eurojust do JITí, Nollaig 2009 - Nollaig 2015 21
Eurojust and joint investigation teams 22
Cineálacha coireachta tosaíochta Eurojust 28
Dlúthbhaint tríú Stát, comhpháirtithe comhoibrithe agus eagras idirnáisiúnta i gcásobair Eurojust 48
Eurojust cooperation with third States 49
Príomh-chineálacha coireachta sna cásanna lena mbaineann tríú Stáit 51
Na deich mBallstát is mó ó thaobh chásobair Eurojust de 52
Cásanna de réir Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh 2011 - 2015 53
Cásanna EAW 61
Eurojust organigram 67
Funding joint investigation teams 74
Cásanna Airteagal 13 79

Eurojust fights serious, cross-border organised crime

Early involvement of Eurojust facilitates the coordination of investigations and prosecutions. Eurojust enables effective and efficient cooperation between Member States' competent national authorities in bringing criminals to justice.

Eurojust supports EU Member States by:

- Coordinating cross-border investigations and prosecutions; assisting with conflicts of jurisdiction and gathering of evidence
- Facilitating execution of EU legal instruments, such as the European Arrest Warrant (EAW), confiscation and freezing orders, setting up joint investigation teams (JITs), and more



Acrainmneacha agus giorrúcháin

CBRN-E	Substaintí agus pléascáin cheimiceacha, bitheolaíochta, raideolaíochta, núicléacha
CJEU	Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
CMS	Córas Bainistíochta Cásanna
COSI	Buanchoiste na Comhairle um an tSlándáil Inmheánach
EAW	An Barántas Gabhála Eorpach
EIO	Ordú Fiosrúcháin Eorpach
EJN	An Gréasán Breithiúnach Eorpach
EJTN	An Gréasán Oiliúna Breithiúna Eorpach
ENCS	Córas Comhordaithe Náisiúnta Eurojust
EMPACT	An tArdán Ildisciplíneach Eorpach in aghaidh Bagairtí Coiriúla
EPPO	Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh
FTF	Trodairí eachtracha sceimhlitheoireachta
JIT	Comhfhoireann fiosrúcháin
JSB	Comhchomhlacht Maoirseachta
LoR	Litir Iarratais
MLA	Cúnamh dlíthiúil frithpháirteach
MOCG	Grúpa coireachta eagraithe gluaisteach
MPJM	Monatóir Breithiúnach um Píoráideacht Mhuirí
MTIC	Trádálaí Ion-Phobail in Easnamh
NCBC	Coigistiú nach bhfuil bunaithe ar chiontú
NPS	Substaintí Sícighníomhacha Nua
OAP	Plean Gníomhaíochta Oibriúcháin
OCC	Comhordú ar Glao-Dhualgas
OCG	Grúpa coireachta eagraithe
OPC	Coireacht maoine eagraithe
PIF	Cosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh
SOCTA	Measúnú um Bagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe
TCM	Monatóir um Chiontuithe Sceimhlitheoireachta
TE-SAT	Tuairisc Staide agus Treochta Sceimhlitheoireachta
TFEU	An Conradh um Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
THB	Gáinneáil ar dhaoine
CBL	Cáin bhreisluacha

Cinneadh Eurojust ón gComhairle

Cinneadh Eurojust ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 lenar bunaíodh Eurojust sa tsúil chun an troid i gcoinne na coireachta tromchúisí a threisiú, arna leasú faoi dheireadh ag Cinneadh 2009/426/JHA ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 um neartú Eurojust; tagrófar sa tuarascáil seo dó mar 'Cinneadh Eurojust ón gComhairle'. Is le haghaidh cuspóirí faisnéise amháin a ullmhaíodh leagan comhdhlúite de Chinneadh Eurojust ón gComhairle

Táirgeadh na staitisticí faoi chásanna Eurojust a áiríodh leis an tuarascáil seo ar bhunús na sonraí a fhaightear sa Chóras Bainistíochta Cásanna Eurojust. Baineadh na huimhreacha an 14 Eanáir 2016 agus léirítear iontu na sonraí dá bhfuil ar fáil i láthair na huaire. De bharr chineál leanúnach na gcásanna, d'fhéadfaí gurbh ann do neamhréireachtaí leis na huimhreacha a tuairiscíodh roimhe seo.

Cothaítear tríd an gcomhoibriú cuíchóirithe agus idirghníomhach, i dteannta le torthaí oibriúcháin, cur chun feidhme phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh agus tógáil na hiontaoibhe firthpháirtí idir údaráis náisiúnta inniúla san Aontas Eorpach

Réamhrá

Is mian liom an 14ú Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhur mbráid, ina soláthraítear léargas ar chásobair agus ar ghníomhaíochtaí straitéiseacha Eurojust sa troid in aghaidh na coireachta trasteorann chomh maith le forbairt eagrúcháin Eurojust i bhfianaise ionchais na mBallstát, creatlaí reachtúla athraithí agus srianta buiséadacha.

Níor bhain aon eisceacht leis an mbliain 2015. Tagann fás gan staonadh ar chásobair Eurojust gach aon bhliain. D'iarr na Ballstáit ar chúnamh Eurojust i leith 2 214 cás, ar mhéadú faoi 23 faoin gcéad i gcomparáid leis an mbliain 2014 é. Deimhnítear leis na staitisticí seo go bhfuil éileamh ar shaothar Eurojust, go n-aithnítear an saothar úd agus go gcuirtear luach leis. Léirítear le dlúthbhaint níos mó na dtríú Stát i gcásobair Eurojust nach n-aithnítear teorainneacha sa choireacht.

Feictear dúinn treocht shuntasach aníos in úsáid chruinnithe comhordaithe agus lárionad comhordaithe Eurojust. Táthar ag dul i dtaithí ar choincheap na gcomhfhoirne fiosrúcháin freisin i measc na dtríú Stát, agus is díol suntais í dlúthbhaint mhéadaitheach na dtríú Stát sna foirne úd le tacaíocht ó Eurojust. Cothaítear tríd an gcomhoibriú cuíchóirithe agus idirghníomhach sin, i dteannta le torthaí oibriúcháin, cur chun feidhme phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh agus tógáil na hiontaoibhe frithpháirtí idir údaráis náisiúnta inniúla san Aontas Eorpach.

Feictear do Eurojust ar leibhéal straitéiseach breisluach chruinnithe gréasáin na n-ionchúisitheoirí sainfheidhmeacha, ar nós na gcomhfhreagróirí náisiúnta do Eurojust i leith cúrsaí sceimhlitheoireachta agus na bpointí teagmhála do Ghréasán na Saineolaithe JIT. Is ionann an chibearchoireacht mar chineál coireachta i mbéal forbartha agus limistéar eile inar braitheadh an t-éileamh ar ionchúisitheoirí cibearchoireachta sainfheidhmeacha. Tagann torthaí inbhraite ó idirmhalartú dúshlán agus an dea-chleachtais, mar shampla i leith bhailiú na fianaise agus choinbhleachtaí dlínse: tógtar droichid, comhdhlúthaítear eolas agus faightear ciontuithe láidre.

Agus comhaontú leis na tosaíochtaí a leagadh amach sna Cláir Eorpacha um Shlándáil agus Imirce, agus i bhfianaise na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta agus na géarchéime imirce gan a macasamhail roimhe seo, is féidir le Eurojust méadú suntasach a thuairisciú don bhliain 2015 sa sceimhlitheoireacht, cibearchoireacht agus cásanna inimirceach mídhleathach agus smuigleála. Teastaíonn cur chuige ildisciplíneach agus comhpháirtíochtaí láidre idir na Gníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Intíre, agus comhoibriú feabhsaithe le tríú Stáit chun comhrac i gcoinne na ndálaí coireachta i mbéal forbartha agus i gcoinne na struchtúr coiriúil. Is cinnte gur céimeanna sa treo ceart iad ceapadh saineolaí cibearchoireachta



Eurojust chun obair go dlúth le EC3, an Giúistís Idirchaidrimh nuacheaptha don Eilvéis, agus an gréasán formhéadaitheach de phointí teagmhála breithiúnacha i dtríú Stáit.

Is trí na brabúis nach beag óna ngníomhaíochtaí coiriúla a chistítear na grúpaí coireachta eagraithe, agus déantar fáltais na coireachta a sciúradh agus a ath-infheistiú sa gheilleagar dleathach. Is beart éifeachtach dá réir é baint fháltais na coireachta ó na coirpigh chun dul i bhfeidhm ar struchtúir choiriúla. B'amhlaidh dá réir a díríodh aird Eurojust sa bhliain 2015 ar reo, coigistiú agus aisghabháil sócmhainní, ar imlíniú na ndúshlán agus bealaigh fhéideartha ar aghaidh trí comhchuibhiú na ndlíthe agus an chleachtais.

D'fhear Eurojust fáilte roimh thorthaí ó bhreithmheas seachtrach neamhspleách ar Eurojust, lena gcomhlánaítear moltaí na mBallstát ón séú babhta de bhreithmheasanna frithpháirteacha. Ghlac an Coláiste cur chuige onnghníomhach chun seirbhísí, struchtúir inmheánacha agus modhanna oibre Eurojust a fheabhsú, agus buíochas a ghabháil aige leis an aiseolas dearfach a fuarthas ó na cleachtaí breithmheasa úd.

Coinníonn Eurojust súil ghéar ar an bpróiseas reachtúil maidir le Rialachán nua do Eurojust, agus rannchuireann sé leis an díospóireacht ar bhunús ár dtaithíne. Chonaic Eurojust ar ndóigh na forbairtí a bhain lenár gcomhpháirtí, Europol, agus gníomhaire nua na todhchaí i dtírdhreach an chomhoibrithe bhreithiúnaigh agus fhorfheidhmiú an dlí, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh. Glacaimid leis, ar fhorais chomhlántacht na n-údarás arna dtabhairt ag reachtóirí an AE go ngnóthófar sineirgí sa chleachtadh agus go gceadófar do Eurojust chun a chumas a dhúshaothrú.

Bítear ag dúil le níos mó, seachas níos lú, ó Eurojust ó bhliain amháin go chéile. Tosóidh srianta buiséadacha ag cur isteach ar shaothar Eurojust den chéad uair sa bhliain 2016 den chéad uair ámh. Dá ainneoin sin, agus na heasnaimh á sásamh, i dteannta le húdaráis bhuiséadacha an AE, is amhlaidh a bheidh Eurojust i riocht níos fearr chun leithdháileadh acmhainne a bharrfheabhsú dá shaothar oibriúcháin, chun beartú tosaíochta laistigh de shrianta buiséid, agus chun na gnóthachain éigeantacha um éifeachtúlacht a shlánú chun ionchais mhéadaitheacha gach geallsealbhóir a shásamh sna blianta amach romhainn.

Ba mhór an onóir dom go pearsanta i mbliana m'atoghadh mar Uachtarán Eurojust leis an gColáiste. Ag saothrú le chéile le mo Leas-Uachtaráin agus le mo chomhghleacaithe sa Choláiste is amhlaidh atáim muiníneach go gcoinneoidh Eurojust air ag forás mar lárionad saineolais sa dlí agus sa bhreithiúnas.

Michèle CONINSX
President of Eurojust

Coláiste Eurojust na mBall Náisiúnta 2015

Michèle Coninsx, Belgium

Kamen Mihov, Bulgaria

Lukáš Starý, Czech Republic

Jesper Hjortenberg, Denmark

Klaus Meyer-Cabri , Germany

Raivo Sepp, Estonia

Frank Cassidy, Ireland

Nikolaos Ornerakis, Greece

Francisco Jiménez-Villarejo, Spain

Frédéric Baab, France

Josip Čule, Croatia

NM for Italy not appointed in 2015

Katerina Loizou, Cyprus

Gunārs Bundzis, Latvia

Laima Čekelienė, Lithuania

Olivier Lenert, Luxembourg

László Venczl, Hungary

Donatella Frendo Dimech, Malta

Han Moraal, Netherlands

Gabriela Hornbeck, Austria

Mariusz Skowroński, Poland

António Cluny, Portugal

Daniela Buruiană, Romania

Malči Gabrijelčič, Slovenia

Ladislav Hamran, Slovak Republic

Piia Vottonen, Finland

Leif Görts, Sweden

Frances Kennah, UK

Achoimre Feidhmiúcháin

- Tháinig méadú 23 faoin gcéad ar **líon na gcásanna** dár iarradh cúnamh Eurojust ina leith, ó 1 804 cás sa bhliain 2014 chuig 2 214 sa bhliain 2015. Bhí baint ag **Tríú Stáit** le 298 de na cásanna.

- Tháinig méadú sa **Chásobair** um: sceimhlitheoireacht, cibearchoireacht, smuigleáil inimirceach, THB, calaois, caimiléireacht agus MOCGí.

- Méadú in úsáid na n-uirlisí comhordaithe: **cruinnithe comhordaithe** (274, ar mhéadú 39 faoin gcéad é thar an mbliain 2014) agus **lárionaid chomhordaithe** (13).

- Tháinig méadú ar rannpháirteachas Europol (99), OLAF (5) chomh maith le tríú Stáit (67) sna cruinnithe comhordaithe.

- Thacaigh Eurojust le 120 **JITs**, ar chinn nua 46 díobh, agus thug tacaíocht airgeadais do 68 JIT. Cruthaíodh an chéad JIT le OLAF, agus tugadh méadú i ndlúthbhaint na dtríú Stát faoi deara in athuair.

- Thug Eurojust cúnamh do ghníomhú **EAWí** faoi 292 uair.

- Thug Eurojust ar iasacht **saineolaí breithiúnach sa chibearchoireacht** chuig EC3 agus d'aithin an gá chun **gréasán ionchúisitheoirí agus breithiúna cibearchoireachta** a bhunú.

- Thug Eurojust tacaíocht do na **Láithreacha Ardbhrú**, bhunaigh **grúpa oibre téamach um smuigleáil inimirceach mhídhleathach**, agus shínigh Litir Chomhthuisceana le NAVFOR AE MED.

- Reáchtáil Eurojust **seimineár straitéiseach** amháin i leith coinbhleachtaí dlínse agus ceardlann amháin um choinneáil sonraí i gcomhar le cruinnithe an **Fhóraim Chomhairligh**.

- Cruinnithe **Eurojust sa bhliain 2015**:
  - cruinniú straitéiseach bliantúil agus cruinniú oirbheartaíochta um an sceimhlitheoireacht
  - cruinniú oirbheartaíochta agus cruinniú *ad hoc* i leith na cibearchoireachta
  - cuinniú straitéiseach faoin THB
  - cruinniú faoin bpíoráideacht mhuirí
  - cruinniú faoin gcomhoibriú breithiúnach i leith mór-imeachtaí spóirt
  - Seimineár straitéiseach, *Forfheidhmiú na gComhaontuithe MLA agus Eiseachadta idir an tAE agus SAM*

- D'fhoilsigh Eurojust **sa bhliain 2015**:
  - *Monatóir um Chiontuithe Sceimhlitheoireachta*
  - An Tríú Tuarascáil um *Throdairí Eachtracha Sceimlitheoireachta*
  - Achoimre den Dara Tuarascáil *um Throdairí Eachtracha Sceimlitheoireachta*
  - *Lámhleabhar CBRN-E*
  - *Tuarascáil faoi Ionchúiseamh THB chun críche an dúshaothraithe oibre*
  - Tuarascáil *Tionchar an rialaithe ar ionchúiseamh cásanna CPS*
  - Tuarascáil *Saincheisteanna nóis imeachta agus dlíthiúla i ndáil le MOCGí*
  - *Monatóir Breithiúnach um Píoráideacht Mhuirí*, eagrán #2
  - *Treoir faoin Dea-Chleachtas i ndáil le himeachtaí spóirtiúla móra*
  - Tuarascáil *Cásobair Eurojust i gcoinbhleachtaí dlínse 2009-2014*
  - Tuarascáil *Taithí Eurojust um aisghabháil sócmhainní*

- Dhírigh Eurojust sa bhliain 2015 ar **choinbhleachtaí dlínse, coinneáil sonraí agus seachadtaí rialaithe**.

- B'ionann **buiséad Eurojust** don bhliain 2015 agus EUR 33 818 milliún B'ionann forfheidhmiú an bhuiséid agus 99.86 faoin gcéad.

- Eisíodh an **Tuarascáil EY Deiridh** um *Breithmheas Chinneadh Eurojust ón gComhairle agus gníomhaíochtaí Eurojust* an 30 Meitheamh agus cuireadh ar fáil ar líne go poiblí é.

Cásobair 2002 - 2015



Cásanna déthaobhacha/iltaobhacha 2011 - 2015



Cásanna déthaobhacha/iltaobhacha in aghaidh an Bhallstáit



	Déthaobhach	Iltaobhach
Coll *		8
BE	22	13
BG	93	6
CZ	69	19
DK	82	31
DE	71	41
EE	19	8
IE	32	2
EL	182	11
ES	58	19
FR	88	52
HR	20	4
IT	74	25
CY	17	1
LV	28	11
LT	52	7
LU	20	1
HU	76	20
MT	27	2
NL	36	16
AT	143	13
PL	83	5
PT	65	4
RO	118	29
SI	92	17
SK	52	4
FI	34	5
SE	79	21
UK	72	15

Ballstáit iarrthacha/iarrtha

	Iarrthach	Iarrtha
BE	35	156
BG	99	94
CZ	88	70
DK	113	52
DE	112	331
EE	27	33
IE	34	46
EL	193	60
ES	77	222
FR	140	241
HR	24	51
IT	99	248
CY	18	91
LV	39	62
LT	59	56
LU	21	55
HU	96	93
MT	29	29
NL	52	222
AT	156	121
PL	88	166
PT	69	69
RO	147	156
SI	109	46
SK	56	92
FI	39	38
SE	100	56
UK	87	243

Eurojust at work in 2015

Eurojust's core business is to assist the competent authorities of EU Member States when they deal with serious cross-border organised crime

1 Judicial coordination meetings

Bringing together judicial and law enforcement authorities from Member States and third States.



274 coordination meetings

with 2223 prosecutors, judges & police officers

2 Joint investigation teams (JITs)

Carrying out criminal investigations in one or more of the involved countries.

Judges
Prosecutors
Law enforcement authorities

120 JITs supported

- Fixed time period
- Agreement between countries
- **Joint criminal investigations**
- JITs enable more efficient, affordable and speedier justice

24/7 availability

Execution of European Arrest Warrants

292 cases

13% of all cases registered

3 Coordination centres

Coordination centres enable coordination and real-time transmission of information in serious cross-border crimes among national authorities during action days.

13 Eurojust coordination centres were held in 2015

Gathering evidence correctly is important for successful future court proceedings

Sracfhéachaint ar Eurojust

Céard í féin?

Is é Aonad an Aontais Eorpaigh um Chomhoibriú Breithiúnach í Eurojust. Mar chomhlacht den Aontas Eorpach a bunaíodh thiar sa bhliain 2002, is í sprioc Eurojust chun comhordú fiosrúchán agus ionchúiseamh agus an comhoibriú idir na húdaráis inniúla sna Ballstáit i ndáil leis an gcoireacht trasteorann thromchúiseach a spreagadh agus a fheabhsú, go háirithe nuair is coireacht eagraithe atá inti.

Ach iarratas a fháil ó Bhallstát is féidir le Eurojust freisin cúnamh a thabhairt sna fiosrúcháin agus sna hionchúisimh a bhaineann le Ballstát faoi leith agus le Stát nach Ballstát é má táthar tar éis comhaontú comhoibrithe a thabhairt chun conclúide nó más ann do leas ríbhunúsach chun an cúnamh sin a sholáthar.

Ach iarratas a fháil ó Bhallstát éigin nó ón gCoimisiún Eorpach is féidir le Eurojust freisin cúnamh a thabhairt i bhfiosrúcháin agus ionchúisimh nach mbaineann ach amháin leis an mBallstát sin agus leis an gComhphobal.

Cé hiad?

Is iad 28 Ball Náisiúnta atá ar Choláiste Eurojust arb ionchúisitheoirí, breithiúna nó oifigigh phóilíneachta iad d'inniúlacht choibhéiseach ar iasacht ag gach Ballstát. Is ag Eurojust sa Háig a bhíonn na Baill Náisiúnta bunaithe.

Tugann Leas-Bhall agus/nó Cúntóir(í) cúnamh don chuid is mó de na Baill Náisiúnta. Faigheann Eurojust tacaíocht ó Riarachán agus is óstach é do Rúnaíochtaí an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh (an EJN), an Ghréasáin Saineolaithe um Chomhfhoirne Fiosrúcháin (Gréasán Saineolaithe JIT) agus an ghréasáin Eorpaigh de phointí teagmhála i ndáil le daoine atá freagrach as cinedhíothú, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh (An Gréasán Cinedhíothaithe).

Ina theannta sin is amhlaidh atá Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh ón Iorua, ón Eilvéis agus ó SAM ar post ag Eurojust i láthair na huaire. Ba é 349 an líon daoine a bhí ag obair ag Eurojust sa bhliain 2015, lenar áiríodh baill den Choláiste.

Cén chaoi?

Áirítear le heochair-róil agus eochair-chumhachtaí Eurojust freagairt d'iarratais ar chúnamh ó na húdaráis náisiúnta inniúla sna Ballstáit. Ar a sheal féin is féidir le Eurojust iarraidh ar Bhallstáit chun dul i mbun fhiosrú nó ionchúiseamh beart faoi leith. Is iad na Baill Náisiúnta a chomhlíonann sainordú Eurojust chun saothar na n-údarás áitiúil a chomhordú ag gach céim d'fhiosrúchán agus ionchúiseamh coiriúil.

Cruinnithe comhordaithe

Is uirlis uathúil éifeachtach iad na cruinnithe comhordaithe sa chomhoibriú breithiúnach. Tugtar le chéile iontu na húdaráis bhreithiúnacha agus forghníomhaithe dlí ó na Ballstáit agus ó thríú Stáit, agus ceadaítear leo d'oibríochtaí eolasacha agus saindírithe sna cásanna coireachta trasteorann. Is le linn na gcruinnithe comhordaithe ar féidir deacrachtaí dlíthiúla agus praiticiúla a réiteach, mar thoradh ar éagsúlachtaí i measc na 30 córas dlíthiúla reatha san Aontas Eorpach.

Lárionaid Chomhordaithe

Feidhmíonn na lárionaid chomhordaithe ról ábhartha in oibríochtaí, ag cothú tacaíochta réadama i rith laethanta comhghnímh agus i mbeartuithe leantacha díreach ar urghabhálacha, gabhálacha, cuardaigh thí/chuideachta, orduithe reo agus agallaimh le finnéithe.

Comhfhoirne fiosrúcháin

Soláthraíonn Eurojust cistiú agus saineolas do bhunú agus éilimh oibriúcháin na JITí. Is ionann JIT agus foireann lena mbaineann ionchúisitheoirí, breithiúna agus údaráis fhorghníomhaithe dlí. Agus iad bunaithe ar feadh tréimhse seasta agus chun críche sonraí trí mheán comhaontaithe scríofa idir na Stáit i gceist, is amhlaidh a cheadaítear sna JITí do dhéanamh na bhfiosrúchán coiriúil ar bhealach i bhfad níos éifeachtaí i gceann amháin nó níos mó de na Stáit lena mbaineann.

Caidrimh sheachtracha

Bíonn saothar Eurojust bunaithe ar chaidrimh láidre le roinnt comhpháirtithe. Is ar bhunús na socruithe oibre is amhlaidh arb ann do chomhoibriú rídhlúth idir na húdaráis náisiúnta agus institiúidí agus comhpháirtithe an AE: An Coimisiún Eorpach; Europol; An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF); an Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (Frontex); An Lárionad Monatóireachta Eorpach um Dhrugaí agus Andúile i nDrugaí (EMCDDA); An Coláiste Eorpach Póilíneachta (CEPOL); an Gréasán Oiliúna Breithiúnaí Eorpach (an EJTN); Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA); agus Fórsa Cabhlaigh an Aontais Eorpaigh - comhlachtaí na Meánmhara (NAVFOR AE MED.) agus Idirnáisiúnta: INTERPOL, Gréasán Ibéir-Mheiriceánach um Chomhoibriú Dlíthiúil Idirnáisiúnta (IberRed) agus Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht (UNODC).

Is amhlaidh ina theannta sin atá Eurojust díreach tar éis comhaontuithe comhoibrithe a shíniú le Lichtinstéin, le Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine, le SAM, leis an Iorua, leis an Íoslainn agus leis an Moldóiv.

Uirlisí Eurojust

1

1.1 Cruinnithe comhordaithe Eurojust

Is díol suntais é gur reáchtáladh cruinnithe comhordaithe faoi 274 uair - ar mhéadú os cionn 39 faoin gcéad é i gcomparáid leis an mbliain 2014 - agus coinníonn siad a suíomh mar an uirlis oibriúcháin is minice a úsáideann Eurojust. Bhuail údaráis bhreithiúnacha agus forghníomhaithe dlí na mBallstát, agus na dtríú Stát freisin, le chéile beagnach gach lá oibre i rith na bliana 2015 ag Eurojust sa Háig chun an comhoibriú breithiúnach a chothú i gcúrsaí coiriúla.

Is é an Ballstát faoi seach a chéadchuireann cás nuaghinte do Eurojust faoi bhráid an Choláiste, agus glactar cinneadh ar cheart an cás a chlárú mar chás Eurojust nó nár cheart (cruinniú ar a dtugtar cruinniú Leibhéal I). Buaileann na Deasca Náisiúnta Eurojust lena mbaineann le chéile mar an dara céim chun anailís a dhéanamh ar na saincheisteanna le réiteach chun an comhoibriú agus comhordú breithiúnach a chinntiú sa chás sonrach seo agus chun cruth a thabhairt don bhealach is oiriúnaí ar aghaidh (ar a dtugtar cruinniú Leibhéal II). Eagraítear cruinniú comhordaithe amháin nó níos mó dá éis sin más gá, le rannpháirteachas ionadaithe na n-údarás forghníomhaithe dlí agus breithiúnach náisiúnta ag a mbíonn baint dhíreach leis an gcás.

Ceaptar na cruinnithe comhordaithe chun idirmhalartú faisnéise a éascú, chun bealaí chun tacú le forghníomhú na n-iarratas MLA agus na mbeart comhéigneach a aithint agus a chur chun feidhme (m.sh. Barántais chuardaigh agus barántais ghabhála), chun fiosrúcháin agus ionchúisimh leanúnacha a chomhordú, agus chun coinbhleachtaí dlínse, saincheisteanna a bhaineann le saincheisteanna a bhaineann le *ne bis in idem* agus fadhbanna dlíthiúla agus fianaiseacha eile a bhrath, a chosc nó a réiteach.

Cuimsíodh sna cásanna ar pléadh leo i rith na gcruinnithe comhordaithe sa bhliain 2015 gach mórlimistéar coireachta tromchúisí eagraithe trasteorann, agus an chaimiléireacht agus an chalaois, an gháinneáil drugaí agus an sciúradh airgid mar na cineálacha coireachta is coitianta.

As na 274 cruinniú a reáchtáladh sa bhliain 2015, ba iad an Fhrainc (53), an Ríocht Aontaithe (28), an Ghearmáin agus an Iodáil (25 acu araon) a d'eagraigh an chuid ba mhó de na cruinnithe. I measc na mBallstát ba mhinice a ghlac rannpháirt iontu bhí an Ghearmáin (78), an Ríocht Aontaithe (69), agus an Ísiltír (62). Ba iad an Eilvéis (19), an Iorua (14) agus SAM (14), arna n-ionadú go léir ag Eurojust lena nGiúistisí Idirchaidrimh, a bhí chun tosaigh i measc na dtríú Stát a ghlac rannpháirt sna cruinnithe comhordaithe a reáchtáladh sa bhliain 2015, ar grúpa é lena n-áirítear an Úcráin (6) agus an tSeirbia (5), chomh maith leis an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus Ceanada (4 araon). D'fhreastail Europol ar 99 cruinniú comhordaithe agus d'fhreastail OLAF ar chúig cinn díobh.

Cruinnithe comhordaithe



	Eagrúchán	Rannpháirteach
BE	13	48
BG	4	12
CZ	9	23
DK	6	17
DE	25	78
EE	7	8
IE	1	14
EL	2	8
ES	19	43
FR	53	36
HR	1	6
IT	25	26
CY	0	6
LV	7	12
LT	8	16
LU	0	8
HU	7	19
MT	2	1
NL	19	62
AT	7	16
PL	6	27
PT	2	11
RO	4	29
SI	1	6
SK	3	7
FI	4	10
SE	11	15
UK	28	69
CH	3	19
NO	2	14



1.2 Lárionaid chomhordaithe Eurojust

D'fheidhmigh Eurojust 13 lárionad comhordaithe sa bhliain 2015, ar mhéadú breise i gcomparáid le deich gcinn sa bhliain 2014 agus seacht gcinn sa bhliain 2013 é.

Deimhnítear leis an treocht sin go bhfuil aithne ag na húdaráis bhreithiúnacha agus forghníomhaithe dlí sna Ballstáit ar an uirlis chomhordaithe sin agus go gcuireann siad luach inti mar chuid den troid i gcoinne na coireachta tromchúisí trasteorann san Eoraip.

Éascaíonn lárionaid chomhordaithe Eurojust d'idirmhalartú faisnéise réadama i measc na n-údarás breithiúnach, agus cuireann sé ar a gcumas chun tacú go díreach le forghníomhú comhordaithe comhuaineach na mbarántas gabhála, na gcuardach agus na n-urghabhálacha *inter alia*, i dtíortha éagsúla.

Ba iad an Ghearmáin (4), an Iodáil (4), an Fhrainc (3), an tSualainn (1) agus an Ríocht Aontaithe (1) a d'eagraigh na trí lárionad comhordaithe dhéag. Baineadh tairbhe sna laethanta comhghníomhaithe úd ó rannpháirteachas gníomhach Ballstát eile, Stát le giúistisí idirchaidrimh ag Eurojust, ar nós Na hEilvéise agus Na hIorua, tríú Stát (m.sh. an Úcráin ag tráth amháin), agus Europol (5).

Díríodh iontu ar réimse leathan cineálacha coireachta, lenar áiríodh an chaimiléireacht agus an chalaois, an chibearchoireacht, an sciúradh airgid, smuigleáil inimirceach mídhleathacha agus THB, chomh maith leis an sceimhlitheoireacht den chéad uair.

Baineann oiriúnacht leis na lárionaid chomhordaithe go sonrach chun dul i ngleic le cásanna casta le laethanta gníomhaíochta iltaobhacha ar scála mór.

Bunaíodh trí lárionad comhordaithe sa chás calaoise CBL céanna ag aon tráth amháin anuraidh. Cuimsíodh ní ba mhó ná 200 beart trasteorann leis an gcás. Ghlac Údaráis náisiúnta ó 15 Ballstát agus Europol rannpháirt inti (*féach* Oibríocht Vertigo: súil ghéar, thíos).

Bunaíodh lárionad comhordaithe i gcreat cáis chalaoise tromchúisí cánach agus leabharchoimeádta sa tSualainn. I measc na gceachtanna a tugadh uaidh bhí aithint an ghá do threoirlínte nua i leith na nósanna imeachta le leanúint i ndáil le heisiúint EAWí sa tSualainn i gcomhair Údarás Coireachta Eacnamaíche na Sualainne, agus ba í Deasc na Sualainne ag Eurojust a dhréachtaigh na treoirlínte úd.



1.3 Córas Bainistíochta Cásanna Eurojust

Tacaítear le gníomhaíochtaí oibriúcháin Eurojust trí bhunachar sonraí saincheaptha - an CMS - atá deartha chun sonraí a bhaineann le cásanna a stóráil agus a phróiseáil, chomh maith le héascú do mhonatóireacht an chomhlíonta leis na rialacha do phróiseáil sonraí pearsanta.

Forbraíodh agus eisíodh dhá leagan uasghrádaithe den CMS sa bhliain 2015 chun a fheidhmiúlacht agus a fheidhmíocht oibriúcháin a fheabhsú. Simplítear leis na huasghráduithe sin an próiseas cumraíochta inmheánaí de na próifílí nua trí leas a bhaint as feidhmiúlacht an chórais reatha seachas bheith i dtuilleamaíocht na forbartha seachtraí. Is gné thábhachtach í sin, óir go bhforáiltear léi don fhéidearthacht chun rochtain ar an CMS a bhainistiú do ghrúpaí úsáideoirí éagsúla ar bhealach níos solúbtha, agus go dtacaítear léi dá réir sin do chur chun feidhm nascáil bhaill an ENCS ó gach aon Bhallstát leis an CMS, faoi mar a samhlaíodh in Airteagal 12 de Chinneadh Eurojust ón gComhairle.

D'éirigh ceangail líonra slána leis an Spáinn agus Lucsamburg i mbun oibriúcháin sa bhliain 2015, ag tabhairt líon iomlán na mBallstát le nascacht líonra shlán le Eurojust acu chuig 13. Ina theannta sin is amhlaidh a soláthraíodh nuashonrú tábhachtach leis an leagan ba dhéanaí den CMS chun ceadú do thaifeadadh chinntí na mBallstát ar bhunús Airteagal 19 de na rialacha nóis imeachta um próiseáil agus cosaint na sonraí pearsanta ag Eurojust (rialacha cosanta sonraí Eurojust).

Phléigh Coláiste Eurojust i mí an Mhárta 2015 breithmheas ar na chéad sé mhí d'fheidhmiú éifeachtach Chinneadh an Choláiste ó mhí an Mheithimh 2014 i leith ionsá sonraí sa CMS leis an sprioc chun caighdeáin iontrála sonraí comónta agus modh oibre aonfhoirmeach a shocrú arbh infheidhmithe do gach Deasc Náisiúnta Eurojust iad. D'aontaigh cúig Dheasc Náisiúnta chun rannpháirt a ghlacadh i dtástáil trialach breise agus chun tuairisciú don Choláiste faoi na ceachtanna a foghlaimíodh.

Thug an Coláiste aird faoi leith sa bhliain 2015 d'fheabhsú ionsá sonraí sa CMS agus d'fhorfheidhmiú Airteagal 19 de rialacha cosanta sonraí Eurojust chun comhlíonadh iomlán a chinntiú agus chun moltaí ó thuarascáil an JSB a fhorfheidhmiú tar éis na cuairte imscrúdaithe i mí Eanáir 2015. Phléigh an Coláiste an tuarascáil JSB agus bearta leantacha Eurojust do na moltaí ag cruinniú iomlánach i mí Mheán Fómhair 2015, le rannpháirteachas an JSB.



1.4 Eurojust agus JITí

Tá Eurojust tar éis a ról lárnach sna JITí a chomhdhlúthú, ó thaobh tacaíocht le bunú agus reáchtáil na JITí agus bailiú an tsaineolais araon.

Ba iad Baill Náisiúnta Eurojust a thacaigh le 120 JIT sa bhliain 2015, ar JIT nuachruthaithe 46 díobh.

Ba iad an sciúradh airgid, an chaimiléireacht agus an chalaois, an rannpháirteachas in eagras coiriúil, THB, an gháinneáil drugaí agus an chibearchoireacht na príomhchineálacha coireachta a fiosraíodh sna 46 JIT nuachruthaithe.

De bhun Airteagal 13(5) de Chinneadh Eurojust ón gComhairle is amhlaidh a chinnteoidh na Ballstáit go mbíonn na Baill Náisiúnta eolasach i leith bhunú na JITí agus i leith torthaí an tsaothair ag na foirne úd. Fuair Eurojust 17 fógra ina leith sin sa bhliain 2015.

Deimhnítear le cásobair Eurojust dlúthbhaint mhéadaitheach na dtríú Stát sna JITí a chonacthas thiar sa bhliain 2014. Thacaigh Eurojust le 11 JIT lenar bhain tríú stáit trí chéile, ar bunaíodh seachtar acu sa bhliain 2015. Tá líon méadaitheach tríú Stát ag breithniú na JITí mar uirlis éifeachtach anois don chomhoibriú, lena n-áirítear, inter alia, an tSeirbia, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus an Eilvéis (*féach* fo-chuid 2.3.3).

Chun na ceachtanna foghlaimíodh a dhréachtú ab amhlaidh a choinnigh Eurojust air – in éineacht le Gréasán na Saineolaithe JIT agus lena Rúnaíocht (féach Cuid 5.2 thíos) – air ag cur chun cinn agus ag éascú do bhreithmheas na JITí, trí mheán úsáid fhoirm bhreithmheasa na JITí. Ba í an fhoirm úd a céadeisíodh thiar sa bhliain 2014, a cuireadh ar fáil ar láithreán gréasáin Eurojust sa bhliain 2015, in éineacht le comhairle phraiticiúil i leith fheidhmiú an bhreithmheasa.

Reáchtáladh cruinnithe breithmheasa saintiomanta ag Eurojust nó sna Ballstáit le tacaíocht ó Eurojust. Deimhnítear le toradh na mbreithmheasanna úd úsáid fhorleathan na JITí ag cleachtóirí mar uirlis éifeachtúil agus éifeachtach chun fiosrúcháin agus ionchúisimh thrasteorann a chomhordú.

Bunaítear JITí i roinnt mhór cásanna idir níos mó ná dhá Stát - nach gcaitheann bheith ina Stáit is comharsana - agus tacaíonn siad le fiosrúchán réimse leathan

cineálacha coireachta. Aithnítear go forleathan solúbthacht na huirlise, go háirithe chun tacú le cumarsáid neamhfhoirmiúil agus le hidirmhalartú faisnéise agus fianaise, i measc na n-údarás náisiúnta inniúil.

Feictear rannpháirteachas na mball ar iasacht nuair a bhaintear leas as JIT éigin - ag oibriú lasmuigh dá Stát bunaidh - mar thairbhe d'éifeachtúlacht an fhiosrúcháin.

Dealraítear i móramh na gcásanna freisin go n-éascaíonn na JITí do chur chuige comónta i leith na cumarsáide leis na meáin faoi thoradh an fhiosrúcháin. I measc na ndúshlán a aithníodh, is féidir leis na héagsúlachtaí sna tráthchláir d'imeachtaí intíre - ar chúiseanna dlíthiúla agus praiticiúla - bac a chur le feidhmiú JIT éigin, mar shampla, má chaitheann ceann amháin de na comhpháirtithe an JIT a fhágáil sular comhlíonadh éilimh chomhoibrithe na gcomhpháirtithe eile.

Ó thaobh an dea-chleachtais de, is amhlaidh toisc gur minic arb ann do JITí maille le MLA, go háirithe i leith na Stát nach nglacann ballraíocht sa JIT, a thuairiscíonn cleachtóir go dtugtar buntáiste agus JIT bheith ar an bhfód d'fhorghníomhú tráthúil an iarratais chuig na Stáit iarrtha, chomh maith le fianaise a bailíodh trí mheán MLA a chomhroinnt idir na comhpháirtithe JIT.

Measadh breithmheas ar na huirlisí a forbraíodh sna chéad bhlianta d'fhorfheidhmiú na JITí (Lámhleabhar JITí, comhaontú eiseamláireach, Plean Gníomhaíochta Oibriúcháin JIT) de bheith úsáideach chun fíorú an bhfreagraíonn siad go fóill d'éilimh chleachtóra.

Ba é an breithmheas sin an príomhábhar ag an gcruinniú bliantúil de shaineolaithe JITí, a tharla ag Eurojust an 11 agus 12 Meitheamh 2015. Tugtar treoir neamhbhalbh le conclúidí an chruinnithe chun na huirlisí JIT a nuachóiriú agus chun a n-inrochtaineacht do chleachtóirí a fheabhsú. D'aontaigh na saineolaithe gur leordhóthanach agus solúbtha a dhóthain go fóill é an comhaontú eiseamláireach, agus tháinig siad chun na conclúide nach tosaíocht é athbhreithniú forleathan air.

D'aontaigh na saineolaithe go mba cheart Lámhleabhar na JITí a nuashonrú go cuimsitheach chun na ceachtanna a foghlaimíodh a áireamh leis. Ba chóir go dtiocfadh socruithe pleanála ní ba neamhfhoirmiúla in ionad an Phlean Ghníomhaíochta Oibriúcháin don JIT, m.sh. conclúidí na gcruinnithe comhordaithe.

Cistiú JIT Eurojust

Choinnigh Eurojust air ag soláthar tacaíocht airgeadais do na JITí. Deimhníodh eochair-ról Eurojust sa bhliain 2015 chun tacú le hoibríochtaí JIT trína chlár cistithe le fáil 144 iarratas do chistiú (bhain roinnt iarratas leis an JIT céanna, i gcomhair oibríochtaí thar na tréimhsí gnímh dá n-éis). Soláthraíodh tacaíocht airgeadais do

JITí le tacaíocht ó Eurojust, lena n-áirítear na príomhchineálacha coireachta



68 JIT (trí dheontas amháin nó roinnt deontas), ar tugadh tacaíocht den chéad uair do 36 acu sa bhliain 2015. B'fhiú EUR 500,000 buiséad Eurojust a leithdháileadh do chistiú na JITí sa bhliain 2015.

Is amhlaidh ón mbliain 2014 i leith ar féidir costais arna dtabhú ag tríú Stáit a chumhdach freisin. Ba chomhsheasmhach leis an treocht a chonacthas i gcásobair Eurojust í an chaoi a bhfuarthas 13 iarratas ó JITí lenar bhain Ballstáit an AE agus tríú Stáit araon sa bhliain 2015.

Tugadh isteach foirm iarratais idirghníomhach nua sa bhliain 2015, le gnéithe inti trína ligtear do thaisceadh níos fusa na n-iarratas, ar nós liostaí anuas, feidhmiúlachtaí áirimh, agus rialú uasteorainneacha ionsuite. Cuireadh síneadh le raon feidhme na mbeart cistithe le costais arna dtabhú go leantach tar éis an JIT a chumhdach, dá mbeadh ceangal díreach ag na costais úd leis na gníomhaíochtaí JIT, ar nós cruinniú leantach arna eagrú chun scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise a bhailigh an JIT, costais aistriúcháin na fianaise a bhailigh an fhoireann, nó aistriú fíoraisc arna rith i gceann amháin de na Stáit lena mbaineann.

Ina theannta sin, thug Coláiste Eurojust faomhadh do thionscadal lena n-áirítear forbairt uirlisí ar líne do thaisceadh iarratas cistithe agus bunachair shonraí chun sonraí a bhaineann le JIT a phróiseáil.

Léiriú Cáis

Nochtadh i bhfiosrúchán Francach calaois eagraithe sa CBL ar dhíol na ngluaisteán athláimhe, chomh maith leis an sciúradh airgid. Ba ghrúpa daoine Francacha a rinne na cionta agus iad ag oibriú sa Spáinn. Bhíothas ag díol na ngluaisteán ó sholáthróirí Gearmánacha le miondíoltóirí Francacha trí roinnt idirbheart le hidirghabhálaí samhailteach laistigh de chuideachtaí Francacha, Spáinneacha, Rómánacha, Iodálacha agus Portaingéileacha, bunaithe ar shonraisc bhrionnaithe, chun íoc CBL a sheachaint.

Thug na húdaráis Fhrancacha an cás chuig Eurojust, ar reáchtáladh cruinniú comhordaithe ina dhiaidh chun staid reatha na bhfiosrúchán a phlé agus chun an comhoibriú a bharrfheabhsú idir na húdaráis i gceist. D'fheidhmigh Eurojust mar idirghabhálaí d'éascú fhorfheidhmiú iliarratas MLA idir an Fhrainc agus an Spáinn, ar bhain ríthábhacht leis óir go raibh imeachtaí ar feitheamh sa Spáinn.

Nochtadh in anailís ar an eolas a idirmhalartaíodh idir na rannpháirtithe go raibh roinnt bacainní dlíthiúla ann, saincheist *ne bis in idem* fhéideartha go sonrach, de bharr fhorluí na spriocanna sa Fhrainc agus sa Spáinn. B'éigean comhordú maidir le cúiseanna na todhchaí agus raon feidhme na nósanna imeachta náisiúnta chun coinbhleacht dlínse a sheachaint ag céim níos déanaí de na himeachtaí. I bhfianaise na mbacainní úd, shínigh an Fhrainc agus an Spáinn comhaontú JIT i mí an Mheithimh 2014 chun éascú don chomhoibriú agus chun fianaise a idirmhalartú.

Ba mar thoradh ar fhiosrúcháin diana agus comhoibriú méadaithe idir na rannpháirtithe JIT a chuaigh na húdaráis forghníomhaithe dlí sa Spáinn agus sa Fhrainc i mbun comhghníomhartha i gcoinne an ghréasáin i mí Eanáir 2015, le tacaíocht ó lárionad comhordaithe ag Eurojust. Gabháladh naonúr is fiche daoine a rabhthas in amhras fúthu sa Spáinn, agus gabhadh beirt sa Fhrainc. Urghabháladh cáipéisí ilíocha i rith na gcuardach, inar nochtadh meastachán de EUR 20 milliún i gcistí sciúrtha.

Agus spreagadh ón gcéad ghníomh rathúil di, iarradh a thuilleadh tacaíochta ó Eurojust i leith síneadh an JIT, rud a d'fhóin chun idirmhalartú na fianaise a shimpliú mar chuid d'ullmhúchán do na himeachtaí cúirte le teacht aníos. D'aontaigh na baill den JIT le linn cruinnithe comhordaithe chun na himeachtaí a aistriú ón Spáinn chuig an bhFrainc do na cionta den sciúradh airgid agus rannpháirteachas in eagras coiriúil. Bhíothas chun díriú ar chionta calaoise cánach sa Spáinn.

D'aontaigh na rannpháirtithe mar thacaíocht do na himeachtaí sa Fhrainc go bhféadfadh imscrúdaitheoirí Francacha taisteal chun na Spáinne chun fianaise a bailíodh san fhiosrúchán Spáinneach a iniúchadh. D'aontaigh na húdaráis sa Fhrainc chun cúnamh a thabhairt dá gcomhghleacaithe Spáinneacha trí fhíschomhdháil a eagrú chun agallamh a chur ar bheirt dhaoine arna ndíotáil agus arna gcoinneáil sa Fhrainc.

Ghnóthaigh na húdaráis náisiúnta torthaí tábhachtacha sa chéim réamhthrialach dá n-imeachtaí trí leas éifeachtach a bhaint as na huirlisí comhoibrithe breithiúnacha seo a leanas: cruinnithe comhordaithe, lárionad comhordaithe agus JIT.

Cistiú Eurojust do JITí, Nollaig 2009 - Nollaig 2015



Eurojust and joint investigation teams

Eurojust plays a central role in the setting up and running of joint investigation teams (JITs), including judicial and legal expertise, financial support, follow-up to JIT activities and building up know-how.



Cuairt Inían Věra Jourová, An Coimisinéir don Cheartas, Tomhaltóirí & Comhionannas Inscne, ar Eurojust

Cruinniú le hAmbasadóirí Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus na dTríú Stát

Cuairt an Onóraigh Inían Loretta Lynch, Ard-Aighne na Stát Aontaithe, agus seimineár an AE-SAM um chur chun feidhme na gcomhaontuithe MLA agus eiseachadta

2015

Amlíne

4-5 Meitheamh An Háig
Seimineár straitéiseach um *Choinbhleachtaí dlínse* agus Fóram Comhairleach faoi Uachtaránacht na Laitvia ar an AE

20 Bealtaine An Háig
Cruinniú faoin bpíoráideacht mhuirí

5 Meitheamh An Háig
Tugann Iníon Věra Jourová, An Coimisinéir don Cheartas, Tomhaltóirí & Comhionannas Inscne, cuairt ar Eurojust

2 Márta An Háig
Faightear Iníon Maria Schnebli ar iasacht do Eurojust mar an Chéad Ionchúisitheoir Idirchaidrimh don Eilvéis

EANÁIR | FEABHRA | MÁRTA | AIBREÁN | BEALTAINE | MEITHEAMH

16-17 Aibreán An Háig
Cruinniú straitéiseach um *an nGáinneáil ar Dhaoine*

21 Aibreán An Háig
Atoghann an Coláiste Iníon Michèle Coninsx mar Uachtarán Eurojust

22-23 Aibreán An Háig
An 18ú cruinniú den Ghréasán Cinedhíothaithe

11-12 Meitheamh An Háig
An 11ú cruinniú bliantúil de shaineolaithe náisiúnta JITí

17-18 Meitheamh An Háig
Cruinniú faoin *gComhoibriú breithiúnach i mór-imeachtaí spóirt*

24-25 Meitheamh An Háig
Cruinniú straitéiseach agus oirbheartaíochta faoin *Sceimhlitheoireacht*

29-30 Meitheamh Ríge
An 44ú cruinniú iomlánach den EJN

15 Meán Fómhair An Háig
Tugann an tOnórach Loretta Lynch, Ard-Aighne SAM, cuairt ar Eurojust

23 Meán Fómhair An Háig
Cruinniú le hAmbasadóirí Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus na dtríú Stát

25 Samhain An Háig
Cruinniú faoin *gCibearchoireacht: I dTreo Gréasáin Bhreithniúnaigh um Chibearchoireacht*

18-19 Samhain Lucsamburg
An 45ú cruinniú iomlánach den EJN

IÚIL | LÚNASA | MEÁN FÓMHQAIR | DEIREADH FÓMHQAIR | SAMHAIN | NOLLAIG

1 Iúil An Háig
Glacann an tUas. Lodewijk Van Zwieten, Saineolaí Eurojust faoin gCibearchoireacht le EC3, lena chuid dualgas

1 Deireadh Fómhair An Róimh
Síniú Litir Comhthuisceana le NAVFOR AE MED

10-11 Nollaig An Háig
Ceardlann faoin *gCoinneáil Sonraí* agus Fóram Comhairleach faoi Uachtaránacht Lucsamburg an AE

1 Iúil An Háig
Cruinniú oirbheartaíochta faoin *gCibearchoireacht: an críochachas sa chibearspás agus inghlacthacht na fianaise*

8-9 Deireadh Fómhair An Háig
Seimineár idr an tAE-SAM, *Forfheidhmiú na gComhaontuithe Cúnaimh Dhlíthiúil Fhrithpháirtigh agus Eiseachadta idir an tAE agus SAM*

21-22 Deireadh Fómhair An Háig
An 19ú cruinniú den Ghréasán Cinedhíothaithe

Cásobair Eurojust

2

EMPACT

D'fhreastail Eurojust ar 42 cruinniú EMPACT agus rannchuir go gníomhach leis na gníomhaíochtaí a rinneadh sa bhliain 2015 laistigh de chreatlach na bPleananna Gníomhaíochta Oibriúcháin (OAPí) i ngach aon limistéar tosaíochta coireachta EMPACT: éascú don inimirce mhídhleathach; THB; earraí góchumtha; calaois mháil agus MTIC; hearóin, drugaí sintéiseacha agus cócaon; gáinneáil arm tine aindleathach; OPC; agus an chibearchoireacht;

I gcomhthéacs OAPí na bliana 2015, ghlac Eurojust rannpháirt i roinnt cúrsaí CEPOL, ag a ndearna sé láithreoireachtaí faoina shaothar i roinnt limistéar coireachta, ar nós na gáinneála drugaí (cócaon agus hearóin). Ina theannta sin ab amhlaidh a ghlac Eurojust rannpháirt i bhforbairt, ullmhú agus dréachtú na nOAP don bhliain 2016.

I gcomhréir leis an gcomhsheasamh i leith rannpháirt Eurojust sna hOAPí ar ghlac an Coláiste leo sa bhliain 2013 ab amhlaidh a rannchuir Eurojust, mar (chomh-) c(h)eannaire nó mar rannpháirtí, le 49 beart a ndeachthas ina mbun chun fiosrúcháin agus ionchúisimh chomhordaithe a mhéadú laistigh de na hOAPí. Bhain rannchur eolais don tuairisciú staide faisnéise, aithint spriocanna ardluacha nó OCGí, nó tacaíocht le fiosrúcháin agus le hionchúisimh leis na bearta úd.

Thacaigh Eurojust freisin le gníomhaíochtaí OAP chun líon na bhfiosrúchán airgeadais a mhéadú thar roinnt tosaíochtaí EMPACT.

Ghlac Eurojust rannpháirt sna bearta OAP chun feasacht a chruthú nó a spreagadh, go háirithe trí shainaithint na n-éileamh oiliúna do bhreithiúna agus ionchúisitheoirí sna limistéir thosaíochta EMPACT ar nós na cibearchoireachta. Thacaigh Eurojust leis na gníomhaíochtaí chun na pointí teagmhála breithiúnacha a aithint sna tríú Stáit ábhartha sna tosaíochtaí EMPACT.

Ba é Eurojust an ceannaire gníomhaíochta laistigh de na OAPí a cuireadh chun feidhme i réimse na hearóine, na ndrugaí sintéiseacha agus an chócaoin; agus ba é an comhcheannaire sna bearta a dearadh chun bealaí éalaithe dlíthiúla a aithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu i réimse tosaíochta an OPC.

Ar deireadh, bhí baint ag Eurojust leis na gníomhaíochtaí oibriúcháin a rinneadh laistigh de na fo-thionscadail ETUTU (chun íospartaigh ghnáinneáilte Nígéireacha a aithint agus chun faisnéis a fháil uathu) agus THB Síneach (atá deartha chun díriú ar Shínigh le nasc coiriúil ach leis an ngáinneáil daoine) a rinneadh laistigh den limistéar tosaíochta coireachta THB de chuid EMPACT.

An Clár Eorpach um an tSlándáil

Beartaítear tosaíocht an Chláir Eorpaigh um Shlándáil do na blianta 2015-2020 sa sceimhlitheoireacht, cibearchoireacht agus coireacht eagraithe mar limistéir idirnasctha le gné láidir trasteorann ina dteastaíonn beart comhordaithe ón AE, lena n-áirítear ag leibhéal breithiúnach.

Is sa Chlár Eorpach um an tSlándáil a leagtar amach na colúin do bheart an AE, lena n-áirítear idirmhalartú eolais níos fearr agus comhoibriú oibriúcháin mhéadaithe. Leagtar béim shonrach ar ról Eurojust i gceithre limistéar gníomhaíochta: (i) cúnamh a thabhairt do na Ballstáit in iarratais MLA casta le tíortha lasmuigh den Aontas Eorpach, go háirithe trí ghréasán na bpointí teagmhála Eurojust; (ii) bheith lánbhainteach le gníomhaíochtaí an Lárionaid Frithsceimhlitheoireachta Eorpaigh (ECTC) ag Europol chun comhordú na bhfiosrúchán agus na n-ionchúiseamh a fheabhsú; (iii) níos mó saineolais agus cúnaimh a thairiscint do na húdaráis náisiúnta nuair a bhítear i mbun fiosrúchán airgeadais; agus (iv) leanúint ar aghaidh ag éascú d'idirmhalartú an dea-chleachtais agus do shainaithint na ndúshlán os comhair bhailiú agus úsáid na ríomhfhianaise sna fiosrúcháin agus ionchúisimh ar choireanna trí mheán an Idirlín.

An Clár Eorpach um an Imirce

Is comhlánú é an Clár Eorpach um an Imirce don Chlár Eorpach um an tSlándáil trí leagan amach phleananna an Choimisiúin Eorpaigh do bhearta reachtúla agus neamhreachtúla araon i limistéar na himirce. Sainaithnítear sa Chlár Eorpach um an Imirce agus i bPlean Gníomhaíochta an AE i gcoinne Smuigleáil Imirceach an troid i gcoinne smuigleáil na n-inimirceach mídhleathach mar thosaíocht don AE, agus féachtar iontu chun gréasán smuigleála inimirceach mídhleathach a thiontú ó oibríochtaí 'priacal íseal, toradh ard' ina n-oibríochtaí 'priacal ard, toradh íseal'.

Ceaptar eochair-ról do Eurojust, in éindí le Europol, chun cúnamh leis na Ballstáit chun na gréasáin smuigleála agus gáinneála a bhaint dá gcéile. Ina theannta sin is amhlaidh a iarradh ar Eurojust chun grúpa téamach a bhunú i leith smuigleáil na n-imirceach, neartú an chomhoibrithe idir ionchúisitheoirí agus chun MLA a fheabhsú, tacú le JITí i limistéar smuigleáil na n-imirceach, bheith rannpháirteach i Láithreach Ardbhrú, rannchur le saothar na Comhfhoirne Oibriúcháin (JOT) Mare agus éascú d'idirmhalartú an dea-chleachtais agus na ndúshlán i mbailiú agus in úsáid na ríomhfhianaise sna cásanna smuigleála imirceach.

2.1 Cásobair Eurojust in eochairlimistéir choireachta

Freagraíonn tosaíochtaí oibriúcháin Eurojust go mór leo siúd de chuid an Aontais Eorpaigh sa troid i gcoinne na coireachta tromchúisí agus eagraithe, faoi mar a fhoráiltear le Comhairle an AE. Mar eagras arna stiúradh ag an éileamh is amhlaidh a áirítear le tosaíochtaí Eurojust freisin roinnt cineálacha coireachta nár socraíodh mar thosaíochtaí i dtimthriall beartais an AE, eadhon an chaimiléireacht agus an sceimhlitheoireacht.



Staitisticí Foriomlána

Coireacht tosaíochta	Cásanna		Cruinnithe comhordaithe		JITí	
	2014	2015	2014	2015	2014	2015
An Sceimhlitheoireacht	14	41	4	15	2	3
An Chibearchoireacht	42	62	15	19	6	11
Smuigleáil inimirceach mídhleathach	32	60	10	20	9	9
THB	71	79	12	32	18	21
An Chalaois	560	647	60	76	32	34
An Chaimiléireacht	55	90	9	10	4	4
Gáinneáil ar Dhrugaí	283	274	52	57	31	25
MOCGí	128	201	13	21	13	13

2.1.1 An Sceimhlitheoireacht

Chonacthas méadú i líon na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta sa bhliain 2015 a beartaíodh nó a rinneadh ar thalamh na hEorpa, agus aithníodh an bhagairt dhomhanda a bhaineann leis na FTFí. Léiríodh i ngníomhaíochtaí oibriúcháin agus straitéiseacha Eurojust i limistéar na frithsceimhlitheoireachta an gá chun cumas na mBallstát a neartú chun troid i gcoinne na sceimhlitheoireachta ar bhealach comónta, éifeachtach agus comhordaithe.

Deimhnítear sna figiúirí a bailíodh ón gcásobair sa bhliain 2015 go mbraitheann na Ballstáit níos mó de réir a chéile ar thacaíocht Eurojust chun aghaidh a

thabhairt ar shaincheisteanna agus chun iad a réiteach sa chomhoibriú breithiúnach um chásanna sceimhlitheoireachta casta. Is mó líon na gcásanna a cláraíodh sa bhliain 2015 (41) beagnach faoi thrí an líon ón mbliain 2014. D'eagraigh Eurojust 15 cruinniú comhordaithe lenar bhain cionta gaolmhara leis an sceimhlitheoireacht, ar bheagnach ceithre huaire an lín ón mbliain 2014 é, agus bhí 3 JIT gníomhach. Ina theannta sin is amhlaidh a d'eagraigh Eurojust an chéad lárionad comhordaithe aige i gcás sceimhlitheoireachta. Ba ón mBeilg, ón bhFrainc agus ón Iodáil a tháinig an chuid ba mhó de na cásanna sceimhlitheoireachta. Ba iad an Bheilg, an Fhrainc agus an Ríocht Aontaithe ba mhinice a iarradh.

Taifeadadh méadú mór san eolas ar ionchúisimh agus ciontuithe as cionta sceimhlitheoireachta le Eurojust de bhun Chinneadh 2005/671/JHA ón gComhairle. Comhroinneadh eolas i leith ionchúiseamh as cionta sceimhlitheoireachta le Eurojust 104 uair, i gcomparáid le 30 uair sa bhliain 2014. Tháinig méadú comhchosúil leis sin ar líon na n-imeachtaí cúirte a bhain leis an sceimhlitheoireacht a tugadh chun críche agus a tuairiscíodh chuig Eurojust chuig 217 ó 180 sa bhliain 2014.

Cruinniú straitéiseach faoin sceimhlitheoireacht

Reáchtáladh an 11ú cruinniú straitéiseach bliantúil de na comhfhreagróirí náisiúnta do Eurojust an 25 Meitheamh i leith cúrsaí sceimhlitheoireachta. Chuir an Coimisiún Eorpach na tosaíochtaí a sainaithníodh sa Chlár Eorpach um an tSlándáil i láthair, agus leag sé béim ar an tábhacht a bhaineann le dlúthbhaint Eurojust i dtionscnaimh ag leibhéal an AE chun cur i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus chun aghaidh a thabhairt ar an radacú.

Tháinig comhphlé painéil i ndiaidh na láithreoireachta i leith forbairtí sa chreatlach dhlíthiúil náisiúnta agus de chuid an AE chun comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus i leith spriocanna inghnóthaithe frithsceimhlitheoireachta Eurojust arna bhforbairt dá n-úsáid ag cleachtóirí. Is ionann na spriocanna inghnóthaithe úd agus *TCM, Lámhleabhar CBRN-E,* an *MPJM* agus an *Meabhrán um Airgeadú Sceimhlitheoirí.*

Rinne Eurojust anailís freisin ar chinneadh breithiúnach Beilgeach lenar bhain gréasán earcaíochta FTF. Foilsíodh an anailís, ar meas na cleachtóirí fúithi gur rí-úsáideach agus spreagthach í, ar leithligh mar cháipéis le Eurojust le rochtain theoranta agus arna comhroinnt leis na comhfhreagróirí náisiúnta do Eurojust i leith cúrsaí sceimhlitheoireachta.

Léiriú Cáis

Bhíothas ag imscrúdú eagrais sceimhlitheoireachta darbh ainm *Rawti Shax* nó *Didi Nwe* ('an cúrsa nua' nó 'chun an tsléibhe') ón mbliain 2007 i leith i roinnt tíortha Eorpacha, lena n-áirítear an Iodáil, an Eilvéis agus an Ghearmáin. Is éabhlóidiú atá san eagras ar Ansar Al Islam, atá ar liosta na NA mar eagras sceimhlitheoireachta cleamhnaithe le hAl-Qaeda, agus ar cuireadh faoi choinneáil a cheannair san Iorua as ilbhagairtí báis a dhéanamh i gcoinne polaiteoirí Ioruacha. Is éard is príomhchuspóir le *Rawti Shax* ná rialtas Cordach na hIaráice reatha a thonnbhriseadh go foréigneach agus cailifeacht arna rialú leis an dlí Sharia a chur ina ionad.

Fuair an t-imscrúdú Iodálach fianaise go bhfuil *Rawti Shax* fréamhaithe san Eoraip, le buíonta ag cumarsáid agus ag feidhmiú trí mheán an Idirlín, agus le struchtúr atá gníomhach go háirithe sa Ghearmáin, san Eilvéis, sa Ríocht Aontaithe, san Fhionlainn, san Iodáil, sa Ghréig, sa tSualainn, san Iorua, san Iaráic, san Iaráin agus sa tSiria. D'éirigh an bhuíon gníomhach de réir mar a tháinig forbairt air chun tacaíochta lóistíochtúla agus airgeadais a sholáthar chun FTFí a earcú lena seoladh chun na Siria agus na hIaráice, leis an rún freisin chun oiliúint a chur orthu don choinbhleacht amach anseo sa Chordastáin.

Thacaigh Eurojust le gníomhaíochtaí breithiúnacha idirnáisiúnta sa chás sin ón mbliain 2011 i leith. D'eagraigh Eurojust dhá chruinniú comhordaithe chun éascú d'idirmhalartú faisnéise i measc na n-údarás inniúil agus d'fhorghníomhú na n-iarratas MLA. Nochtadh de réir a chéile struchtúr agus oibríochtaí an eagrais sceimhlitheoireachta sin i rith na gcruinnithe agus rinne na Ballstáit lena mbaineann plé ar an straitéis agus an freagra breithiúnach comónta ab éifeachtúla.

Rinne Eurojust anailís ar go leor faisnéise ón imscrúdú Iodálach thar roinnt míonna sa bhliain 2015 chun na gnéithe ba thábhachtaí do na Ballstáit lena mbaineann a shainaithint, sa tsúil chun lá gnímh chomónta a eagrú. Baineadh leas as ceann amháin de na cruinnithe comhordaithe d'ullmhú an chomhghnímh, chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir le forghníomhú na mbeart breithiúnach iarrtha, lenar áiríodh sainaithint na n-údarás inniúil, agus foirmliú na nEAW,

nósanna imeachta eiseachadta, srl. Athbhreithníodh ceanglais dlíthiúla agus teicniúla na n-iarratas úd chun forghníomhú tráthúil na n-iarratas MLA éagsúla a chinntiú.

Bunaíodh lárionad comhordaithe ag Eurojust i rith an lae ghnímh chomónta i mí na Samhna 2015. Gabhadh 13 ceannaire is amhrastach agus roinnt ball de *Rawti Shax* san iomlán san Iodáil, san Iorua agus sa Ríocht Aontaithe. Cúisíodh deichniúr daoine gafa leis an sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta i gcomhréir le dlí na hIodáile. Ina theannta sin ab amhlaidh a rinne na húdaráis Iodálacha, Gearmánacha, Fionlannacha, Ioruacha, Eilvéiseacha agus Briotanacha cuardaigh ar 26 áitreabh agus urghabhadh míreanna, lenar áiríodh gairis leictreonacha agus cáipéisí. Níorbh fhéidir roinnt amhrastach a aimsiú, óir gur creideadh go ndeachaigh siad chuan ballraíocht a ghlacadh le heagrais jiohádacha (eadhon ISIS agus al Nusra) mar FTFí.

I bhfianaise na nósanna imeachta leanúnacha um thabhairt suas an triúir ón Ríocht Aontaithe agus na n-iarratas eisceachadta chun na hIorua, is amhlaidh a leanfar ar aghaidh le cúnamh Eurojust sa bhliain 2016. Cuirfear duine amháin de na hamhrastaigh ar a dtriail san Iorua óir gur saoránach de chuid na hIorua iad, nach dtiocfaidh faoi réir eiseachadta dá réir (faoin bprionsabal *aut dedere aut iudicare*). Táthar ag samhlú a thuilleadh comhoibrithe bhreithiúnaigh, chun nósanna imeachta rathúla i gcoinne an amhrastaigh seo agus amhrastach eile a chumhdach.

Áirítear leis an eolas a idirmhalartaíodh le Eurojust naisc chuig cásanna ábhartha eile, iarratais MLA agus lena bhforghníomhú. Éascaíonn an chomhroinnt eolais mhéadaithe ar bhonn rialta agus ar bhealach tráthúil agus córasach do shaothar Eurojust chun forbhreathnú a sholáthar ar na dúshláin agus an dea-chleachtas a bhaineann le hionchúisimh agus ciontuithe as cionta sceimhlitheoireachta; agus saibhríonn sí anailís Eurojust ar na freagraí breithiúnach don sceimhlitheoireacht, a chomhroinntear leis na Ballstáit trí mheán *Mhonatóir na gCiontuithe Sceimhlitheoireachta*. Ina theannta sin, agus mar bheart leantach do Chonclúidí na Comhairle i leith fhreagra an cheartais choiriúil don radacú óna dtagann an sceimhlitheoireacht; bheadh Eurojust in ann monatóireacht a dhéanamh ar úsáid na malairtí don ionchúiseamh agus don choinneáil, agus chun rannchur dá réir le forbairt beartais choiriúil maidir leis na FTFí.

Feidhmíonn an gréasán comhfhreagróirí náisiúnta do Eurojust i gcomhair cúrsaí sceimhlitheoireachta mar an príomhphointe teagmhála chun éascú don chomhoibriú breithiúnach, agus cinntítear leis go gcomhroinntear an t-eolas i ndáil leis na hionchúisimh agus ciontuithe sceimhlitheoireachta le Eurojust. Cuimsíonn an gréasán comhfhreagróirí náisiúnta, atá gníomhach ón mbliain 2005 i leith ar a laghad ionadaí amháin arna gceapadh ag gach Ballstát, chomh maith le pointí teagmhála arna n-ainmniú ag an Iorua, SAM agus an Eilvéis ó mhí Mheán Fómhair 2015.

Táirgeadh an tríú tuarascáil le Eurojust, *Trodairí Sceimhlitheoireachta Eachtracha: Tuairimí Eurojust ina leith agus i leith an Fhreagra Ceartais Choiriúil* (arna haicmiú mar AE Srianta), i mí na Samhna 2015. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid chruinniú na Comhairle JHA an 3-4 Nollaig 2015 le moltaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sna fiosrúcháin agus ionchúisimh agus chun leas iomlán a bhaint as uirlisí comhordaithe Eurojust i gcásanna casta trasteorann lena mbaineann FTFí.

Forbraítear sa tuarascáil na torthaí agus na moltaí a fhaightear sa dá thuarascáil roimhe sin le Eurojust faoi na FTFí, ó mhí na Samhna 2013 agus mí na Samhna 2014 trí chomhtháthú rannchur ó chleachtóirí a fuarthas mar fhreagra don cheistneoir leantach Eurojust i leith an fhreagra bhreithiúnaigh do na FTFí a seoladh i mí an Mhárta 2015 chuig gach comhfhreagróir náisiúnta do Eurojust i leith cúrsaí sceimhlitheoireachta chomh maith le Giúistisí Idirchaidrimh Eurojust ón Iorua, ón Eilvéis agus ó SAM. Foilsíodh achoimre de phríomhthorthaí an dara tuarascáil Eurojust faoi FTFí ó mhí na Samhna 2014 mar cháipéis Eurojust le rochtain theoranta ní ba luaithe sa bhliain 2015.

Bhí baint ghníomhach ag Eurojust anuraidh le go leor de na comhphléanna agus tionscnaimh a reáchtáladh ag leibhéal an AE chun bealaí féideartha a aithint chun an freagra breithiúnach don sceimhlitheoireacht a neartú. Leag Uachtarán Eurojust an bhéim sna *fóraim éagsúla ar an ngá do* chur chuige comónta agus cuimsitheach ar fud an AE, ag comhtháthú réimse forleathan beartais ildisciplíneach, meicníochtaí agus uirlisí chun éifeachtúlacht na bhfreagraí náisúnta don fheiniméan FTF a fheabhsú.

Lámhleabhar CBRN-E

Is i *Lámhleabhar CBRN-E* a sholáthraítear saintacaíocht dhlíthiúil ilearnálach do chleachtóirí ón AE i leith imscrúduithe agus ionchúiseamh i ndáil le coireanna trasnáisiúnta lenar bhain substaintí agus pléascáin cheimiceacha, bitheolaíochta, raideolaíocha agus núicléacha (CBRN-E). Is ann a fhaightear forbhreathnú ar an reachtaíocht is ábhartha de chuid an AE agus go hidirnáisiúnta ina bpléitear le CBRN-E, chomh maith le haonáin fornáisiúnta, córais agus bunachair shonraí i limistéar an CBRN-E.

Nuashonraítear an *Lámhleabhar* go rialta. Táirgeadh an ceathrú leagan de i mí an Mheithimh 2015.

Cruinniú oirbheartaíochta um sceimhlitheoireacht

Reáchtáil Eurojust an tríú cruinniú oirbheartaíochta um FTFí idir 24-25 Meitheamh, *Chun freagra breithiúnach comónta a fháil i leith trodairí eachtracha*. D'fhreastail na comhfhreagróirí náisiúnta do Eurojust ar an gcruinniú i gcomhair cúrsaí sceimhlitheoireachta, ionadaithe ó na húdaráis forghníomhaithe breithiúnacha agus dlíthiúla náisiúnta ó na Ballstáit, ón Albáin, ón mBoisnia agus an Heirseagaivéin, ó Mhontainéagró, ón Iorua, ón tSeirbia, ón Eilvéis, ón Tuirc agus ó SAM chomh maith le hionadaithe ó Oifig Chomhordaitheoir Frith-Sceimhlitheoireachta an AE, ó Europol, ó INTERPOL agus ó Frontex.

Tugadh léargas sa chruinniú do chleachtóirí i leith feiniméan sonrach, eagras sceimhlitheoireachta, *modi operandi* agus saincheisteanna nóis imeachta nó comhoibrithe bhreithiúnaigh, agus soláthraíodh fóram leis d'idirmhalartú taithí agus dea-chleachtais i measc cleachtóirí ag imscrúdú agus ag ionchúiseamh cásanna FTF laistigh agus lasmuigh den Eoraip.

Ba iad na hábhair ar tugadh aghaidh orthu freagra an cheartais choiriúil san AE do na FTFí, an comhoibriú breithiúnach feabhsaithe le tríú Stáit, agus dúshláin agus ceachtanna ó ionchúisimh FTF: Pléadh leordhóthanacht na creatlaí dlíthiúla, bailiú agus inghlacthacht na ríomhfhianaise, imscrúduithe airgeadais, ionstraimí don chomhoibriú breithiúnach, freagraí ceartais choiriúil don radacú, cur chuige breithiúnach do theifigh fhillte agus idirmhalartú eolais. Soláthraíodh na dearcthaí náisiúnta ó láithreoireachtaí um ionchúisimh FTF sna Ballstáit agus sna tríú Stáit. Pléadh leis an gcás céanna i dtrí cinn de na ceardlanna, agus cuireadh na torthaí i láthair agus pléadh iad i rith an tseisiúin iomlánaigh agus comhtháthaíodh leis an tríú tuarascáil le Eurojust, Trodairí Eachtracha Sceimhlitheoireachta: Tuairimí Eurojust i leith an fheiniméin agus i leith an Fhreagra Ceartais Choiriúil arna n-eisiúint i mí na Samhna 2015.

Laistigh de chreatlach Ghréasán na nGníomhaireachtaí JHA, is amhlaidh a chuir na Gníomhaireachtaí in iúl dá chéile faoina n-uirlisí/mbearta atá i bhfeidhm i gcoinne FTF. Tuairiscíonn Eurojust go rialta do Chomhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an AE i leith fhorfheidhmiú ghníomhartha Eurojust sa troid i gcoinne na sceimhlitheoireachta. Bhí baint ag Eurojust den chéad uair sa bhliain 2015 le fócasphointe Europol a bhaineann leis an bhfrithsceimhlitheoireacht, Taistealaithe FP.

Lean Eurojust ar aghaidh ag beartú tosaíochta do neartú an chomhoibrithe le tríú Stáit chun a chúnamh do na húdaráis náisiúnta a mhéadú ina gcuid imscrúduithe agus ionchúiseamh. Tháinig méadú as cuimse sa bhliain 2015 ar leibhéal an chomhoibrithe oibriúcháin le tríú Stáit sna cásanna sceimhlitheoireachta arna n-éascú ag Eurojust. Mar shampla, méadaíodh líon na gcásanna sceimhlitheoireachta (10) lenar bhain tríú Stáit ní ba mhó ná faoi thrí i gcomparáid leis an mbliain anuraidh.

Tá Eurojust ag oibriú go gníomhach chun comhoibriú a fheabhsú le tíortha i réigiún an Mheán-Oirthir agus Thuaisceart na hAfraice (MENA). Baineann tábhacht le formhéadú ghréasán pointí teagmhála Eurojust sa réigiún sin chun éascú dá shaothar sa troid i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus na coireachta eagraithe. Thug Eurojust cuireadh do thíortha sa réigiún MENA an 21 Iúil 2015 chun pointí teagmhála Eurojust a cheapadh, lenar áiríodh pointe teagmhála Eurojust do chúrsaí frithsceimhlitheoireachta. Tar éis na litreacha cuiridh úd is amhlaidh atáthar tar éis pointí teagmhála do Eurojust a ainmniú don Liobáin, don Iordáin, don Araib Shádach agus d'Údarás na Palaistíne, i dteannta leo siúd atá ceaptha cheana féin san Éigipt, in Iosrael agus sa Túinéis.

Monatóir um Chiontuithe Sceimhlitheoireachta

Is cáipéis de chuid Eurojust í an TCM le rochtain theoranta uirthi, a leithdháiltear go sonrach ar ionchúisitheoirí agus breithiúna a phléann le cásanna sceimhlitheoireacht agus foilsítear í go rialta ón mbliain 2008 i leith. Soláthraítear forbhreathnú rialta inti ar chiontuithe agus éigiontuithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht ar fud an Aontais Eorpaigh, nuashonruithe dlíthiúla, chomh maith le hanailís bhreithiúnach ar na breitheanna ábhartha.

Bunaítear an *TCM* ar fhaisnéis d'fhoinse oscailte agus ar fhaisnéis i leith ciontuithe i gcionta sceimhlitheora arna soláthar ag na húdaráis náisiúnta i bhforfheidhmiú Chinneadh 2005/671/JHA ón gComhairle. Áiríodh leis na caibidlí anailíseacha de na heagráin a táirgeadh sa bhliain 2015 anailís ar bhreitheanna arna dtabhairt ag na cúirteanna sa Ghearmáin, san Ísiltír, san Iorua agus sa Ríocht Aontaithe maidir le FTFí.

Ina theannta sin is amhlaidh a áirítear leis an *TCM* achoimre de na príomhphointí den Chlár Eorpach um an tSlándáil, chomh maith leis an bProtocal Breise le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Chosc na Sceimhlitheoireachta, le Forógra Polaitiúil agus le Plean Gníomhaíochta.

Meabhrán um Airgeadú Sceimhlitheoirí

Is cáipéis de chuid Eurojust é an Meabhrán um Airgeadú Sceimhlitheoirí le rochtain theoranta uirthi ina bhfaightear forbhreathnú ar na hionstraimí dlíthiúla agus na caighdeáin a ghlactar ag na leibhéil idirnáisiúnta agus an AE chun comhrac i gcoinne airgeadú sceimhlitheoirí, ina soláthraítear achoimre dá bhforálacha. Is sa Mheabhrán freisin a chuirtear i láthair cásobair Eurojust chun plé leis an airgeadú sceimhlitheoirí agus a chuirtear chun suntais dlúthbhaint Eurojust sa chomhoibriú breithiúnach chun comhrac i gcoinne airgeadú sceimhlitheoirí. Céadeisíodh an Meabhrán ar dtús thiar sa bhliain 2006 agus nuashonraítear é gach trí bliana, leis an nuashonrú ba dheireanaí i Meitheamh 2014.

2.1.2 An Chibearchoireacht

Is coireacht gan teorainn atá sa chibearchoireacht. Féadann an fhianaise leictreonach de na coireanna úd bheith deacair chun bailiú de bharr luaineacht na sonraí, agus d'fhéadfadh saineolas sonrach bheith uaithi. Is bunriachtanas é an comhoibriú breithiúnach chun caomhnú tráthúil na fianaise leictreonaí a chinntiú, rud a chinntíonn a hinghlacthacht sna himeachtaí breithiúnacha. Is féidir leis na héagsúlachtaí nach beag idir na creatlacha dlíthiúla intíre agus na coinbhleachtaí dlínse bheith ina mbac don chomhoibriú breithiúnach idirnáisiúnta (m.sh. maidir le coiriúlú an iompair nó le heasnamh reachtaíochta um choinneáil sonraí)

Ba os coinne an chúlra sin a dhírigh Eurojust ní ba mhó ar chomhrac na cibearchoireachta sa tsúil chun an comhoibriú breithiúnach sa réimse sin a neartú, go háirithe trí: éascú do láimhseáil thapa na n-iarratas MLA – fachtóir ríthábhachtach chun luaineacht na sonraí a chothromú agus chun na bearnaí a líonadh ó chur chun feidhme na rialacha intíre éagsúla um choinneáil sonraí; agus chun ligean do dhlúthbhaint luath na mbreithiúna in oibríochtaí cibearchoireachta, chun a chinntiú go mbailítear na sonraí i gcomhréir leis na rialacha is infheidhmithe i rith na céime imscrúdaithe agus is féidir iad a thairiscint mar ríomhfhianaise inghlactha dá réir sna himeachtaí breithiúnacha dá éis.

Léirítear saindíriú méadaithe Eurojust ar an gcibearchoireacht sa chásobair agus sna gníomhaíochtaí straitéiseacha a rinneadh sa bhliain 2015.

Taispeántar sna táscairí staitisticiúla mór go léir – líon na gcásanna cláraithe (62), cruinnithe comhordaithe (19), lárionad comhordaithe (1) agus JITí (11, le seisear acu nua-bhunaithe) – an forás i ndlúthbhaint oibriúcháin Eurojust sa chineál coireachta seo i gcomparáid leis na

Léiriú Cáis

Ba OCG mórscála, a dtagann na baill de ón Nígéir agus ón gCamarún den chuid is mó, a bhí freagrach as calaois fioscaireachta idirlín a dhéanamh de mheastachán EUR 6 milliún. Bhain an gréasán coiriúil sin leas as modh 'an fear sa lár', chun cistí a atreorú ó spriocanna dlisteanacha chuig spriocanna mídhlisteanacha trí rochtain a fháil ar phasfhocail agus ar shonraí pearsanta chun úinéireacht a shealbhú ar chuntais ríomhphoist íospartach ionas gur féidir airgead a fháil uathu agus/óna gcuid custaiméirí.

Aithníodh déantóirí agus íospartaigh na coire i 16 ionad ar fud an domhain ar a laghad. Thiontaigh na húdaráis bhreithiúnacha san Iodáil, sa Spáinn agus sa Pholainn chuig Eurojust i gcomhair tacaíochta. Reáchtáladh trí chruinniú comhordaithe chun mionsonraí na n-imscrúduithe intíre reatha a shoiléiriú agus chun faisnéis a idirmhalartú. Nochtadh sna himeachtaí comhthreomhara san Iodáil agus sa Spáinn go raibh na daoine aonair a ndearnadh imscrúdú orthu mar chuid de bhuíonta le struchtúr cisealach, le hidirghníomhuithe luaineacha agus solúbtha idir na gréasáin iad féin. I bhfianaise na nasc dlúth sin, aithníodh dúshláin do na húdaráis ionchúisithe intíre i ndáil le saincheisteanna *ne bis in idem* féideartha. Leagadh béim ar fhorluí féideartha na spriocanna, rud a chiallaigh go bhféadfadh na hamhrastaigh chéanna a chur faoi ilimeachtaí coiriúla arna dtionscnamh i ndlínse éagsúla.

Reáchtáladh an tríú cruinniú comhordaithe arbh é an cruinniú deireanach é de réir mar a chuathas ar aghaidh leis an gcás, chun staid forghníomhaithe na n-iarratas MLA arna neisiúint ag an Iodáil chuig na tíortha ábhartha a bhreithmheas agus chun faisnéis nua a idirmhalartú. Chonacthas gníomhaíocht choiriúil chomhchosúil i mBallstáit aonair agus aithníodh forluí breise sna spriocanna, rud a chabhraigh leis na húdaráis ionchúisithe chun straitéis a gcáis a shainiú.

D'aontaigh na páirtithe mar thoradh air sin, sa tsúil chun glacadh le bearta comhéigneacha comhuaineacha, chun bheith rannpháirteach i lá gnímh le tacaíocht ó lárionad comhordaithe Eurojust. Cé go bhféadfadh na húdaráis Spáinneacha glacadh le beart go gasta, d'fhéadfadh na bearta luatha úd sa Spáinn an t-imscrúdú ní b'fhorleithne atá i mbéal forbartha san Iodáil a chur i mbaol. B'éigean na ceanglais dlíthiúla

sna dlínsí éagsúla a phlé chun tuiscint a fháil ar shrianta na n-imeachtaí sna Ballstáit faoi seach agus chun an sceideal is fabhraí don lá gnímh a chinntiú. Rinneadh iarrachtaí nach beag chun na céimeanna éagsúla de na himscrúduithe a choigeartú chun na críche sin.

Tharla an lá gnímh i Meitheamh na bliana 2015, faoi cheannaireacht na n-údarás breithiúnach agus póilíneachta Iodálach, Spáinneach agus Polannach. Tháinig torthaí oibriúcháin den scoth ón lá gnímh, arna éascú ag an lárionad comhordaithe ag Eurojust. Gabhadh 49 amhrastach san iomlán agus rinneadh 58 cuardach. Is tríd an gcomhoibriú breithiúnach agus an gcomhordú dlúth idir na Stáit chomhbhainteacha ar féidir le cibearchoirpigh a thabhairt chun ceartais i ndlínse ar bith.

blianta roimhe sin. Ba í an Rómáin an Ballstát ba mhinice a rinne iarratais, leis an nGréig, an Ghearmáin agus an Chipir sna sála uirthi. Ba iad an Ríocht Aontaithe, an Spáinn agus an Ghearmáin na ballstáit iarrtha ba mhinice.

D'oibrigh Eurojust freisin chun an comhoibriú le Europol a fheabhsú chun comhrac i gcoinne na cibearchoireachta ag leibhéil straitéiseacha agus oibriúcháin araon. Lean Eurojust ar aghaidh ag tacú go gníomhach leis an Lárionad Cibearchoireachta Eorpach (EC3) agus Europol mar óstach dó. Ba chun na críche sin i mí Iúil 2015 a cheap Eurojust Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht um an gCibearchoireacht chun feidhmiú mar ionadaí Eurojust i gcomhair gnóthaí oibriúcháin EC3. Áirítear lena chuid dualgas tacú agus comhordú leis an gcomhoibriú le EC3 ar son Eurojust agus, inter alia, chun éascú d'idirmhalartú faisnéise, ag cuidiú chun inghlacthacht na fianaise sna himeachtaí breithiúnacha a chinntiú, agus cur chun cinn dhlúthbhaint luath Eurojust chun éifeachtacht na n-ionchúiseamh a mhéadú, agus de réir mar is cuí, coigistiú sócmhainní i gcásanna cibearchoireachta.

Ba rannchur freisin í láithreacht saineolaí Eurojust um chibearchoireacht ag EC3 le láithreacht threisithe sna Lárionaid do Chúplaí, Teirminéal agus Cibearg. Ba faoi Chibear-Ionsaithe OAP EMPACT 2015 a dhréachtaigh Eurojust agus Europol comhpháipéar um dhúshláin reachtúla comónta chun comhrac i gcoinne na cibearchoireachta, go háirithe ó thaobh an fhorghníomhaithe agus ionchúiseamh an dlí de. Aithnítear sé phríomhlimistéar ann: cailliúint sonraí; cailliúint suímh; creatlacha dlíthiúla; comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha; comhoibriú idirnáisiúnta; agus tírdhreach na mbagairtí

Meetings on cybercrime

D'fheidhmigh Eurojust mar óstach an 1 Iúil do chruinniú oirbheartaíochta um chríochachas sa chibearspás agus um inghlacthacht na ríomhfhianaise in imeachtaí breithiúnacha a bhaineann leis an gcibearchoireacht. Tugadh le chéile saineolaithe ó gach Ballstát, ón Iorua, ó SAM, chomh maithe leis an earnáil phríobháideach (lena n-áirítear ó chuideachtaí baincéireachta agus slándála Idirlín) chuig an gcruinniú oirbheartaíochta, inar breithníodh roinnt saincheisteanna ábhartha sa chineál coireachta sin agus an cúnamh ar féidir le Eurojust a sholáthar. Rinne na rannpháirtithe plé ar an éileamh chun: an comhoibriú breithiúnach idirnáisiúnta a luathú, go háirithe idirmhalartú tráthúil na n-iarratas MLA i bhfianaise luaineacht na sonraí leictreonacha; an comhoibriú idir údaráis bhreithiúnacha agus an earnáil phríobháideach a fheabhsú (ar nós Soláthróirí Seirbhíse Idirlín); agus chun dlúthbhaint luath na n-údarás breithiúnach a chinntiú chun, inter alia, inghlacthacht na sonraí arna mbailiú ag an earnáil phríobháideach mar fhianaise.

Rinneadh glao ag an gcruinniú do chomhroinnt taithí, dea-chleachtais agus ceachtanna foghlamtha ar níos tapa agus éifeachtaí í. Ba ina leith sin a rinne na cleachtóirí measúnú ar an togra go mbunófaí gréasán ionchúisitheoirí agus breithiúna cibearchoireachta.

D'fheidhmigh Eurojust mar óstach do chruinniú ina dhiaidh sin i mí na Samhna 2015, *Chun Gréasáin Chibearchoireachta Bhreithiúnaigh*, inar bailíodh le chéile saineolaithe breithiúnacha i limistéar na cibearchoireachta ó gach aon Bhallstát, chomh maith leis an Iorua, an Eilvéis, SAM, EC3 agus ó Chomhairle na hEorpa. D'aontaigh na rannpháirtithe ar an ngá chun gréasán cibearchoireachta breithiúnach a bhunú, le tacaíocht ó Eurojust, mar ardán do phlé na mbacainní breithiúnacha, do shainaithint agus do scaipeadh an dea-chleachtais, agus do chomhroinnt an chásdlí.

Ina theannta sin, phléigh siad an próiseas MLA idir SAM agus na Ballstáit, agus cuireadh ar an eolas iad faoi na tionscadail arna dtionscnamh agus le tacaíocht ó Choiste Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um an gCibearchoireacht. Sholáthair ionadaithe ó Aireacht Slándála agus Ceartais na hÍsiltíre forbhreathnú ar na tosaíochtaí dá nUachtaránacht le teacht ar an AE, a bhfuil an comhrac i gcoinne na cibearchoireachta ina measc (le béim ar shaincheisteanna dlínse).

atá i mbéal mearfhorbartha. Feidhmíonn an páipéar mar ardán do sheoladh níos mó comhphléanna leis na geallsealbhóirí ábhartha faoin gcur chuige féideartha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin úd, lena n-áirítear ailíniú breise de na hionstraimí dlíthiúla agus praiticiúla a bhaineann le MLA agus le hidirmhalartú faisnéise agus ríomhfhianaise chun críche imscrúduithe agus ionchúisimh na gcásanna cibearchoireachta.

D'fhógair an tOnórach Iníon Loretta Lynch, Ard-Aighne SAM, le linn a cuairte chun na Háige i mí Mheán Fómhair go rabhthas ag tabhairt Ionchúisitheora Cibearchoireachta SAM ar iasacht do Eurojust.

I dteannta le tacaíocht oibriúcháin a sholáthar d'imscrúduithe agus ionchúisimh náisiúnta agus do EC3 ab amhlaidh a choinnigh Eurojust air ag tacú leis an Tionscadal um Thrádáil Mhídhleathach ar Láithreáin Mhargaidh ar Líne (ITOM), ar reáchtáladh an chomhdháil dhúnta de i mí na Samhna 2015. Choinnigh sé air ag tacú leis an gClár um Oiliúint agus Deimhniúchán na nOiliúnóirí (TOT), a d'eagraigh an chéad oiliúint d'ionchúisitheoirí agus do bhreithiúna imscrúdaitheacha a bhí deartha chun éifeachtacht agus tuiscint na gcéimeanna imscrúdaitheacha agus ionchúisitheacha de chásanna cibearchoireachta a fheabhsú.

2.1.3 Smuigleáil inimirceach mídhleathach

Chonacthas géarchéim gan mhacasamhail os comhair na hEorpa ag éirí as an méadú géar i smuigleáil na n-inimirceach mídhleathach agus sa tsraith ghránna de theagmhais mharfacha gaolmhara a tharla i gceantar na Meánmhara, ar chóstaí na hEorpa agus ar an míntír féin.

Chonacthas éileamh méadaithe os coinne Eurojust é féin don chomhordú breithiúnach sa réimse seo de bharr chineál athfhillteach agus forleathan na gcionta a rinneadh sna Ballstáit. Tháinig dúbailt nach mór ar líon na gcásanna den smuigleáil inimirceach mhídhleathach (60) agus sna cruinnithe comhordaithe (20) i gcomparáid leis an mbliain 2014. Ba iad an Ghréig, an Fhrainc agus an Ostair na Ballstáit ab iarrthaí. Ba í an Ghearmáin an Ballstát iarrtha ba mhó, leis an Fhrainc agus an Ungáir sna sála uirthi.

I gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an AE i gcoinne Smuigleáil Imirceach, d'oibrigh Eurojust go dlúth le Europol, Frontex agus EASO chun eolas i dtaobh *modi operandi* na smuigléirí a bhailiú, chun tacú leis na húdaráis náisiúnta chun airgead a rianú, agus chun cúnamh sna himscrúduithe. Ba chun na críche sin a chuir Eurojust lena chomhoibriú le Seicphointe Lárionaid Europol agus le JOT Mare. Gnóthaíodh treisiú an chomhoibrithe sin trí reáchtáil – i dteannta leis na cruinnithe *ad hoc* ar chásanna oibriúcháin aonair – cruinnithe ráithiúla chun bealaí agus modhanna a phlé (m.sh. próiseas uasghrádaithe d'idirmhalartú faisnéise i leith cásanna reatha) chun a gcuid comhoibrithe agus cumais chun tacú le húdaráis náisiúnta a fheabhsú mar chuid dá gcomhrac i gcoinne na smuigleála inimirceach mídhleathach.

Léiriú Cáis

Seoladh imscrúdú ar OCG a rabhthas in amhras faoi gur éascaigh sé d'iontráil mhídhleathach náisiúnach Albánach san Aontas Eorpach trí leas a bhaint as feithiclí iompair ar cíos a bhí cláraithe i bPoblacht na Seice. Bhí an OCG i mbun feidhme ó dheireadh na bliana 2013 i leith ag iompar inimirceach mídhleathach isteach sa Ríocht Aontaithe trí mheán dhá bhealach: ón Tuirc nó ón nGréig chun na Beilge agus ar aghaidh chuig an Ríocht Aontaithe ansin i bhfeithiclí arna dtiomáint ag tiománaithe Seiceacha agus Slóvacacha, nó ón mBulgáir nó ón tSeirbia chun Poblacht na Seice, agus trí mheán na Gearmáine ansin chun na Ríochta Aontaithe trí mheán bád farrantóireachta nó traenach. Tugadh ní ba mhó na 100 inimirceach mídhleathach isteach san Aontas Eorpach thar an tréimhse úd.

D'fhreastail Eurojust agus na Ballstáit a bhí bainteach leis an gcás sin ar roinnt cruinnithe oibriúcháin ag Europol sa bhliain 2014 i leith 'Oibríocht Tantaluf'. Ba é an t-éileamh ar chomhoibriú breithiúnach a thug an cás os comhair Eurojust i mí na Nollag 2014. D'eagraigh Eurojust ceithre chruinniú comhordaithe, ag soláthar fóraim do na húdaráis Bheilgeacha, Seiceacha, Gearmánach, Francacha agus Briotanacha chun plé a dhéanamh ar na gnéithe breithiúnacha den chás. Lean an comhoibriú dlúth le Europol ar aghaidh, agus d'fhreastail a n-anailísithe ar na cruinnithe comhordaithe ag Eurojust.

Roghnaíodh an Bheilg mar an stát ab fhearr chun feidhmiú mar an dlínse ionchúisithe. An chaoi ar dealraíodh cathair éigin sa Bheilg bheith mar an mol don oibríocht smuigleála inimirceach mídhleathach; d'fheidhmigh sí sin tionchar ar an gcinneadh. Bhí ról lárnach ag Eurojust i gcruthú JIT idir an Bheilg, Poblacht na Seice, an Ríocht Aontaithe agus an Ghearmáin. Ba é tacaíocht airgeadais Eurojust a cheadaigh don chás seo chun dul ar aghaidh ní ba ghasta, agus chumhdaigh sí costais na n-acmhainní ríthábhachtacha a theastaigh d'oibríocht mórscála mar í, go háirithe do sheirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin, caiteachais taistil agus trealamh teicniúil. B'fhurasta é an t-idirmhalartú fianaise idir gach tír rannpháirteach, agus bhí na húdaráis Bheilgeach in ann faisnéise a aimsiú tar éis iarratais MLA chun na n-údarás Francach maidir le tiománaithe a ordaíodh chun stad sa Fhrainc.

Nochtadh leis an imscrúdú sa chás seo gur ghin an OCG seo brabús os cionn EUR 500 000 i 13 teagmhas smuigleála, chun dochair íospairt ní ba mhó ná 100 duine leochaileach. Reáchtáladh lá gnímh chomónta i mí na Samhna 2015, le tacaíocht ó lárionad comhordaithe Eurojust. Gabhadh ochtar amhrastach, cuireadh agallamh ar 24 duine mar fhinnéithe nó mar amhrastaigh, agus rinneadh 10 gcuardach tí. Forghníomhaíodh sé cinn d'EAW i rith an lae chomhghnímh.

Síníodh Litir Chomhthuisceana um Chomhoibriú idir Eurojust agus oibríocht mhíleata an AE i nDeisceart Lár na Meánmhara (AE NAVFOR MED) an 1 Deireadh Fómhair. Seoladh AE NAVFOR MED an 22 Meitheamh 2015 leis an gcuspóir chun iarrachtaí córasacha a dhéanamh chun soithí agus sócmhainní arna n-úsáid ag na smuigléirí a shainaithint, a urghabháil, a ghabháil agus a scriosadh. Bunaítear leis an Litir Chomhthuisceana sin creatlach don chomhoibriú agus comhphlé feabhsaithe sa chomhrac i gcoinne na smuigleála inimirceach mídhleathaí. Dearbhaítear inti tiomantas an dá pháirtí chun faisnéis straitéiseach nach de chineál oibriúcháin í, an dea-chleachtas, an saineolas agus an taithí a idirmhalartú i réimse na smuigleála inimirceach mídhleathaí.

Ag an leibhéal institiúideach ab amhlaidh a cheap Coláiste Eurojust Pointe Teagmhála don Smuigleáil Inimirceach Mhídhleathach i mí Aibreáin 2015 le feidhmiú mar ionadaí Eurojust laistigh den Ghrúpa Teagmhála Gníomhaireachtaí an AE um Smuigleáil Imirceach arbh é an Coimisiún Eorpach a bhunaigh thiar sa bhliain 2015 é i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an AE i gcoinne na Smuigleála Imirceach.

Is éard is príomhchuspóir leis an gcur chuige um láthair ardbhrú inimirce, a mhol an Coimisiún Eorpach mar chuid den Chlár Eorpach um an Imirce, ná chun cúnamh an AE do na Ballstáit tosaigh faoi bhrú imirceach sonrach agus díréireach ag a dteorainneacha seachtracha a chomhordú. Thacaigh Eurojust le Láithreacha Ardbhrú Inimirce san Iodáil agus sa Ghréig – dhá cheann de na Ballstáit ba mhó a ndeachaigh na sreabhanna imirceacha i bhfeidhm orthu sa bhliain 2015. Táthar tar éis ionchúisitheoirí náisiúnta san Iodáil agus sa Ghréig a cheapadh ina bpointí teagmhála Eurojust chun tacú le Láithreacha Ardbhrú Inimirce agus chun an fhaisnéis ábhartha a sheoladh chuig Deasca Náisiúnta Eurojust i gcomhair beart leantach agus comhordaithe bhreithiúnaigh ag leibhéal an AE féin.

Thug Uachtarán Eurojust cuairt ar na Láithreacha Ardbhrú Inimirce san Iodáil (Deireadh Fómhair 2015) agus sa Ghréig (Deireadh Fómhair 2015), agus bhuail le hionadaithe breithiúnacha agus cabhlaigh Iodálacha agus Gréigeacha, chomh maith le AE NAVFOR MED agus Frontex, chun an comhrac i gcoinne na smuigleála inimirceach mídhleathaí agus an t-éileamh do chomhoibriú breithiúnach feabhsaithe a phlé.

Bhunaigh Coláiste Eurojust Grúpa Téamach i mí Mheán Fómhair i leith na Smuigleála Inimirceach Mídhleathaí, agus comhtharlaíonn an tráthchlár de (2015-2020) le tráthchlár Phlean Gníomhaíochta an AE i gcoinne na Smuigleála Imirceach. Is iad spriocanna an Ghrúpa Théamaigh, *inter alia*, ná: (i) chun an tacaíocht d'oifigí ionchúisimh a ndeachaigh an smuigleáil inimirceach mhídhleathach i bhfeidhm orthu a fheabhsú, (ii) chun dúshláin a aithint agus a anailísiú in imscrúdú agus ionchúiseamh an chineáil choire sin chomh maith leis an dea-chleachtas i ndáil leis sin, agus (iii) chun úsáid na n-ionstraimí dlíthiúla reatha idirnáisiúnta agus de chuid an AE a fheabhsú sa chomhthéacs sin.

Ina theannta sin, lean Eurojust ar aghaidh ag tacú le *fóraim* agus tionscadail straitéiseacha eile atá deartha chun an comhoibriú idirnáisiúnta a fheabhsú i réimse na smuigleála inimirceach mídhleathaí, trí rannpháirt a ghlacadh mar shampla i dtionscadal réigiúnach na hEagraíocht Idirináisiúnta um Imirce (IOM), *Neartú an chomhraic i gcoinne gáinneála ar dhaoine agus smuigleáil imirceach sna Balcáin Thiar*, chun an dea-chleachtas i stiúradh gníomhaíochtaí trasteorann a chur i láthair ag dhá cheardlann, i bPoblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine agus sa Mhontainéagró. Is éard is cuspóir leis an tionscadal seo, a fhaigheann maoiniú ó Chiste Forbartha IOM agus ó rialtas na hIodáile, ná chun cumas agus comhoibriú trasteorann na ngeallsealbhóirí ó réigiún na mBalcán Thiar a neartú chun comhrac i gcoinne cionta trasteorann ar nós THB agus na smuigleála inimirceach mídhleathaí.

2.1.4 THB

Tháinig méadú ar an tacaíocht oibriúcháin a sholáthair Eurojust do na himscrúduithe agus ionchúisimh náisiúnta i leith na gáinneála daonna chuig 79 cás. Reáchtáladh beagnach trí oiread an lín chruinnithe comhordaithe (32). Reáchtáladh lárionad comhordaithe amháin. Ba í an Ríocht Aontaithe an Ballstát ab iarrthaí; leis an Bhulgáir, an Rómáin agus an tSlóivéin sna sála uirthi. Ba í an Rómáin an Ballstát ab iarrtha; leis an Ísiltír agus an Ungáir sna sála uirthi.

Cruinniú straitéiseach faoin THB

Reáchtáil Eurojust cruinniú straitéiseach um THB an 16 agus 17 Aibreán. Tugadh le chéile sa chruinniú breithiúna, ionchúisitheorí agus údaráis forghníomhaithe dlí ó na Ballstáit, ón Iorua, ón Eilvéis, ón tSeapáin agus ó SAM. D'fhreastail ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, ó Europol, ó FRA, ó UNODC, ó Ollscoil Cambridge, ó Western Union agus ó Facebook ar an gcruinniú freisin.

Leag Iníon Muria Vassiliadou, Comhordaitheoir Frith-Gháinneála an AE, béim ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige cuimsitheach chun comhrac i gcoinne an THB i bhfianaise chineál síor-athraitheach agus trasteorann na coireachta seo. Rinne ionadaithe Western Union agus Facebook araon láithreoireachtaí i leith na bhfadhbanna atá os a gcomhair agus thug siad chun solais bealaí féideartha chun comhoibriú leis na húdaráis forghníomhaithe agus breithiúnach chun comhrac i gcoinne na THB. Phléigh na rannpháirtithe na príomhdhúshláin os comhair an imscrúdaithe agus ionchúiseamh an THB agus an dea-chleachtas sainaitheanta ina leith sin.

Tugadh aghaidh go sonrach ar na hábhair seo a leanas: (i) deacrachtaí a bhain do na húdaráis náisiúnta um chomhoibriú breithiúnach i ndáil le héisteacht agus cosaint íospartach/finnéithe sna cásanna THB; (ii) dúshláin um ionchúiseamh cásanna THB chun críche dhúshaothrú na hoibre; agus (iii) saincheisteanna um chomhoibriú breithiúnach i ndáil le húsáid na JITí, bailiú agus inghlacthacht na ríomhfhianaise, úsáid sainteicníochtaí imscrúdaitheacha, agus imscrúduithe airgeadais i gcásanna THB. Leagadh béim ina theannta sin ar luach dhlúthbhaint Eurojust le cásanna THB, agus aithníodh limistéir eile ina bhféadfaí Eurojust cúnamh a thabhairt do na Ballstáit. Tá tuarascáil toraidh an chruinnithe straitéisigh ar fáil ar láithreán gréasáin Eurojust.

Léirithe Cáis

Tugadh dhá chás ina léirítear úsáid na JITí sna cásanna THB chun Eurojust sa bhliain 2013. Bhain na cásanna le gáinneáil ban ó chúlraí d'ioncam íseal san Ungáir agus i bPoblacht na Slóvaice chuig an Ríocht Aontaithe chun dúshaothrú gnéasach a bhaint astu, bíodh sé sa striapachas nó trí bhréagphóstaí, agus ba í an oifig ionchúisimh chéanna sa Ríocht Aontaithe a bhí ina gceann.

Bhain an chéad chás le gníomhaíocht OCG Ungáraigh a bhí bunaithe sa Ríocht Aontaithe de chuid ba mhó agus a bhí freagrach as gáinneáil 250 bean ar a laghad isteach sa Ríocht Aontaithe agus laistigh di chun críche an striapachais. Treisíodh práinne an cháis agus folláine na mban lenar bhain nuair a tháinig íospartach chuig na húdaráis sa Ríocht Aontaithe, ag soláthar ráitis i leith na drochúsáide a rinneadh ina gcoinne.

Bhí náisiúnaigh Shlóvacacha bainteach sa dara cás le hearcú ban ina dtír féin do bhréagphóstaí sa Ríocht Aontaithe, ag soláthar bealaigh d'fhir de bhunadh na Pacastáine chun fanacht sa Ríocht Aontaithe mar fhir chéile le saoránaigh an AE. Chreid roinnt de na mná gur tugadh chun na tíre iad i

Tháinig méadú chuig 21 ar líon na JIT i ndáil le cásanna THB, le naoi gcinn de JITí nua-bhunaithe sa bhliain 2015. I measc na JITí nua sin bhí ceann amháin idir an Fhrainc agus – den chéad uair riamh – an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, le tacaíocht ó mhaoiniú Eurojust do JITí.

Ba i gcomhthéacs Tionscadail Straitéisigh Eurojust um THB, a reáchtáladh an dara cruinniú straitéiseach um THB.

D'fhoilsigh Eurojust tuarascáil i mí na Nollag 2015, *Ionchúiseamh THB chun críche dhúshaothrú an lucht oibre*. Tá torthaí na tuarascála bunaithe ar anailís ar, *inter alia*, 32 breithiúnas ó 11 tír agus cásanna um gháinneáil daoine as dúshaothrú an lucht oibre cláraithe ag Eurojust. Tá an tuarascáil ceaptha chun feidhmiú mar fhoinse faisnéise do chleachtóirí a bhíonn bainteach le himscrúdú agus ionchúiseamh THB do dhúshaothrú an lucht oibre trí tháscairí féideartha de dhúshaothrú an lucht oibre a aithint agus measúnú a dhéanamh ar léirmhíniú an méid sin sa chásdlí náisiúnta. Tugtar forbhreathnú achomair sa tuarascáil freisin ar an THB do chásanna dúshaothraithe an lucht oibre arna láimhseáil ag Eurojust, a dtuairiscítear roinnt de na dúshláin os comhair na dtíortha lena mbaineann ar an mbunús sin. Leagtar béim ar an dea-chleachtas sa chomhoibriú breithiúnach chomh maith leis an gcúnamh féideartha ó Eurojust, eadhon trí éascú d'idirmhalartú pras na faisnéise, eagrú na gcruinnithe agus na lárionad comhordaithe, cúnamh le bunú JITí agus leis an maoiniú díobh, agus cúnamh le forghníomhú na LoRí.

Dhírigh Eurojust a aird in athuair ar éifeachtacht na JITÍ sna cásanna THB, agus lean sé ar aghaidh ag tacú go gníomhach le roinnt ceardlann arna n-eagrú laistigh de chreatlach an tionscadail *Úsáid na gComhfhoirne Imscrúdaithe chun comhrac i gcoinne gháinneáil daoine sna Balcáin Thiar ag an leibhéal áitiúil.* Déantar an tionscadal i gcomhpháirt le hOifig Ard-Ionchúisitheoir an Stáit agus le hAireacht Gnóthaí Intíre Phoblacht na Slóivéine agus le hOifig an Ionchúisitheora agus le hAireacht Gnóthaí Intíre Phoblacht na Bulgáire, agus is é Clár an Choimisiúin Eorpaigh um Chosc agus Comhrac na Coireachta a mhaoiníonn é.

Lean Eurojust ar aghaidh ag glacadh rannpháirte gníomhaí sna cruinnithe de chuid na bPointí Teagmhála THB sna Gníomhaireachtaí JHA, a thagann faoi chathaoirleacht an Choimisiúin Eorpaigh. Tugtar le chéile sna cruinnithe na hionadaithe ó ghníomhaireachtaí ábhartha an AE chun críche gníomhartha a chuíchóiriú agus acmhainní a bharrfheabhsú sa chomhrac i gcoinne THB.

gcomhair oibre dlisteanaí. D'éignigh an fear bean amháin ar a laghad ar díoladh dó í.

Bunaíodh JIT idir an Ríocht Aontaithe agus an Ballstát faoi seach sa dá chás, le rannpháirteachas ó Eurojust agus ó Europol. Chuaigh an chreatlach JIT chun tairbhe na n-imscrúduithe, lena gceadaítear do chomhroinnt éifeachtach na faisnéise agus na fianaise ábhartha a bailíodh chun críche ionchúisimh gan aon éileamh ar iarratais MLA foirmiúla. Ina theannta leis sin sna cásanna THB úd bhain ríthábhacht leis an JIT chun iarrachtaí idir an dá dhlínse a shioncronú, lenar cinntíodh gur baineadh an OCG dá chéile agus lenar cumasaíodh na húdaráis sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit iarrtha chun lámh a shíneadh leis na híospartaigh agus chun tacaíocht a sholáthar dóibh gan dul i bhfostú ar bhacainní de bharr éagsúlachtaí féideartha um dhlínse agus nós imeachta idir na Ballstáit. Sholáthair Eurojust maoiniú JIT freisin chun tacú leis na himscrúduithe, lenar cumhdaíodh costais na n-acmhainní luachmhara ar theastaigh ón na hoibríochtaí mórscála úd. Cuir i gcás an t-imscrúdú san OCG Ungárach, bhí póilíní ón Ríocht Aontaithe in ann taisteal chun na hUngáire chun cúnamh le finnéithe ag tabhairt fianaise trí mheán naisc fhíseáin.

Gabhadh 11 duine mar thoradh ar na hiarrachtaí comhordaithe i gcoinne an OCG Ungáraigh. Ciontaíodh na cúisithe sa bhliain 2015 i gcomhcheilg chun gáinneála isteach sa Ríocht Aontaithe agus i gcomhcheilg chun striapachas agus éigniú a rialú. Fuair gach déantóir coire pianbhreitheanna idir 20 mí agus 14 bliain.

Cuireadh dhá thriail ar bun i gcoinne OCG na Slóvaice. Gearradh pianbhreitheanna coimeádta idir 16 mí agus 10 mbliana i mí na Nollag 2013 i gcoinne an cheathrair chúisithe. Leanadh ar aghaidh le fiosruithe ina thuilleadh cionta sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na Slóvaice ámh, agus cuireadh triail amháin eile ar siúl i mí Lúnasa 2015, ónar tháinig ciontú seisir dhaoine, ar ciontaíodh triúr acu sa gháinneáil thiar sa bhliain 2013. Bhí réimse idir 12 mí agus sé bliana go leith sna pianbhreitheanna coimeádta. Cuireadh ceathrar de na fir chiontaithe faoi réir 'orduithe frithsclábhaíochta' i mí Eanáir 2016 maidir lena n-iompar amach anseo, lena n-áirítear laistigh de Phoblacht na Slóvaice; bhí siad siúd i measc na gcéad cinn de na horduithe úd a rinneadh faoin Acht um Sclábhaíocht Nua-Aimseartha 2015 de chuid na Ríochta Aontaithe agus mar na chéad chinn ar bhain gné eis-chríochach leo.

Ghlac Eurojust rannpháirt sa Naoú Lá Frith-Gháinneála arna eagrú ag Comhordaitheoir Frith-Gháinneála an AE. Cuireadh an dul i ngleic leis an éileamh, cur chun cinn na n-imscrúduithe airgeadais agus feabhsú an chomhoibrithe trasteorann mar eochairfhachtóirí i straitéis chumasach chun comhrac i gcoinne THB.

2.1.5 An Chalaois

Agus 647 cás cláraithe sa bhliain 2015, ar mhéadú ní ba mhó ná 80 cás é i gcomparáid leis an mbliain 2014, ba í an chalaois a d'fhreagair don líon ba mhó de chásanna i gcásobair Eurojust. Is follas raon feidhme chúnamh Eurojust sna hiarrachtaí náisiúnta chun comhrac i gcoinne an chineáil choireachta seo nuair a fheictear ar líon na gcruinnithe comhordaithe (76), na lárionad comhordaithe (9) agus na JITí (34, ar cinn nua-bhunaithe 12 díobh). Ba mhinice a baineadh leas as gach ceann de na huirlisí oibriúcháin úd i gcásanna caimiléireachta agus calaoise.

Ba iad an Ungáir, an Ghréig, an Ostair agus an Rómáin na Ballstáit ab iarrthaí. Ba iad an Ríocht Aontaithe, an Ghearmáin agus an Pholainn na ballstáit iarrtha ba mhinice.

D'fheidhmigh Eurojust ról gníomhach chun an comhoibriú breithiúnach a chur chun cinn i limistéir ríthábhachtacha, ar nós na calaoise máil agus na calaoise bia, trína shaothar agus a thaithí a chomhroinnt. Tacaíonn Eurojust le gníomhaíochtaí EMPACT freisin i limistéar na calaoise máil agus MTIC, agus chuir sé a shaothar i láthair ag cruinniú faoin gcalaois bia arna eagrú ag Cuibhreannas Breithmheasa an tSlabhra Bia sa Bhruiséil.

Léiriú Cáis

D'iarr na húdaráis Francacha i mí Feabhra 2014 tacaíocht ó Eurojust i gcás lenar bhain OCG a bhí gníomhach i dtrádáil agus gáinneáil mhídhleathach na feola ó chapaill, ar measadh fúithi nach dtiofcadh le duine í a ithe. Ba de bharr fhalsú, shochtadh nó mhodhnú na cáipéisíochta sláinte oifigiúla ag an OCG, lenar áiríodh pasanna aonair ina bhfuarthas taifid mhíochaine i leith gach ainmhí taistil, a tháinig an fheoil ó chapaill isteach go calaoiseach i slabhra bia na hEorpa. Braitheadh ceithre chéad phas capall le haimhrialtachtaí sa Fhrainc amháin. Ba é meastachán na n-údarás Francach gur maraíodh timpeall 4 700 capall nach dtiocfadh le duine iad a ithe agus gur tugadh isteach sa slabhra bia dlíthiúil iad idir na blianta 2010 agus 2013. Sháraigh na gníomhaíochtaí úd reachtaíocht an AE, nach foláir cuntas a thabhairt i leith foinse gach feoil agus gurb inrianaithe í dá réir.

Ba iad gníomhaíochtaí an phríomhamhrastaigh, náisiúnach Beilgeach ag feidhmiú ón mBeilg, ba chúis leis na himsrúduithe sa Bheilg i mí na Samhna 2012 agus sa Fhrainc i mí Iúil 2013. Nochtadh sna fiosrúcháin úd na naisc idir gníomhaíochtaí an OCG i mBallstáit eile, lenar áiríodh Éire, an Ísiltír agus an Ríocht Aontaithe.

Shínigh an Bheilg agus an Fhrainc JIT arna chistiú ag Eurojust i mí na Bealtaine 2014. Chonacthas do na rannpháirtithe ag an gcéad chruinniú comhordaithe i mí Eanáir 2015 an t-éileamh chun lá gnímh chomónta a shocrú. D'aontaigh na húdaráis ar iarratais bhreise saincheaptha MLA chun forghníomhú na mbeart comhéigneach sonrach a chinntiú i rith an lae ghnímh. I bhfianaise an bhrú ó thaobh ama de agus na ngnéithe uathúla den chás, ba trí Eurojust a traiseoladh na hiarratais MLA.

Tháinig straitéis chomónta mar thoradh ar an gcruinniú chun dóchúlacht go ndéanfaí na gabhálacha ionchasacha agus go mbaileofaí an oiread fianaise agus ab fhéidir a bharrfheabhsú, agus ba chúnamh breise í chun na cuntais bhainc a reo agus na sócmhainní a urghabháil go hiarbhír.

Measadh an comhordú ag Eurojust roimh an lá gnímh chomónta de bheith ríthábhachtach, agus reáchtáladh an dara cruinniú comhordaithe i mí an Mhárta 2015. Ba mar thoradh ar an gcruinniú agus ar an bhfaisnéis a idirmhalartaíodh gur aontaigh na húdaráis Ghearmánacha ar imscrúduithe comhthreomhara oscailte chun éascú don chomhoibriú, agus cuireadh síneadh leis an JIT chuig an Ríocht Aontaithe. Pléadh leasuithe d'iarratais MLA ón bhFrainc agus ón mBeilg chun a bhforghníomhú tráthúil a chinntiú. Óir nár osclaíodh aon imscrúdú san Ísiltír, d'aontaigh rannpháirtithe an chruinnithe go n-eiseodh an Fhrainc trí EAW maidir le spriocanna a d'fhéadfadh bheith lonnaithe san Ísiltír.

Tháinig 26 gabháil agus urghabháil EUR 99 000 in airgead tirim ó lá gnímh chomónta i mí Aibreáin 2015 lenar bhain póilíní agus údaráis bhreithiúnacha ón bhFrainc, ón mBeilg, ón nGearmáin, ó Éirinn, ó Lucsamburd, ón Ísiltíre agus ón Ríocht Aontaithe le tacaíocht ó lárionad comhordaithe ag Eurojust. Rinneadh cuardaigh ar áitribh thráchtála agus príobháideacha, chomh maith le feithiclí, agus gabhadh ní ba mhó ná 800 pas capall, in éineacht le cógais, na dosaenacha mhicrishlisní agus trealamh ríomhaireachta.

Neartaigh Eurojust agus Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach (OHIM) a gcuid comhoibre chun tacú le gníomhaíochtaí na n-údarás náisiúnta sa chomhrac i gcoinne sáruithe ar chearta maoine intleachtúla. Ba chun na críche sin a chuir siad bailchríoch le hidirbheartaíochtaí i leith Meabhráin Chomhthuisceana, a bhí siad mar chomhchathaoirligh sa *Cheardlann Comhoibre chun Gréasán Ionchúisitheoirí Maoine Intleachtúla Eorpach a Bhunú*, agus a bhí siad mar chomhchathaoirligh le OHIM agus Europol ag an gComhdháil um Ardú Eolais agus Feasachta, *Cosmaidí agus Earraí Sómasacha*.

Léiriú Cáis

Nochtadh le hoibríocht mhórscála a rinne na húdaráis Iodálacha OCG sofaisticiúil a bhí bainteach le calaois timpealláin ar dhleachta máil maidir le hallmhairiú táirgí ola isteach chun na hIodáile. Tháinig caillteanais mar thoradh ar an gcalaois sin don Iodáil arbh fhiú ní ba mhó ná EUR 15 milliún iad. Ba sa Ghearmáin a ceannaíodh an ola, agus meascadh í le breiseáin chun cineál fíor an táirge a nochtadh agus seoladh mar dhea chun Málta agus na Gréige í, mar nár gearradh aon cháin chomhchosúil de dheasca chruthú cáipéisí iompair bhréagacha inar táscadh ceannaitheoir éagsúil ón gceannaitheoir dílis. Thaistil an ola saor ó cháin, agus stoc-charnadh í dá éis sin agus díoladh ar aghaidh í ar an margadh dubh san Iodáil trí ghréasán ceannaitheoirí.

D'aithin na húdaráis Iodálacha gur theastaigh cur chuige comhordaithe agus ildisciplíneach ó imscrúdú agus ionchúiseamh rathúil, toisc gurbh fheasach dóibh cineál trasteorann agus tionchar féideartha na calaoise máil leanúnaí, agus d'iarr siad tacaíocht a fháil ó Eurojust dá réir. Ba láithreach é an t-éileamh chun forghníomhú na n-iarratas Iodálach MLA chun na Ríochta Aontaithe, Málta, na Rómáine, Phoblacht na Seice, na Gearmáine agus na Gréige a éascú, maille leis an tacaíocht um chomhordú na ngníomhaíochtaí breithiúnacha.

Reáchtáladh cruinniú comhordaithe i mí an Mhárta 2014 inar ceadaíodh do mhionathrú roinnt gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha agus do mheasúnacht ar an dul chun cinn a rinneadh agus ar aon chonstaic ar ar thángthas i bhforghníomhú na n-iarratas MLA. D'fheidhmigh an cruinniú freisin mar aitheantas d'imscrúduithe comhthreomhara chun saincheisteanna ne bis in idem a sheachaint, agus chun ligean d'aistriú imeachtaí, dá mba ghá.

D'eisigh an Iodáil iarratais MLA nua ag tús na bliana 2015 sa tsúil chun lá gnímh chomónta a thionscnamh sna Stáit rannpháirteacha. D'oibrigh ionadaithe údaráis náisiúnta na hIodáile, na Ríochta Aontaithe, na Gearmáine, Mhálta, agus Phoblacht na Seice, chomh maith le Europol, go dlúth le chéile trí lárionad comhordaithe Eurojust. Gabhadh ochtar amhrastach mar thoradh air sin, rinneadh 61 cuardach agus urghabháil agus forghníomhaíodh 43 ordú reoite, ag cumhdach 21 maoin de luach EUR 1 654 000, scaireanna cuideachta de luach EUR 757 000 i dteannta le cainníochtaí móra seodra, cuntais taisce agus árachas saoil de luach measta EUR 458 000.

D'fheidhmigh an lárionad comhordaithe ról ríthábhachtach chun na torthaí dearfacha sin a tháirgeadh, óir gur tugadh cúnamh anailíseach agus oibriúcháin fhíor-ama, agus gur sáraíodh aon dúshláin a tháinig leis na córais dlíthiúla sna Ballstáit trí chomhroinnt láithreach na faisnéise. Ba shuntasach iad torthaí an lárionaid chomhordaithe do Eurojust sa troid i gcoinne na calaoise timpealláin, ní hamháin ó thaobh na dtorthaí oibriúcháin dearfacha den lá gnímh chomhordaithe ar fud na mBallstát, ach freisin toisc gur baineadh a sócmhainní de na coirpigh, arbh ionann é agus cúiteamh don Iodáil as na caillteanais eacnamaíocha a chonacthas de bharr gníomhaíochtaí mídhleathacha an OCG sin.

2.1.6 An Chaimiléireacht

Tháinig méadú suntasach freisin ar chásobair Eurojust i ndáil leis an gcaimiléireacht, agus 90 cás cláraithe sa bhliain 2015 i gcomparáid le 55 sa bhliain 2014. D'fhan na hiarratais ar thacaíocht oibriúcháin ag an leibhéal céanna amhail an bhliain 2014 le 10 gcruinniú comhordaithe ann.

Ba iad an Ghréig, an Rómáin agus an Chróit na Ballstáit ab iarrthaí. Ba iad an Ghearmáin, an Chipir agus an Iodáil na Ballstáit ab iarrtha.

Choinnigh Eurojust uirthi ag glacadh rannpháirte sna comhphléanna d'Ardán na nOifigí um Aisghabháil Sócmhainní (ARO), chomh maith le Gréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN), ina nglacann sí rannpháirt mar bhreathnóir.

Léiriú Cáis

Sheol Biúró Náisiúnta Imscrúdaithe na Fionlainne imscrúdú réamhthrialach sa bhliain 2009 i gcás líomhaintí trombhreabaireachta a rinneadh san Fhionlainn, sa tSlóivéin agus sa Chróit i ndáil le críochnú conarthaí idir cuideachta Fhionlannach le speisialtacht i dtáirgeadh feithiclí armúrtha agus Aireachtaí Cosanta na Slóivéine agus na Cróite. Bhí na húdaráis Fionlannach in amhras go raibh ionadaithe na cuideachta Fionlannaí ag íoc breabanna le hoifigigh rialtais ardleibhéil sa tSlóivéin agus sa Chróit, agus bhí tuilleadh amhras orthu gur aistríodh an t-airgead trí náisiúnach Ostarach trí mheán na hOstaire chuig na hoifigigh faoi seach.

Iarradh tacaíocht Eurojust maidir leis na himscrúduithe Cróiteacha agus Slóivéineacha chun éascú don chomhoibriú. Rannchuir Eurojust le tógáil na muiníne idir na húdaráis lenar bhain, agus bunaíodh teagmháil dhíreach idir na húdaráis de réir mar a cuireadh na cásanna ar aghaidh. Ba é ról na nDeasc Náisiúnta in éascú na cumarsáide i measc na n-údarás náisiúnta an toisc chinntitheach ámh don chomhoibriú torthúil. Thug an t-ionchúisitheoir idirchaidrimh Chróiteach cúnamh do Eurojust i gcumarsáid leis na húdaráis Chróiteacha nó gur bunaíodh Deasc Náisiúnta na Cróite ag Eurojust sa bhliain 2013.

Bunaíodh comhaontuithe JIT sa dá chás sa bhliain 2010, agus shínigh an Fhionlainn, an Ostair, an tSlóivéin agus Chróit iad. Reáchtáladh roinnt cruinnithe comhordaithe ag Eurojust, inar cumasaíodh na rannpháirtithe chun faisnéis a idirmhalartú agus inar aontaíodh ar an gcaoi chun leas a bhaint as an bhfaisnéis a bailíodh mar fhianaise. Tugadh fóram do na rannpháirtithe sna cruinnithe comhordaithe de réir mar a dhruid na cásanna leis an gcéim thrialach chun an fhianaise le húsáid sna himeachtaí breithiúnacha a idirmhalartú go díreach. Tháinig na rannpháirtithe ar chomhaontú ag an gcruinniú i mí Feabhra 2013 i leith suíomh na n-ionchúiseamh agus chinn siad ar rannpháirteachas na n-údarás Fionlannach in agallaimh le finnéithe san Ostair.

Ba sa tSlóivéin agus san Fhionlainn a cuireadh na trialacha ar siúl ón mbliain 2013 ar aghaidh. Phléigh Deasc Náisiúnta na Fionlainne le roinnt iarratas ó na húdaráis Slóivéineacha chun freagairt a thabhairt d'argóintí

na cosanta maidir le dlíthiúlacht na mbeart comhéigneach i measc nithe eile, ar nós na gcuardach tí, a rinneadh san Fhionlainn. Tugadh dúshlán de bharr athraithe reachtúil i ndlí coiriúil na Fionlainne in aghaidh chloí na bhforálacha infheidhmithe le caighdeáin trialach cóire na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine. Bhain ríthábhacht le tacaíocht mhear Eurojust chun na hargóintí a fhrisnéisiú de réir mar a bhí na héisteachtaí trialach ar siúl.

Ba í an triail sa tSlóivéin an chéad toradh ina bhfacthas ciontú. Éigiontaíodh an cúisí faoi dheireadh sa bhliain 2015 áfach i gCúirt Bhunreachtúil na Slóivéine. Bhí na himeachtaí achomharc ar siúl sa bhliain 2015 san Fhionlainn. Níor tugadh aon chúiseanna sa Chróit.

2.1.7 An Gháinneáil ar Dhrugaí

Ba í an gháinneáil ar dhrugaí an dara cineál coire ba mhinice a chonacthas i gcónaí, le 274 cás cláraithe sa bhliain 2015 agus 57 cruinniú comhordaithe arna reáchtáil.

Ba í an Danmhairg an Ballstát ab iarrthaí, leis an Rómáin, an Fhrainc agus an Ghearmáin sna sála uirthi. Ba í an Ísiltír an Ballstát ab iarrtha, leis an Spáinn, agus an Ghearmáin sna sála uirthi.

Bunaíodh lárionad comhordaithe amháin ina theannta sin, agus phléigh 25 JIT le cionta um gháinneáil ar dhrugaí, ar bunaíodh ochtar díobh thiar sa bhliain 2015.

D'fhoilsigh Eurojust i mí Eanáir 2015 a *Tuarascáil Forfheidhmithe faoin bPlean Gníomhaíochta um Gháinneáil ar Dhrugaí* maille lena hiarthéacsanna. Cuireadh í go hoifigiúil faoi bhráid Choimisiún na NA um Dhrugaí Mídhleathacha i mí an Mhárta 2015, le linn fo-imeachta um 'chomhoibriú breithiúnach i gcásanna gáinneála ar dhrugaí', arna comheagrú ag an gCoimisiún Eorpach agus Eurojust. Imlínítear sa tuarascáil an forás a ghnóthaigh Eurojust sna limistéir a aithníodh dá bhfeabhsú sa chomhoibriú breithiúnach trasteorann i gcomhthéacs an tionscadail straitéisigh, *Feabhsú obair Eurojust i gcásanna gáinneála ar dhrugaí,* agus áirítear léi trí shaincheist faoi airde um: (i) seachadtaí rialaithe, (ii) réamhtheachtaithe agus NPS augs (iii) comhoibriú le tríú Stáit. Chonacthas an tairbhe sna hiarthéacsanna a bhain le rannchur a fuarthas ó na hionchúisitheoirí a bhí rannpháirteach i gcruinniú straitéiseach na bliana 2014 ag Eurojust. Tar éis chríochnú rathúil Chéim I den tionscadal straitéiseach, chinn Coláiste Eurojust chun é a shíneadh chuig Céim II (2015-2016).

Bhí comhphlé téamach ag Coláiste Eurojust faoi sheachadtaí rialaithe i mí Dheireadh Fómhair 2015, inar idirmhalartaíodh an taithí i leith castachtaí a chonaic na húdaráis bhreithiúnach um sheachadtaí rialaithe, ról Eurojust agus cumas Eurojust sa chásobair amach anseo a fheabhsú.

Ina theannta sin ghlac Eurojust rannpháirt ghníomhach in dá chruinniú faoi sheachadtaí rialaithe, arna n-eagrú ag an nGrúpa Pompidou (Comhairle na hEorpa) i míonna an Mheithimh agus na Samhna 2015, inar rannchuir Eurojust le tionscnamh tionscadail leis an gcuspóir chun lámhleabhar a dhréachtú i leith seachadtaí rialaithe.

Rannchuir Eurojust i mí an Mheithimh 2015 leis an dara heagrán de *Thuarascáil an AE um Margaí Drugaí* ach sonraí staitisticiúla, dea-chleachtas agus réitigh,

Léirithe Cáis

Tugadh **cás Iodálach** maidir le gáinneáil NNPS ón Iodáil chuig an Ísiltír chuig Eurojust, go príomha chun éascú d'fhorghníomhú iarratais MLA Iodálaigh chun faisnéis a bhailiú i leith cuideachtaí a bhíonn bainteach le gníomhaíochtaí coiriúla agus chun cuardaigh a dhéanamh ar roinnt áitreabh.

Ba de bharr saintréithriú na substaintí nárbh fhéidir leis na húdaráis Ísiltíreacha an t-iarratas MLA a fhorghníomhú. Cé gur céadcheapadh na substaintí de bheith ina meifeadrón, atá coiriúlaithe faoi dhlí na hÍsiltíre agus na hIodáile araon, cruthaíodh le hanailís theicniúil ar na substaintí ní ba dhéanaí go raibh siad ina bhfo-tháirge díorthaithe den mheifeadrón nár tháinig faoi réir Acht Óipiam na hÍsiltíre.

Mar bhunús dlíthiúil malartach ab amhlaidh a rinne na húdaráis Ísiltíreacha tagairt don Acht Leigheasra. Tar éis rialú na CBAE an 10 Iúil 2014 ámh, níorbh infheidhmithe é an tAcht Leigheasra chun na críche sin ach amháin dá bhféadfaí an tsubstaint gháinneáilte bheith ina táirge íocshláinte. Níor tháinig an tsubstaint i gceist laistigh de shainmhíniú na CBAE ar tháirge íocshláinte, agus b'amhlaidh dá réir nárbh fhéidir an t-iarratas MLA a fhorghníomhú ach amháin ar bhunús an tAcht Leigheasra. Rinneadh bunúis dlíthiúla eile a thaiscéaladh, ach níorbh fhéidir an t-iarratas MLA a fhorghníomhú óir nár thángthas ar mhalairtí inmhartha de cheal coiriúlachta dúblaí. Dúnadh an t-imscrúdú comhthreomhar san Ísiltír dá éis sin.

Bhí dúshlán comhchosúil roimh **na húdaráis Bheilgeacha** in imscrúdú sa gháinneáil ar GBL, ar réamhtheachtaí é as a mbaintear leas mar dhruga nó a mhodhnaítear a thuilleadh sa druga GHB é. Cé nach bhfuil an GBL coiriúlaithe faoi dhlí na Beilge, tionscnaíodh an t-imscrúdú ar bhunús amhrais gur baineadh leas as an tsubstaint chun críoch coiriúil. Nochtadh naisc leis an Ísiltír agus leis an bPolainn san imscrúdú féin. Tháinig na húdaráis Bheilgeacha faoi dhéin Eurojust i gcomhair tacaíochta chun éascú don chomhoibriú breithiúnach, agus reáchtáladh cruinniú comhordaithe. Bhí na húdaráis náisiúnta Ísiltíreacha agus Polannacha toilteanach chun comhoibriú le chéile agus chun faisnéis a idirmhalartú lena gcomhghleacaithe Beilgeacha, ach chonaic siad an chonstaic dhlíthiúil sa mhéid agus nár áiríodh GBL leis an liosta substaintí rialaithe, agus nár mhídhleathach é dá réir. Níorbh fhéidir imscrúduithe a thionscnamh nó gur léiríodh le faisnéis breise go raibh an trádáil sa tsubstaint seo nasctha leis an ngníomhaíocht choiriúil, ar nós mhodhnú an GBL ina GHB. Bhain an chonstaic dhlíthiúil chéanna d'fhorghníomhú aon iarratas MLA i ndáil leis an GBL. Bhí an cás fós ar siúl sa bhliain 2015.

Breithníodh bunús dlíthiúil malartach d'imeachtaí breithiúnacha agus comhoibriú freisin **i gcás Fionlannach** i ndáil le gáinneáil ar NPS ón tSín trí mheán na Spáinne chun na Fionlainne. Ba náisiúnaigh Fhionlannacha a bhí sna hamhrastaigh a gháinneáil ar MDPV agus alfa-PVP, dhá shubstaint a aicmíodh ina ndrugaí mídhleathacha san Fhionlainn, ach nár aicmíodh amhlaidh sa Spáinn. B'iarratas MLA Fionlannach ba chúis le hoscailt imscrúdaithe sa Spáinn.

Tháinig saincheisteanna dlínsiúla ón éagsúlacht in aicmiú na substaintí, agus ón gcaoi inar fheidhmigh na náisiúnaigh Fhionlannacha ón Spáinn, agus b'éigean don chomhoibriú breithiúnach bheith ann idir na húdaráis Fhionlannacha agus Spáinneacha. Reáchtáladh dhá chruinniú comhordaithe ag Eurojust, agus bunaíodh JIT. Tháinig gabhálacha agus forghníomhú roinnt EAW Fionlannach sa Spáinn mar thoradh ar an JIT, ar aontaigh na húdaráis Fhionlannach agus Spáinneacha ina dhiaidh chun na himeachtaí a aistriú chun na Fionlainne.

Óir nár aicmíodh na substaintí gáinneáilte ina ndrugaí sa Spáinn, fuarthas bunús dlíthiúil malartach don ionchúiseamh in Airteagal 359 de Chód Coiriúil na Spáinne um chionta in aghaidh na sláinte poiblí. Ba le cinneadh cúirte Spáinneach a fíoraíodh infheidhmitheacht Airteagal 359 i leith na substaintí gáinneáilte óir nach bhfuil na substaintí díobhálacha a thagann faoi réir na forála dlíthiúla sin curtha i bhfoirm liosta. Shásaigh an réiteach ceanglas na coiriúlachta dúblaí sa dá chóras dlí.

D'fheidhmigh Eurojust ról ríthábhachtach mar idirghabhálaí ag éascú don chomhoibriú breithiúnach. Ba í an Fhionlainn a ghlac an dlínse chuici féin sa chás seo. Thug Cúirt Chéadchéime na Fionlainne ciontú ag deireadh na bliana 2015, agus tugadh achomharc ina aghaidh.

cás-staidéar agus ceachtanna a foghlaimíodh maidir le comhoibriú sna cásanna um gháinneáil ar dhrugaí a sholáthar. Ba í Eurojust freisin a sholáthair ionchur don fhorás i bhforfheidhmiú Phlean Gníomhaíochta an AE um Dhrugaí 2013-2016.

Maidir le NPS, rinne Eurojust anailís ar thionchar rialú CBAE an 10 Iúil 2014 i leith táirgí íocshláinte (Comhchásanna C-358/13 agus C-181/14). Eisítear leis an rialú úsáid na ndlíthe um chógais leighis mar bhunús dlí malartach chun tacú le hionchúiseamh NPS in imthosca nach féidir an tsubstaint a aicmiú mar dhruga sícighníomhach de réir na reachtaíochta is infheidhmithe um dhrugaí mídhleathacha. Bhailigh Eurojust an dea-chleachtas agus na réitigh maidir leis na constaicí dlíthiúla agus praiticiúla ag éirí as an rialú CBAE trí anailís a dhéanamh, inter alia, ar na cásanna le tacaíocht NPS agus ar na freagraí ar cheistneoir Eurojust a cuireadh chun na mBallstát ar dhóichí go rachfadh sé i bhfeidhm orthu, eadhon an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhionlainn, an Fhrainc agus an Ísiltír.

Tugadh tuarascáil Eurojust chun críche, *Rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh um Shubstaintí Sícighníomhacha Nua – Tionchar an rialaithe ar ionchúiseamh cásanna* NPS i mí na Nollag 2015 agus foilseofar go luath sa bhliain 2016 í. Cuireadh réamhthorthaí na tuarascála faoi bhráid chruinniú na gComhfhreagróirí Dlíthiúila EMCDDA. Cuireadh na torthaí faoi bhráid an 4ú cruinniú de chuid Saineolaithe Forghníomhaithe Dlí um NPS freisin, arna chomheagrú ag Europol, EMCDDA agus Aireacht Intíre na Polainne i gcomhthéacs na tosaíochta EMPACT i leith Drugaí Sintéiseacha.

2.1.8 Coireacht eagraithe i gcoinne maoine ó na MOCG

Cumhdaíonn an choireacht maoine eagraithe (OPC) a dhéanann grúpaí coiriúla eagraithe soghluaiste (MOCGí) réimse leathan cionta, ar nós coireachta mótarfheithicle, gada miotail, peasghadaíochta, robála agus buirgléireachtaí srathacha. Chláraigh Eurojust 201 cás den OPC

sa bhliain 2015 agus reáchtáladh 21 cruinniú comhordaithe. Bhí trí JIT déag i mbun oibre, lenar áiríodh sé cinn a cruthaíodh sa bhliain 2015.

Ba iad an Ostair, an Fhrainc agus an Ghréig na Ballstáit ab iarrthaí. Ba iad an Ghearmáin, an Iodáil agus an Rómáin na Ballstáit ab iarrtha.

D'oibrigh Eurojust go dlúth le Europol chun tacú leis an troid i gcoinne na MOCGí, sa tsúil chun na húdaráis náisiúnta a spreagadh chun is go mbeidh an dá eagras bainteach leis ag an luathchéim imscrúdaitheach. Ba é moladh Eurojust go n-iarrfadh na húdaráis náisiúnta ar Europol chun bheith bainteach in imscrúdú in MOCG mórscála a bhí páirteach sa pheasghadaíocht shrathach i roinnt Ballstát, ónar tháinig cruinniú oibriúcháin ag Europol le hionchúisitheoirí ón nGearmáin agus ón Rómáin sa tinreamh air.

Thacaigh Eurojust ag leibhéal straitéiseach le tionscnamh EMPACT faoi cheannas Europol chun grúpa coiriúla a aithint agus chun díriú orthu ón mBulgáir agus ón Rómáin, a bhíonn bainteach le buirgléireachtaí srathacha, agus ghlac ionadaithe ó Dheasca Náisiúnta na Bulgáire agus na Rómáine ag Eurojust rannpháirt i gcruinniú Europol faoin ábhar sin i mí Mheán Fómhair 2015.

Lean Eurojust agus an Spáinn ar aghaidh ag glacadh comhcheannaireachta ar OAP laistigh den tionscadal EMPACT i leith OPC chun fadhbanna praiticiúla agus dlíthiúla a fheictear go minic a aithint agus a anailísiú, chomh maith leis an dea-chleachtas a gnóthaíodh sna himscrúduithe OPC ar fud an Aontais Eorpaigh, agus chun feasacht a spreagadh i measc oifigeach forghníomhaithe dlí agus oifigeach breithiúnach.

Ba tar éis eisiúint na tuarascála *Saincheisteanna nós imeachta agus dlíthiúla um MOCGí le speisialtacht san OPC*, sa bhliain 2014 a d'eisigh Eurojust tuarascáil leantach sa bhliain 2015, *Saincheisteanna nós imeachta agus dlíthiúla in imscrúduithe, ionchúisimh agus trialacha um Ghrúpaí Coiriúla Eagraithe Soghluaiste le speisialtacht sa Choireacht Maoine Eagraithe.* Tugtar anailís sa tuarascáil ar na príomhdhúshláin ag éirí as na himscrúduithe OPC.

Tugtar anailís sa tuarascáil ar na príomhdhúshláin ag éirí as na himscrúduithe OPC. Tá an tuarascáil bunaithe ar na freagraí do cheistneoir a tugadh do bhreithiúna agus ionchúisitheoirí, chomh maith le tionscnaimh agus beartais sonracha a cuireadh ar siúl sa Bheilg agus san Iorua chun comhrac i gcoinne OPC. Baineann ceann de na dúshláin ar ar tugadh aghaidh sa tuarascáil ar neamh-infheidhmitheacht na mbeart imscrúdaitheach céanna de chineál gobach i leith na gcionta a bhaineann le OPC i roinnt dlínsí (m.sh. Faireachas, cúléisteacht) arb iondúil go mbaintear leas astu sna himscrúduithe de choireanna eagraithe tromchúiseacha eile agus go mbaintear leas éifeachtach astu.

Léiriú Cáis

Ba in imscrúdú Gearmánach i ngoid mhórscála na mótarfheithiclí agus na gcomhchodanna luachmhara de ghluaisteáin, ar nós córas loingseoireachta agus málaí aeir a nochtadh OCG lenar bhain náisiúnaigh Liotuánacha, Laitviacha agus Gearmánacha, le naisc acu le roinnt cathracha sa Liotuáin. Tugadh ógánaigh Liotuánacha idir aois 16 agus 19 bliain chun na Gearmáine, chun goideanna a dhéanamh ar mhótarfheithiclí agus uathu den chuid ba mhó. Anuas ar na goideanna, bhíothas in amhras faoin OCG go ndearna siad buirgléireachtaí agus robálacha. Seoladh na hearraí goidte tríd an bPolainn lena ndíol sa Liotuáin. Nochtadh sna himscrúduithe nár OCG mór amháin, ach sé OCG ní ba lú a ghníomhaigh go neamhspleách óna chéile a bhí bainteach sna bearta coiriúla. Níor oibrigh na OCGí le chéile ach amháin chun críche iompar na n-earraí chun na Liotuáine.

Chonacthas do na húdaráis Ghearmánacha an gá do chomhoibriú breithiúnach trasteorann chun na hOCGí a bhaint dá gcéile, agus tháinig siad faoi dhéin Eurojust i gcomhair tacaíochta. Reáchtáladh cruinnithe comhordaithe i mí na Nollag 2014 agus i mí Iúil 2015 ónar tháinig comhoibriú dlúth idir na hoifigí ionchúisimh phoiblí lenar bhain agus na fórsaí póilíneachta, agus idirmhalartú mín agus luathaithe na faisnéise agus forghníomhú na n-iarratas MLA.

Tháinig comhoibríocht rathúil mar thoradh ar an gcomhoibriú dlúth sin i mí Dheireadh Fómhair 2015. Rinne ní ba mhó ná 1 000 póilín sa Liotuáin agus sa Ghearmáin cuardaigh ar ní ba mhó ná 100 baile agus gnólacht. Idirmhalartaíodh oifigigh idirchaidrimh ó phóilíní na Liotuáine agus na Gearmáine chun éifeachtacht na hoibríochta a fheabhsú. Bhí ionadaithe Eurojust i dteagmháil dhíreach leis na húdaráis náisiúnta i rith an lae ghnímh ar fad chun éascú do na comhghníomhartha. Forghníomhaíodh roinnt EAW Gearmánach an lá gnímh, agus gabhadh 47 amhrastach, lenar áiríodh roinnt ceannairí den OCG. Coigistíodh lear mór airgid thirim agus earraí goidte.

Tháinig nochtadh 440 gníomh coiriúil aonair agus bunú dliteanais choiriúil ó chomhiarrachtaí na n-údarás Gearmánach agus Liotuánach le tacaíocht ó Eurojust. B'ionann luach na ndamáistí ó na gníomhaíochtaí úd agus tuairim EUR 7.5 milliún. Bhí an cás fós ar siúl sa bhliain 2015.

Cruinniú straitéiseach faoin THB ...

... agus faoin gcibearchoireacht

2.2 Cúnamh Eurojust i réimsí eile na gníomhaíochta coiriúla

2.2.1 An sciúradh airgid

Feictear fás leanúnach i gcásobair Eurojust sa sciúradh airgid mar thoradh díreach ar chineál coimhdeach an chineáil chiona sin, a bhaineann de ghnáth le coireanna ar nós na calaoise. Cláraíodh 283 cás um sciúradh airgid sa bhliain 2015, ar mhéadú géar é i gcomparáid leis an mbliain 2014 (220). Reáchtáladh cúig chruinniú comhordaithe is leathchéad i leith sciúradh airgid, arbh é an treas cineál coireachta ba mhinice é, tar éis na calaoise agus na gáinneála drugaí, ar pléadh leis sna cruinnithe comhordaithe.

Ba iad an Ghréig, an Fhrainc agus an Rómáin na Ballstáit ab iarrthaí. Ba iad an Ghearmáin, an Iodáil, an Chipir agus an Ríocht Aontaithe na Ballstáit ab iarrtha.

2.2.2 Coireanna PIF

Cláraíodh seachtó cás inar pléadh le cionta a théann i bhfeidhm go díreach nó go hindíreach nó a fhéadann dul i bhfeidhm ar leasanna airgeadais an AE (coireanna PIF) sa bhliain 2015. Ní mheasann gach Ballstát an chalaois CBL mar chineál ciona a théann i bhfeidhm ar leasanna airgeadais an AE i láthair na huaire. Caitear leis an gcalaois CBL i staitisticí Eurojust mar chatagóir ar leithligh agus ní áirítear í mar choir PIF. Tháinig méadú ar thacaíocht oibriúcháin Eurojust sna cásanna PIF a soláthraíodh trí chruinnithe comhordaithe (11 i gcomparáid le seachtar sa bhliain 2014), agus sholáthair Eurojust tacaíocht do JITí (cúig JIT gníomhach sa bhliain 2015, lenar áiríodh ceathrar ón mbliain 2014).

Ba iad an Ghréig, an Ungáir, agus an Rómáin na Ballstáit ab iarrthaí. Ba iad an Ghearmáin, Poblacht na Slóvaice agus an Ríocht Aontaithe na Ballstáit ab iarrtha.

D'aontaigh Coláiste Eurojust sa bhliain 2015 gan tosaíocht a bheartú do shaothar straitéiseach sa limistéar sin nó go gcríochnaítear an próiseas reachtúil i leith Treorach nua um choireanna PIF agus nó go nglactar ag leibhéal an AE le sainmhíniú aontaithe comónta i leith coireanna PIF.

Rinne Eurojust rannchur le staidéar an Choimisiúin Eorpaigh i mí Dheireadh Fómhair 2015 i leith na dtairbhí féideartha le EPPO arna stiúradh ag *Consortium Österreichisches Institut für Wirtschaftsforschung* (ECORYS). Tugadh forbhreathnú ar roinnt cásanna maidir le PIF agus calaois CBL, lenar áiríodh faisnéis i dtaobh na mBallstát iarrthach agus iarrtha, agus comhoibriú le tríú Stáit.

2.2.3 An phíoráideacht mhuirí

Foilsíodh i mí Aibreáin 2015 an dara heagrán den *Mhonatóir Breithiúnach um Píoráideacht Mhuirí* (*MPJM*) mar cháipéis Eurojust le rochtain theoranta, tar éis fhoilsiú an chéad *MPJM* i mí Mheán Fómhair 2013 chun saineolas na n-ionchúisitheoirí Eorpach a phléann le cásanna píoráideachta muirí agus chun na huirlisí breise a sholáthar dóibh i leith cásanna leanúnacha agus amach anseo. Is ann sa *MPJM 2015* a fhaightear forbhreathnú ar an gcreatlach dhlíthiúil is infheidhmithe sna 19 Ballstát, chomh maith leis an Iorua agus SAM agus comhaontuithe déthaobhacha le tríú Stáit i leith aistriú na bpíoráidí faoi amhras.

Tugtar anailís ina theannta sin ar chinntí breithiúnacha a tugadh sa chéadchéim nó ar leantach iad do chásanna a cuireadh faoi bhráid an *MPJM 2013*. Aibhsítear san anailís saincheisteanna praiticiúla agus dlíthiúla a tugadh aníos leis na cinntí, lenar áiríodh gnéithe de dhlí chearta an duine chomh maith le dúshláin maidir le himeachtaí píoráideachta muirí i gcoinne mionaoiseach nó i dtríú Stáit.

Cuirtear síos sa MPJM 2015 freisin ar an bpróiseas chun JIT Nemesis a bhunú agus a reáchtáil, ar JIT i ndáil leis an bpíoráideacht mhuirí é, a atógadh trí agallaimh leis na hionchúisitheoirí Ísiltíreacha agus Gearmánacha a thionscain agus a ghlac rannpháirt sa JIT maille le Europol. Ar deireadh, pléitear ann an laghdú i líon na dteagmhas píoráideachta i Murascaill Áidin, aithnítear ann an claochlú sa ghníomhaíocht píoráideachta chun na hAfraice Thiar, aibhsítear ann an chuma éagsúil atá léi i Murascaill Ghuiné agus déantar iniúchadh ann ar an gcomhoibriú idirnáisiúnta ag leibhéil oibriúcháin (m.sh. trí INTERPOL) agus breithiúnacha chun dul i ngleic leis an mbagairt seo atá ag teacht aníos.

Cruinniú faoin bpíoráideacht mhuirí

Bhí cruinniú um píoráideacht mhuirí ag Eurojust an 20 Bealtaine 2015 le rannpháirteachas ann ó ní ba mhó ná 40 saineolaí in imscrúdú agus ionchúiseamh na gcoireanna a bhaineann le píoráideacht mhuirí, .i. Ionadaithe ó údaráis náisiúnta breithiúnacha agus forghníomhaithe dlí ó na Ballstáit, ón Iorua, ón Eilvéis, ó SAM, ó Oileán Mhuirís agus na Séiséil, chomh maith le hionadaithe ó FP Eurojust um Píoráideacht Mhuirí, Fo-Stiúrthóireacht Slándála Muirí INTERPOL agus ó Chlárlann na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.

B'éard ba sprioc leis an gcruinniú ná chun faisnéis a idirmhalartú um chásanna píoráideachta muirí le deireanas agus chun plé a dhéanamh ar straitéisí sa chomhrac i gcoinne na píoráideachta muirí, chomh maith le tábhacht an chomhoibrithe bhreithiúnaigh idirnáisiúnta um imscrúduithe agus ionchúisimh. Pléadh freisin príomhthorthaí an *MPJM* 2015.

Soláthraíodh dhá sheisiún idirghníomhacha leis an gcruinniú. Áiríodh leis an gcéad sheisiún, *Thuas seal, thíos seal in ionchúiseamh cionta píoráideachta muirí: dúshláin, ceachtanna foghlamtha agus scéalta ratha*, láithreoireachtaí ó ionchúisitheoirí/bhreithiúna a phléigh leis na cásanna píoráideachta muirí le déanaí sa Spáinn, san Iodáil, san Ísiltír, sa Pholainn, sa Ghearmáin, sa Bheilg agus sa Fhrainc. Pléadh sa seisiún le réimse leathan dúshlán praiticiúil agus dlíthiúil ag éirí as na cásanna úd, lenar áiríodh bailiú fianaise, gabháil amhrastach agus comhoibriú laistigh de JIT éigin. Pléadh freisin gnéithe a bhaineann leis an bpróis chuí agus an triail chóir i gcásanna píoráideachta muirí, go háirithe maidir le ceart na n-amhrastach chun a dtabhairt os comhair breithimh go pras.

An comhoibriú réigiúnach agus idirnáisiúnta: tábhacht an chúnaimh dhlíthiúil agus oibriúcháin sa chomhrac i gcoinne na píoráideachta muirí ba theideal don dara seisiún. Chuir ionadaithe Oileán Mhuirís agus na Séiséal na creatlacha dlíthiúla agus na gnéithe praiticiúla i láthair d'fhreagra breithiúnach a n-údarás don phíoráideacht mhuirí, agus chuir ionadaithe Europol agus INTERPOL gníomhaíochtaí a n-eagras i láthair i réimse an chomhoibrithe idirnáisiúnta agus an tacaíocht a thugtar d'údaráis forghníomhaithe dlí agus imscrúdaitheacha chun comhrac i gcoinne na píoráideachta muirí.

2.2.4 An choireacht chomhshaoil

Leanann Pointe Teagmhála Eurojust don Choireacht Comhshaoil ar ghnóthaí coireachta comhshaoil agus comhroinneann saineolas agus dea-chleachtas le cleachtóirí agus le geallsealbhóirí seachtracha. Is chun an comhoibriú breithiúnach a fheabhsú agus chun tacú leis na húdaráis inniúla sna Ballstáit i gcásanna ábhartha atá Eurojust ag obair ar liosta pointí teagmhála laistigh de na seirbhísí ionchúisimh náisiúnta sna Ballstáit leis an saineolas i réimse na coireachta comhshaoil chun cumais oibriúcháin na n-údarás inniúil a mhéadú sna cásanna trasteorann lena mbaineann cionta comhshaoil.

Chláraigh Eurojust cúig chás maidir leis an gcoireacht comhshaoil sna blianta 2014 agus 2015 faoi seach. Bhain comhchuid calaoise le dhá cheann de na cásanna úd. Is í an tSualainn an Ballstát is iarrthaí i gcásanna coireachta comhshaoil, agus is iad an Ghearmáin agus an Ísiltír na Ballstáit ab iarrtha.

Tá Eurojust tar éis teagmhálacha a chothabháil le roinnt gréasán a bhíonn gníomhach i réimse na coireachta comhshaoil, ar nós EnviCrimeNet agus Gréasán Eorpach na nIonchúisitheoirí don Chomhshaol. Tá Eurojust tar éis bheith ag freastal ar chruinnithe Ghrúpa Forghníomhaithe DG ENVI, ina ndéantar monatóireacht ar bheartas agus cleachtas forghníomhaithe chun forghníomhú na reachtaíochta um thrádáil fiadhúlra a fheabhsú. Tugann Eurojust ionchur sna comhphléanna ó dhearcadh breithiúnach.

2.2.5 An chosaint leanaí

Cláraíodh 45 cás lenar bhain leanaí íosparta le Eurojust sa bhliain 2015. Ba iad na cineálacha coireachta ba mhinice a bhain le cionta i gcoinne leanaí an drochúsáid ghnéasach, THB, fuadach, agus íomhánna drochúsáide leanaí. Ba iad Poblacht na Slóvaice, an tSualainn agus Rómáin na Ballstáit ab iarrthaí; agus ba í an Ghearmáin, an Ríocht Aontaithe agus an Iodáil na Ballstáit ab iarrtha.

Tacaítear a thuilleadh le tiomantas Eurojust chun comhrac i gcoinne leanaí tríd an saothar ag an bPointe Teagmhála um Chosaint Leanaí, a fheidhmíonn mar ionadaí Eurojust i leith gnóthaí comhoibrithe bhreithiúnaigh maidir le coireanna a dhéantar i gcoinne leanaí, cosaint leanaí agus gnóthaí gaolmhara chun na n-údarás náisiúnta, eagras forghníomhaithe dlí agus comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile nach iad, lena n-áirítear an Dara Comhdháil Spreagtha Feasachta de chuid na Comhghuaillíochta Airgeadais Eorpaí i gcoinne Dhúshaothrú Tráchtála Leanaí ar Líne (EFC) a reáchtáladh sa bhliain 2015 ag Parlaimint na hEorpa. Is é an Pointe Teagmhála freisin a thugann comhairle do na Deasca Náisiúnta i leith uirlisí agus beart atá saindeartha d'imscrúduithe coiriúla agus do nósanna imeachta maidir le leanaí, lena n-áirítear cosaint finnéithe agus íospartach. Ina theannta sin is amhlaidh a ghlac an Pointe Teagmhála rannpháirt ghníomhach sna cruinnithe EMPACT, le freagracht as sainaithint an dea-chleachtais bunaithe ar chásobair Eurojust.

Cruinniú i leith mór-imeachtaí spóirt

D'fheidhmigh Eurojust mar óstach do chruinniú an 17 agus 18 Meitheamh i leith *Forbairt Treorach Dea-Chleachtais don chomhoibriú breithiúnach i ndáil le mórimeachtaí spórt*. Tugadh le chéile sa chruinniú saineolaithe ó sheacht mBallstát inar eagraíodh mórimeachtaí spóirt le deireanas, eadhon an Phortaingéil, an Ísiltír,

an tSualainn, an Bheilg, an Ostair, an Ríocht Aontaithe agus an Fhrainc, chomh maith le hionadaithe ón EJN agus ón gCoimisiún Eorpach. Bhuail cleachtóirí le chéile a phléann leis an gcomhoibriú breithiúnach i ndáil le gnóthaí coiriúla ag mórimeachtaí spórt chun feabhsú a chomhphlé um chomhroinnt agus idirmhalartú taithí chun coireanna a d'fhéadfaí a dhéanamh i rith imeachtaí mar iad a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

B'éard ba thoradh leis ná aithint moltaí faoin gcaoi chun faisnéis ghinearálta a idirmhalartú roimh, agus chun faisnéis agus fianaise i ndáil leis an gcás a idirmhalartú le linn mórimeachtaí spórt, i leith na rogha fóraim don ionchúiseamh, don triail agus d'fhorghníomhú pianbhreitheanna maidir le coireanna a bhaineann leis an imeacht agus le cur chun feidhme na nósanna imeachta luathaithe, más féidir ar chor ar bith faoi dhlí náisiúnta an Óst-Stáit.. Leagadh béim ar ról Eurojust chun an comhoibriú idir na húdaráis inniúla náisiúnta a fheabhsú i ndáil le mórimeachtaí spórt, go háirithe chun cúnamh agus chun éascú le bunú na teagmhála idir na húdaráis bhreithiúnacha inniúla den Óst-Stát agus de na Stáit rannpháirteacha, agus chun comhairle a thabhairt i gcásanna choinbhleachta dlínse.

Táthar tar éis cáipéis Eurojust, *Moltaí um chomhoibriú breithiúnach i gcúrsaí coiriúla i ndáil le mórimeachtaí spórt*, a fhorbairt agus tá sí ar fáil ar láithreán gréasáin Eurojust féin.

2.3 Comhpháirtithe Eurojust

2.3.1 Comhoibriú le Europol

D'athnuaigh Eurojust agus Europol a gcuid iarrachtaí chun a gcuid comhoibrithe a neartú sa bhliain 2015, i gcomhréir le forálacha Chonradh Liospóin agus leis an Comhaontú Comhoibrithe 2009.

Bhíodh Eurojust agus Europol ag idirmhalartú faisnéise go rialta i leith cruinnithe oibriúcháin sceidealaithe ag Europol agus cruinnithe comhordaithe ag Eurojust chun a chinntiú gur feasach dóibh an saothar oibriúcháin leanúnach araon. D'fhreastail Europol ar 99 cruinniú comhordaithe agus bhí baint aici le 34 cás a cláraíodh ag Eurojust sa bhliain 2015. D'fhreastail Europol ar chúig lárionad comhordaithe.

Choinnigh Eurojust uirthi de bheith ina rannpháirtí lánchomhtháite i bpointí fócais Europol. Ghnóthaigh Eurojust comhlachas foirmiúil sa bhliain 2015 le Pointí Fócais d'Aisghabháil Sócmhainní, Caimiléireacht Spórt agus don Lucht Siúil, ag tabhairt an lín iomláin chuig 24. Ghlac Eurojust rannpháirt anuraidh i roinnt gníomhaíochtaí oibriúcháin a reáchtáladh laistigh de chreatlach an Phointe Fócais Furtum (Oibríocht Kasimir agus Oibríocht Sprinter, inar díríodh ar OCGí a bhí bainteach le goid gluaisteán agus comhchodanna gluaisteán sa Ghearmáin agus sa Pholainn faoi seacht) agus an Phointe Fócais Cola (Oibríocht Partagas, ónar tháinig gabháil gáinneálaí mhóir le rá ar dhrugaí ón Ríocht Aontaithe sa Spáinn). Iomorra, rinne Eurojust monatóireacht ar na forbairtí ó na laethanta comhghnímh EMPACT ar ar tugadh Oibríocht Ómra Gorm, a reáchtáladh i gcaitheamh na bliana 2015 trí bheith ar fuireachas trí mheán na OCC agus trí fhreastal ar sheisiúin faisnéisithe ag Lárionad Oibríochta Europol chun beart leantach breithiúnach pras nuair is gá.

Rannchuir Eurojust le TE-SAT Eurojust don bhliain 2015 trí shonraí a sholáthar i leith ciontuithe agus pionós i gcionta sceimhlitheoireachta sna Ballstáit – a bailíodh de bhun Chinneadh 2005/671/JHA ón gComhairle – agus le leasuithe ábhartha sa reachtaíocht náisiúnta faoin sceimhlitheoireacht. Ghlac Eurojust rannpháirt i bhforbairt na modheolaíochta leasaithe don tuarascáil SOCTA 2018-2021 atá ag teacht aníos.

Pléadh na hábhair seo a leanas ag cruinnithe rialta ag na leibhéil oibre agus bainistíochta chun comhoibriú a fheabhsú agus chun tuilleadh bealaí comhoibrithe a thaiscéaladh: (i) an caidreamh idir pointí fócais Europol agus pointí teagmhála Eurojust, (ii) an fhéidearthacht go gcroscheadófaí sonraí Eurojust i gcoinne córais faisnéise Europol agus (iii) Comhthuarascáil Bhliantúil na bliana 2014 chun na Comhairle agus an Choimisiúin (cáipéis AE 10472/15).

Choinnigh Eurojust agus Europol orthu ag reáchtáil seisiún cláir idirmhalartaithe, atá deartha chun feasacht fhrithpháirteach a spreagadh dá dtascanna, struchtúir agus cumais faoi seach.

2.3.2 An comhoibriú le OLAF

Ba bhunaithe ar an, a leanadh ar aghaidh leis an gcomhoibriú idir Eurojust agus OLAF chun comhrac i gcoinne na calaoise, na caimiléireachta agus coireanna eile a théann i bhfeidhm ar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh. Taispeántar sa chomhoibriú sin cé chomh tábhachtach agus atá idirmhalartú na faisnéise agus na comhpháirtíochta chun leasanna airgeadais an AE a chumhdach.

D'oibrigh Eurojust agus OLAF i gcomhar a chéile ar 20 cás (ocht gcás de chuid Eurojust agus 12 cás de chuid OLAF), a

raibh seachtar acu ina gcásanna comónta nua a osclaíodh sa bhliain 2015. D'fhreastail ionadaithe OLAF ar chúig chruinniú comhordaithe ag Eurojust, ónar tháinig cur chuige éifeachtach ilghníomhaireachta sna cásanna trasteorann. D'fhreastail Eurojust freisin ar chruinniú comhordaithe amháin arna eagrú ag OLAF ag a áitreabhsan.

Ba é comhpháirtíocht OLAF den chéad uair riamh i JIT an cor cinniúnach sa chomhoibriú oibriúcháin a chonacthas sa bhliain 2015. Bhain an cás le OCG a bhí páirteach i gcalaois máil, imghabháil cánach, smuigleáil toitíní agus sciúradh airgid. Thiomsaigh an OCG ar ar díríodh an aird cainníochtaí ábhalmhóra toitíní i monarchana folaitheacha trí leas a bhaint as comhchodanna a soláthraíodh go mídhleathach (an tobac, scagairí, scragall, pacáistí, stampaí cánach): Tugadh isteach na toitíní go mídhleathach ina dhiaidh sin san Aontas Eorpach trí thrucail nó trí bhealach iompair éigin eile ar thalamh, i dteannta le cáipéisí brionnaithe onnmhairithe, allmhairithe agus iompair.

D'idirmhalartaigh Eurojust agus OLAF achoimrí cáis go rialta maidir le coireanna PIF chun cásanna a aithint ina mbainfí tairbhe as an gcomhoibriú frithpháirteach. D'éirigh an t-idirmhalartú faisnéise ní ba mhionsonraithe chun éascú do mheasúnú an chomhoibrithe agus d'aithint an dea-chleachtais, le faisnéis shonrach, ar nós líon agus chineál na gcruinnithe comhordaithe arna n-eagrú nó gníomhaíochtaí i ndáil le JIT éigin.

Ba le linn na gcruinnithe rialta idir Eurojust agus OLAF ag na leibhéil oibre agus bainistíochta a pléadh deiseanna chun comhoibriú a mhéadú, ar nós bhreithmheas na modheolaíochta d'idirmhalartuithe na n-achoimrí cásanna, agus na hoiliúna. D'eagraigh Eurojust an dara seisiún oiliúna ag OLAF sa bhliain 2015 chun feasacht a spreagadh i measc imscrúdaitheoirí i leith ról agus tascanna Eurojust agus a modhanna oibre.

2.3.3 An comhoibriú le tríú Stáit

Comhaontuithe comhoibrithe

Tugadh na hidirbheartaíochtaí ar chomhaontuithe comhoibrithe leis an Úcráin agus leis an Montainéagró chun críche. Cuireadh an dá dhréacht-chomhaontú comhoibrithe faoi bhráid na Comhairle lena bhfaomhadh. Tar éis breithiúnais na CCAE an 16 Aibreán 2015 ba cheart i ngach cás ina dtugtar cumhachtaí forfheidhmithe le hachtanna faoin iar-treas colún ar an gComhairle, ba cheart don Chomhairle ceadú le Parlaimint na hEorpa, de bhun

Eurojust agus oiliúint

Is iad na cleachtóirí a fhreastalaíonn ar sheimineáir théamacha Eurojust, agus ceadaítear do chomhroinnt taithí agus dea-chleachtais leo. Is féidir féachaint ar na seimineáir sin mar oiliúint phraiticiúil. Tacaíonn Eurojust go sonrach leis an oiliúint sa chomhoibriú breithiúnach i Mgcúrsaí coiriúla ar bhunús Meabhráin Chomhthuisceana a síníodh leis an EJTN (2008).

Mar chuid de chreatlach an Chlár Idirmhalartaithe EJTN ab amhlaidh a ghlac ionchúisitheoirí/breithiúna ó ocht mBallstát (an Ghearmáin, an Ostair, an Ungáir, an Pholainn, an tSualainn, an Spáinn, an Iodáil agus an Bhulgáir) rannpháirt i dtréimhsí oiliúnaí fadtéarmacha (3 nó 4 mhí) ag Deasca Náisiúnta Eurojust, ag tacú lena saothar oibriúcháin. Thug Eurojust cuairt staidéir aon seachtain amháin isteach sa bhliain 2015, a tharla i mí an Mhárta agus ar ar fhreastail 25 ionchúisitheoir/breitheamh ó 17 Ballstát. Ina theannta sin is amhlaidh a ghlac baill na nDeasc Náisiúnta rannpháirt ghníomhach i sé sheimineár EJTN laistigh de chreatlach an Cheartais Choiriúil Tionscadal I, *An Comhoibriú Breithiúnach Idirnáisiúnta i gCúrsaí Coiriúla sa Chleachtadh: Ionsamhluithe EAW agus MLA*. Is éard is ról Eurojust sna seimineáir úd ná chun saothar na gcleachtóirí a mhaoirsiú. Tar éis na réasúnaíochta laistiar den mhodheolaíocht den 'fhoghlaim trí chleachtadh' is amhlaidh atá láithreoireacht, Ról Eurojust sa Chomhoibriú Breithiúnach i gCúrsaí Coiriúla, sceidealaithe don lá deireanach mar chonclúid leis an seimineár. Bhuail Ard-Rúnaí an EJTN le hUachtarán Eurojust an 7 Nollaig 2015 chun plé a dhéanamh ar bhealaí chun an comhoibriú a fheabhsú.

I gcomhréir leis an Meabhrán Comhthuisceana le CEPOL (2010), lean Eurojust ar aghaidh ag tacú le cúrsaí oiliúna i limistéir éagsúla, ar nós imscrúduithe airgeadais agus anailíse ar chalaois mháil, smuigleála cócaoin agus hearóine, frithscheimhlitheoireachta agus FTFí, brionnú earraí agus ceart maoine intleachtúla, JITí, EAWí agus EIOí, THB agus smuigleála inimirceach mídhleathach. Ina theannta sin, ghlac Eurojust rannpháirt ghníomhach i gcomhar leis an EJTN sa chúrsa *Comhfhoirne Imscrúdaithe agus Ceannaireacht Foirne*.

Tacaíonn Eurojust le seimineáir ar líne CEPOL ach iad a scaipeadh go hinmheánach agus glacann rannpháirt iontu uaireanta go gníomhach le cainteoirí, m.sh. an seimineár ar líne *Comhoibriú Póilíneachta agus Breithiúnach i réimse Teacht i dTír Gnéasach ar Leanaí*. Is geallsealbhóir í Eurojust i gComh-mháistirchlár Eorpach CEPOL.

Dlúthbhaint tríú Stát, comhpháirtithe comhoibrithe agus eagras idirnáisiúnta i gcásanna Eurojust



Airteagal 39(1) d'iar-Chonradh an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an nós imeachta nua atá i bhfeidhm is amhlaidh a sheol an Chomhairle nósanna imeachta comhairliúcháin le Parlaimint na hEorpa i mí Dheireadh Fómhair 2015. Reáchtáladh comhphléanna leis na húdaráis Mholdóvacha sa tsúil chun an Comhaontú Comhoibrithe idir Eurojust agus an Mholdóiv a chur i bhfeidhm, a síníodh i mí Iúil 2014.

Chuathas i mbun teagmhálacha chun measúnú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na reachtaíochta cosanta sonraí agus chun an fhéidearthacht a thaiscéaladh go dtionscnófaí idirbheartaíochtaí um chomhaontuithe comhoibrithe leis an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Iosrael, an tSeirbia agus an Tuirc. Cuireadh an tSeoirsia le liosta tosaíochta Eurojust chun réamhchainteanna a thionscnamh i leith tosú féidearthaí idirbheartaíochtaí i gcomhair comhaontaithe comhoibrithe. Bunaíodh teagmhálacha leis an mBrasaíl chun féidearthachta na gcomhaontuithe comhoibrithe amach anseo a thaiscéaladh. Athdheimhníodh bunú teagmhálacha freisin le tíortha Laidineacha Mheiriceá agus na Mara Cairib eile, go háirithe an Cholóim agus Meicsiceo, mar thosaíocht.

Cásobair Eurojust lenar bhain tríú Stáit

Thug Eurojust cúnamh i 298 cás lenar bhain tríú Stáit, ar mhéadú nach beag é i gcomparáid le 208 cás sa bhliain 2014. As na 63 tríú Stát, ba í an Eilvéis (103) an ceann ba mhinice lenar bhain tríú Stát, agus SAM (36), an Iorua (34) agus an tSeirbia (31) sna sála uirthi.

Seimineár idir an tAE-SAM um fhorfheidhmiú na gComhaontuithe Cúnaimh Dhlíthiúil Frithpháirtigh agus Eiseachadta idir an tAE agus SAM

Reáchtáladh *Seimineár idir an tAE-SAM um fhorfheidhmiú na gComhaontuithe Cúnaimh Dhlíthiúil Frithpháirtigh agus Eiseachadta idir an tAE agus SAM* an 8 agus 9 Deireadh Fómhair ag Eurojust.

Ba iad SAM, An Coimisiún Eorpach agus Eurojust a chomheagraigh an seimineár mar bheart leantach do *Cheardlann na bliana 2012 um fheidhmiú na gComhaontuithe um Chúnamh Dlíthiúil Frithpháirtieach agus Eiseachadadh idir an tAontas Eorpach agus SAM*.

Tugadh le chéile sa seimineár cleachtóirí ó na Ballstáit agus ó SAM, na hIonchúisitheoirí Idirchaidrimh don Iorua agus don Eilvéis atá ar post ag Eurojust chomh maith le hionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, ó Ard-Rúnaíocht na Comhairle, Comhordaitheoir Frith-Sceimhlitheoireachta an AE, Comhairle

na hEorpa agus Europol. Bhí ionadaithe ón earnáil phríobháideach i láthair freisin i rith na seisiún oscailte den seimineár.

Stiúradh an seimineár faoi mheanma an dea-chomhoibrithe agus léiríodh fonn ann ó gach rannpháirtí chun obair le chéile chun an comhoibriú breithiúnach idir na Ballstáit agus SAM a fheabhsú. Cuireadh an bhéim sna láithreoireachtaí agus comhphléanna dá réir chun an mhuinín agus an tuiscint ar chórais dlíthiúla a chéile a fheabhsú agus ar an gcumas don chomhoibriú cé gur feasach fós dóibh na teorainneacha a thagann ón gcreatlach dhlíthiúil infheidhmithe agus ó acmhainní infhaighte.

Ba phríomhábhar airde an tseimineáir chun forbhreathnú fairsing a thabhairt do na rannpháirtithe i leith na bhféidearthachtaí, na gceanglas agus na dteorainneacha i gcaomhnú agus i mbailiú na fianaise leictreonaí, agus chun a hinghlacthacht in imeachtaí coiriúla a chinntiú. I measc na n-ábhar eile a pléadh go mionsonraithe bhí an coigistiú, aisghabháil sócmhainní agus comhroinnt sócmhainní, comhoibriú um imeachtaí eisceachadta agus stádas fhorfheidhmiú an Chomhaontaithe um Chúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach idir an tAE agus SAM, go háirithe maidir le fáil eolais i leith na mbanc i gcomhréir le hAirteagal 4 agus bunú JITí i gcomhréir le hAirteagal 5 den chomhaontú thuasluaite. Sholáthair na rannpháirtithe ó SAM faisnéis dhlíthiúil luachmhar agus ábhair i dtaobh na bpraiticiúlachtaí agus na gceanglas dlíthiúil i gcomhair cineálacha éagsúla MLA agus iarratas eiseachadta chun SAM, agus rinne a gcomhpháirtithe ón AE a mhacasamhail.

Tháinig an seimineár chun deiridh le dearcadh i leith na moltaí lena mbreithniú ag na Ballstáit agus SAM chun an comhoibriú breithiúnach a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a aithnítear ansin, ar nós eagrú ceardlann ag a bhféadfaí tacaíocht a fháil ó Eurojust agus infhaighteacht an bhuiséid agus acmhainní.



Ba iad an chaimiléireacht agus an chalaois, an sciúradh airgid, an chaimiléireacht, dlúthbhaint OCG éigin, an gháinneáil ar dhrugaí agus an choireacht in aghaidh na beatha, an choirp agus na saoirse pearsanta na príomhchineálacha coireachta. Tháinig méadú ar líon na gcásanna cibearchoireachta lenar bhain tríú Stáit sa bhliain 2015 nuair a chuirtear é i gcomparáid le líon na bliana 2014 (ó 10 chuig 15). Tá an sceimhlitheoireacht agus smuigleáil na n-inimirceach mídhleathach anois i measc na bpríomhchineálacha coireanna anois lena mbaineann tríú Stáit i gcomparáid leis an mbliain 2014.

Bhí ionadaíocht ag tríú Stáit ag 67 cruinniú comhordaithe arna n-eagrú ag Eurojust, i gcomparáid le hionadaíocht i 41 cruinniú comhordaithe anuraidh. Ba iad na tríú Stáit a d'fhreastail ar chruinnithe comhordaithe Eurojust ná an Eilvéis (19), le SAM agus an Iorua (14 araon), agus an Úcráin (6)sna sála orthu. Bhí baint ag an Eilvéis (2), an Iorua (1) agus an Úcráin (1) le lárionaid chomhordaithe ag Eurojust. I measc na dtríú stát a bhí bainteach sna JITí bhí an Iorua (3), an Mholdóiv agus an tSeirbia (2 araon) chomh maith leis an Astráil, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Eilvéis, an Úcráin agus SAM.

Léirithe Cáis

Iarradh tacaíodh Eurojust i gcás sciúrtha airgid Spáinneach a chuaigh i bhfeidhm ar a laghad 11 Ballstát agus ar roinnt tríú Stát. Bhí na húdaráis Spáinneacha in amhras faoi OCG gur sciúir siad lear mór airgid trí infheistíóchtaí réadmhaoine sa Costa del Sol (Malaga, an Spáinn). Ba tríd an mBeilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, an Pholainn agus an Ríocht Aontaithe a cuireadh na híocaíochtaí chomh maith leis an Eilvéis, SAM agus Giobráltar. Bhíothas in amhras faoin OCG gur thug siad breabanna d'údaráis Spáinneacha áitiúla ach íocaíochtaí mídhleathacha a thabhairt chun ceadanna tógála a fháil (mí-úsáid dualgas agus cionta breabaireachta). Tráth oscailt an cháis Eurojust i mí Aibreáin 2013 is amhlaidh a cuireadh an t-iarcheannaire agus an t-airgeadaí amhrasta den OCG ar a thriail agus a fuarthas ciontach iad thall i SAM sa sciúradh airgid, agus dhírigh an t-imscrúdú Spáinneach ar a chomharbaí agus ar pháirtithe bainteacha eile.

Reáchtáladh cruinniú comhordaithe i mí Iúil 2013 inar deimhníodh go raibh an cás nasctha le gníomhaíochtaí comhchosúla i go leor tíortha eile, agus tugadh suntas ann d'imscrúdú leanúnach sa Bheilg a bhain leis an iar-cheannaire agus a chomhchoirithe. Tugadh an aisghabháil sócmhainní aníos mar cheann de na príomhchuspóirí den imscrúdú Spáinneach.

Thug na rannpháirtithe nod don chreatlach reachtúil náisiúnta ab infheidhmithe leis an gcion úd. Faoi mar ab amhlaidh i mBallstáit eile, braitheadh sa chás Spáinneach ar an gcinneadh i leith cion preideacáide sa sciúradh airgid, ónar theastaigh gá chun tuilleadh fianaise a fháil ó Stáit rannpháirteacha eile. D'éascaigh Eurojust do thraiseoladh na n-iarratas MLA Spáinneach chuig roinnt Ballstát agus chun na hEilvéise. I bhfianaise an chaoi ar bhain an t-imscrúdú Spáinneach leis an sciúradh airgid sa Spáinn is amhlaidh a pléadh imthoisc *ne bis in idem* ach níor breithníodh í bheith ina priacal tromchúiseach.

Nascadh an cás le cás sa Ríocht Aontaithe a cláraíodh sa bhliain 2013, agus dá réir le comhchruinniú comhordaithe i ndáil leis an OCG céanna a reáchtáladh i mí an Mhárta 2014. Breithníodh JIT féideartha idir an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe, ach níor ceapadh é bheith iomchuí ag an tráth sin, óir gur cuireadh béim ar idirchaidreamh díreach agus ar MLA 'saindírithe'. Mar thacaíocht do na cásanna Spáinneacha is amhlaidh a d'aontaigh na húdaráis Bheilgeach chun aon chinntí cúirte Beilgeacha infhaighte a chomhroinnt lena gcomhghleacaithe Spáinneacha a rabhthas tar éis a thabhairt i gcoinne iar-cheannaire an OCG.

Bhíothas tar éis imscrúduithe sna cleachtais mhídhleathacha den OCG a oscailt faoin mbliain 2015 i roinnt Stát, agus bhí na húdaráis Spáinneacha tar éis go leor iarratas MLA a eisiúint. Ba mar chuid den ullmhúchán i gcomhair cruinniú comhordaithe i mí Feabhra 2015 a rinne Eurojust anailís ar gach iarratas MLA gan socrú, ag cuíchóiriú dá réir an phlé maidir lena bhforghníomhú sna Stáit rannpháirteacha agus ónar tháinig idirmhalartú faisnéise luachmhar. Ba ag an gcéim sin den chás a tugadh aníos an tsaincheist *ne bis in idem* in athuair. D'aontaigh na rannpháirtithe go seolfaí cóip den díotáil a ullmhaíodh mar thoradh ar an imscrúdú Beilgeach chun na n-údarás Spáinneach chun saincheist fhéideartha den *ne bis in idem* a chosc ní ba dhéanaí. Iarradh cúnamh ó Eurojust, faoi scáth Airteagal 40 de Chinneadh Eurojust ón gComhairle, chun forghníomhú tapa iarratais MLA Spáinnigh chun Giobráltar a bhrú ar aghaidh, ar dlínse féinrialaitheach é. Bhí baint ag Europol leis an gcás agus thacaigh leis na himeachtaí breithiúnacha leanúnacha ach tuarascáil mhionsonraithe a sholáthar do gach Stát bainteach inar nascadh cásanna i roinnt Stát.

Bhí an cás fós ar siúl sa bhliain 2015.

Príomh-chineálacha coireachta sna cásanna lena mbaineann tríú Stáit



Léirithe Cáis

D'fhéach na húdaráis Fhrancacha cúnamh Eurojust i mí na Nollag 2014 chun OCG bunaithe sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin (BiH) a bhriseadh, agus naisc acu leis an Ostair agus leis an bhFrainc. Ba é ceann fine agus a thriúr mac a bhí i mbun an OCG, agus bhí siad páirteach sa THB lenar bhain mionaoisigh, ag dúshaothrú íospartach trí iallach a chur orthu chun goid a dhéanamh, go príomha ar chóras iompair phoiblí Pháras. Bhíothas in amhras a thuilleadh faoin OCG a bhí gníomhach ón mbliain 2012 i leith ar a laghad go raibh siad páirteach i gceannaíocht drugaí, i ngáinneáil feithiclí goidte agus sa sciúradh airgid, agus brabúis mheasta os cionn EUR 2 milliún acu. Cuireadh na fáltais ar ais chun BiH, agus baineadh leas astu chun feithiclí agus maoine sómasacha a cheannach.

Bunaíodh dhá chruinniú comhordaithe sa Háig agus i Sairéavó faoi seach, rud a d'éascaigh do chomhroinnt na faisnéise idir an Fhrainc agus BiH, agus tionscnamh imscrúduithe comhthreomhara san Ostair á chosc dá réir. Bunaíodh an chéad JIT idir Ballstát éigin agus BiH chun na himscrúduithe sa Fhrainc agus i BiH a chur ar aghaidh. D'fhóin an JIT chun dlúthbhaint na n-imscrúdaitheoirí ó Stát amháin sna himscrúduithe ag an Stát eile a shimpliú.

Ba tríd an JIT arbh fhéidir leis na Stáit rannpháirteach a gcuid oibríochtaí a shioncronú, go háirithe i rith na céime gabhálacha, agus chun cailliúint faisnéise a chosc, chomh maith le héalú féideartha na n-amhrastach. Cuireadh ar aghaidh a thuilleadh leis an JIT bailiú na fianaise lena húsáid sna himeachtaí breithiúnacha agus urghabháil agus coigistiú fháltais na coireachta sa Fhrainc agus i BiH araon.

Léirítear leis an gcomhoibriú dlúth i measc na n-údarás breithiúnach, na bpóilíní, na NGOí, UNODC, na forais i gceannas ar chosaint dhlíthiúil leanaí agus Eurojust i rith an cháis go dtagann torthaí dearfacha mar thoradh ar an gcomhoibriú breithiúnach le tríú Stáit, fiú nuair a bhítear ag plé le cineálacha arda agus casta na nOCGí. Tháinig briseadh an OCG faoi dheireadh thiar ó lá gnímh chomónta a bunaíodh sa Fhrainc agus i BiH i mí Iúil 2015.

Na deich mBallstát is mó ó thaobh chásobair Eurojust de



Eolas Ginearálta	IOMLÁN
Líon iomlán na gcásanna lena mbaineann tríú Stáit	298
Líon na dtríú Stát éagsúla a bhíonn bainteach le cásanna	63

Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh ag Eurojust

Breithníodh láithreacht Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh ag Eurojust agus a ndlúthbhaint i gcásanna bheith tairbheach chun na pointí teagmhála ábhartha a aithint ina Stát bunaidh agus chun éascú don chomhoibriú breithiúnach idir na húdaráis inniúla sna Ballstáit agus sna tríú Stáit lena mbaineann.

Tá triúr Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh ag Eurojust, ar iasacht ón Iorua, ó SAM agus ón Eilvéis ó mhí an Mhárta i leith.

Ba tar éis chuairt an Onóraigh Iníon Loretta Lynch, Ard-Aighne SAM, agus a fógra de thabhairt ar iasacht Ionchúisitheora Cibearchoireachta SAM ó Rannán Coiriúil Roinn Ceartais SAM chun Eurojust, a ceapadh Ionchúisitheoir Cibearchoireachta SAM i mí na Samhna chun glacadh le dualgais i mí Eanáir 2016.

Chláraigh an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh don Iorua 50 cás, inar pléadh den chuid ba mhó leis an ngáinneáil ar dhrugaí agus le dlúthbhaint in OCG éigin. Ba iad an Pholainn, an Liotuáin, an Spáinn agus an Fhrainc na Ballstáit ba mhinice a raibh dlúthbhaint acu leis na cásanna úd. Chláraigh an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh don Eilvéis 47 cás, inar pléadh den chuid ba mhó leis an gcaimiléireacht agus an chalaois, leis an sciúradh airgid, leis an gcaimiléireacht, le coireanna i gcoinne na beatha, an choirp nó na saoirse pearsanta agus na gáinneála ar dhrugaí. Ba iad

Petter Sødal, *Liaison Prosecutor for Norway*

Maria Schnebli, *Liaison Prosecutor for Switzerland*

Michael Olmsted, *Liaison Prosecutor for the USA*

an Spáinn, an Ghearmáin, an Ísiltír agus an Ríocht Aontaithe na Ballstáit ba mhinice a raibh dlúthbhaint acu leo. D'eagraigh an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh don Eilvéis dhá chruinniú comhordaithe agus chomheagraigh ceann amháin, agus d'eagrais an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh don Iorua dá chruinniú comhordaithe.

Pointí teagmhála Eurojust le tríú Stáit

Is uirlis eile é ceapadh pointí teagmhála Eurojust le tríú Stáit as a mbaintear leas go coitianta d'fheabhsú

Cásanna de réir Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh 2011 - 2015



an chomhoibrithe idir na Ballstáit agus tríú Stáit ach teagmhálacha trí Eurojust a éascú.

Choinnigh Eurojust uirthi sa bhliain 2015 ag síneadh a gréasáin dhomhanda de phointí teagmhála trí phointí teagmhála a chur leis ón Ailgéir, ón tSile, ón Iaráic, ón Iordáin, ón Liobáin, ó na hÚdaráis Phalaistíneacha agus ón Araib Shádach. Tá pointí teagmhála Eurojust ag 39 tríú Stát san iomlán i láthair na huaire.

Tacaíocht do thionscadail seachtracha

Choinnigh Eurojust uirthi ag tacú le tionscnaimh sna Balcáin Thiar, ar nós na dtionscadal thuasluaite (*féach* caibidil 2) maidir le smuigleáil mhídhleathach inimirceach agus THB, lena n-áirítear an Ionstraim arna cistiú ag an AE um Chúnamh Réamh-Aontachais *Comhoibriú Idirnáisiúnta sa Cheartas Coiriúil: Gréasán Ionchúisitheoirí na mBalcán Thiar*.

Oibríocht Vertigo: súil ghéar uirthi

Bheadh an claonadh le gnáthchás calaoise trasteorann chun cloí leis na línte tíreolaíochta loighiciúla, agus d'fhéadfadh sé díriú mar shampla ar ghrúpa teanga faoi leith. Níor chloígh Oibríocht ''Vertigo' leis an ngnáthphatrún. B'eisceachtúil í de bhrí a scála iontaigh agus a castachta.

Bhain an OCG laistiar den ghníomhaíocht choiriúil leas as bonneagar sofaisticiúil sa chás calaoise timpealláin seo (cuideachtaí maolánacha, trádálaithe ar iarraidh, cuideachtaí ag feidhmiú mar 'ardáin íocaíochta malartacha' chun éascú don sciúradh airgid agus aistrithe airgid a bhaineann leis an gcoireacht) leata ar fud Ballstát éagsúil agus i roinnt tríú Stát, ag déanamh calaoise ar shaoránaigh an AE de thimpeall EUR 320 milliún d'ioncam cánach.

Tharla roinnt cruinnithe comhordaithe, arna dtionscnamh ag an Deasc Ghearmánach ag Eurojust, ag Eurojust idir mhí na Samhna 2013 agus Deireadh Fómhair 2015. Bhunaigh Poblacht na Seice, an Ghearmáin, an Pholainn agus an Ísiltír JIT, arna pháirtmhaoiniú ag Eurojust. Léirigh Europol agus Eurojust comhshaothrú láidir ó chéimeanna luatha den imscrúdú. Thug Europol tacaíocht anailíseach agus comhroinnt faisnéise fhorleathan.

Chomhordaigh lárionad comhordaithe ag Eurojust an freagra breithiúnach agus sholáthair tacaíocht don **chéad lá gnímh chomónta** sa bhliain 2015, arbh í an sprioc leis chun oibriú chraobh amháin den OCG a bhriseadh. Mar thoradh air sin ab amhlaidh a gabháladh naonúr amhrastach agus rinneadh cuardach ar 26 áitreabh sna Ballstáit rannpháirteacha.

Tháinig gabháil 14 amhrastach ón **dara lá gnímh chomónta** lenar áiríodh roinnt daoine i gceannas, agus ní ba mhó ná 40 cuardach. Mar bheart comhthreomhar leis sin ab amhlaidh a chuaigh na húdaráis Ghearmánacha, Seiceacha agus Polannach ar aghaidh le gabhálacha agus cuardaigh ar bhunús na mbarántas náisiúnta i gcreatlach a n-imscrúduithe náisiúnta féin.

Díríodh sa **tríú lá gnímh chomónta** ar chuardaigh agus agallaimh na n-amhrastach agus na bhfinnéithe a aithníodh go príomha ar an bhfianaise a bailíodh i gcreatlach an dá lá gnímh chomónta roimhe sin. Rinneadh ní ba mhó ná 49 cuardach agus 27 éisteacht ar fhinnéithe agus amhrastaigh sa Bheilg, i bPoblacht na Seice, sa Danmhairg, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil, in Éirinn, i Lucsamburg, san Ísiltír, sa Pholainn, sa Rómáin, i bPoblacht na Slóvaice, sa Spáinn, sa tSualainn agus sa Ríocht Aontaithe.

D'imlonnaigh Europol oifig shoghluaiste ag gach trí lárionad comhordaithe Eurojust, trínar ceadaíodh do rochtain dhíreach ar bhunachair shonraí Europol chun sonraí a chroscheadú agus a anailísiú, agus d'éascaigh siad don idirmhalartú faisnéise réadama. D'éascaigh Eurojust do láimhseáil na n-iarratas MLA, EAWí, cuardaigh, urghabhálacha agus éisteachtaí ar an toirt.

Reáchtáladh lárionad comhordaithe ag Eurojust d'Oibríocht Vertigo

Saincheisteanna dlíthiúla agus praiticiúla:

- Ba é *modus operandi* an OCG sin an t-eochairdhúshlán, go háirithe an chaoi inar bhainistigh an OCG na híocaíochtaí, ag baint leasa as ardáin ar a dtugtar ardáin íocaíochta malartacha chun éascú d'aistrithe airgid a bhaineann leis an gcoireacht agus don sciúradh airgid chomhbhainteach. Ceadaíodh don OCG leis an modh seo chun a chuid gníomhaíochtaí a leathadh ar fud an domhain, mar shampla tríd an uirlis do bhainistiú íocaíochtaí a chur in aon tír amháin agus cuntas bainc an ardáin íocaíochta mhalartaigh i dtír éigin eile. Anuas air sin, d'fhéadfadh na príomhúdair laistiar den chalaois sin bheith ina gcónaí áit ar bith, gan bheith teoranta ag gníomhaíochtaí coiriúla leanúnacha, rud a chiallaigh go mb'éigean dóibh le haon bheart ó na húdaráis imscrúdaitheacha chun teorainn a ndlínse féin a thrasnú, óna dteastaíonn an comhoibriú idirnáisiúnta.

- Theastaigh an comhoibriú trasteorann ó mhéid na n-imscrúduithe freisin. Eisíodh ní ba mhó ná 500 iarratas MLA sa Ghearmáin amháin.

- De bharr scóip mhór na ngníomhaíochtaí coiriúla, is amhlaidh atáthar tar éis roinnt imscrúduithe a thionscnamh sna Stáit a ndeachthas i bhfeidhm orthu. Theastaigh ó éascú agus comhordú an chomhoibrithe bhreithiúnaigh éifeachtaí sa socrú sin gur aithníodh gach imscrúdú comhthreomhar.

Ceachtanna a foghlaimíodh:

- In ainneoin na nasc a nochtadh leis an gcuid ba mhó de na Ballstáit, glacadh le cinneadh chun cás Eurojust a dhíriú ar na príomh-Stáit lenar bhain. Breithníodh

éifeachtacht an JIT dhinimiciúil nár bhain ach ceithre Bhallstát leis de bheith ní ba thábhachtaí ná bunú JIT níos cuimsithí ach ar dhócha don JIT bheith ní ba dholúbtha.

- Ní dhearnadh cur an MLA agus na n-iarratas i measc comhpháirtithe JIT trí Eurojust ach amháin d'iarratais le forghníomhú i rith na laethanta gnímh. D'fhéadfadh cásanna amach anseo tairbhe a bhaint ó chur na n-iarratas go léir sin, lena n-áireofaí iarratais leantacha, trí Eurojust.

- Reáchtáladh cruinniú comhordaithe ag Eurojust sé seachtaine roimh an dáta réamhshamhlaithe chun lá gnímh a ullmhú. Leithdháileadh fógraí faoi na spriocanna, nó dá mb'fhéidir, dréachtaí de na hiarratais MLA agus JIT ar a laghad mí amháin roimh an gcruinniú comhordaithe sin, trí mheán na nDeasc Náisiúnta sna tíortha lena mbaineann, chun críche bhailiú agus fhíorú sonraí maidir leis na spriocanna, sular eisíodh ordú cúirte intíre. Is ar an gcaoi sin ar féidir forghníomhú níos oiriúnaí d'iarratais MLA a ghnóthú agus ar féidir achar níos leordhóthanaí a leithdháileadh chun na hiarratais MLA deiridh agus na haistriúcháin éigeantacha a ullmhú, chomh maith le forghníomhú na n-iarratas le linn an lae ghnímh.

- B'éigean na trí lárionad comhordaithe bheith ann de bharr scóip an cháis agus na ngníomhartha a theastaigh, agus ceadaíodh leo do na húdaráis náisiúnta chun díriú ar leibhéal éigin de choirigh nó bearta gach aon tráth.

- D'oibrigh an chumarsáid dhíreach i rith na lárionad comhordaithe ag Eurojust, gan aon éileamh chun dul trí na Deasca Náisiúnta faoi seach (mar shampla, údaráis Ísiltíreacha ag cumarsáid go díreach le hionadaí na Deisce Gearmánaí nó Spáinní ag Eurojust agus droim ar ais) go rímhaith, ag cumasú láimhseáil an lín mhóir bearta leantach ag fógra fíorghairid.

- Bhain an chumarsáid agus an leanúint de na hiarratais MLA trí mheán Deasc Náisiúnta Eurojust ualach mór de na húdaráis náisiúnta.

An Dea-chleachtas:

- Cinntíonn dlúthbhaint luath Eurojust go n-aithnítear na húdaráis inniúla chun na hiarratais MLA a fhorghníomhú ag luathchéim agus go mbunaítear teagmháil dhíreach leis na húdaráis úd. Mar shampla, bhain breisluach leis an gcomhoibriú dlúth leis na póilíní i leith na Cipire an chéad lá gnímh, óir gur éirigh breithniú na háite cónaithe iarbhír den phríomhamhrastach agus a ghabháil ar bhunús EAW ina mbeart féideartha.

- Ba chóir go reáchtálfaí cruinniú comhordaithe ag Eurojust sé seachtaine ar a laghad roimh an dáta réamhshamhlaithe, chun lá gnímh a ullmhú.

- Ba cheart go gcinnteofaí ag céim luath an comhoibriú láidir i measc gach páirtí lena mbainfeadh, agus tá sé sin ina fhachtóir tábhachtach do rath na n-imscrúduithe. Bhí Europol in ann na himscrúduithe Gearmánacha, Polannacha, Seiceacha agus Ísiltíreacha a nascadh le chéile mar shampla. Bhí an comhoibriú sin, in éineacht leis an gcúnamh agus comhordú ó Eurojust agus Europol, ina n-eochairfhachtóirí chun an JIT a bhunú.

- Cé go raibh taithí roimhe sin ag gach Stát a bhí rannpháirteach sa JIT leis an uirlis chomhordaithe bhreithiúnach sin i gcásanna de scála ní ba lú, chuir an cás reatha ina luí ar na rannpháirtithe JIT gur féidir cásanna ar scála mór a láimhseáil níos éifeachtúla trí na JITí.

- Táthar tar éis foirm a chruthú, as a mbaintear leas i measc na mball den JIT chun rian a choinneáil ar na hiarratais a rinneadh agus ar an bhfianaise a idirmhalartaíodh.

- Cé gur tairgeadh seirbhís chomhlántach leis na hiarrachtaí comhordaithe náisiúnta i rith laethanta gnímh leis na lárionaid chomhordaithe Eurojust go nuige seo, is amhlaidh a d'fheidhmigh na lárionaid chomhordaithe a bunaíodh sa chás seo mar an t-aon phointe comhordaithe de na gníomhartha sna príomhStáit rannpháirteacha. Léirítear sa chás sin gur féidir le Eurojust an réimse iomlán tascanna a fheidhmiú lena mbaineann mar chuid de lá gnímh iltaobhach ar scála mór. Chinntigh rannpháirteachas gníomhach na n-údarás náisiúnta sreabhadh réidh na faisnéise idir lárionad comhordaithe Eurojust agus na húdaráis atá freagrach as forghníomhú na ngníomhartha.

- Is le láithreacht na n-údarás náisiúnta ó thíortha rannpháirteacha ag Eurojust le linn na laethanta gnímh chomónta, ag obair le chéile le foireann Eurojust i seomra amháin, a chinntítear do chomhroinnt láithreach na faisnéise, rud a ligeann d'fhreagraí breithiúnacha mara ar fhianaise/fhaisnéis nua/ag teacht aníos (mar shampla, orduithe coigistithe nua, cuardaigh), réitigh phrasa ar fhadhbanna praiticiúla agus conclúidí ó gach aon taobh.

- Cuidíonn próiseas bhailiú na gceachtanna a foghlaimíodh i rith timthriall cáis éigin chun comhoibriú a fheabhsú agus chun an freagra breithiúnach a éascú i measc na ngeallsealbhóirí aitheanta. Beidh bailiú na faisnéise sin ina chúnamh mór don bhreithmheas ag deireadh an cháis Eurojust, ar féidir leas a bhaint as na torthaí air do chásanna na todhchaí lena mbainfidh scóip agus méid chomhionann.

Rinne na hionchúisitheoirí Polannacha, Ísiltíreacha agus Gearmánacha atá i gceannas ar an gcás trácht ar an tríú lá gnímh chomónta i mí na Samhna 2015:

'Cé go bhfuilimid fós gnóthach ag bailiú agus ag measúnú toradh na mbeart nós imeachta ilíoch a stiúradh i rith an lae ghnímh, is féidir linn a rá cheana féin go raibh rath mór leis an oibríocht, nárbh fhéidir é a dhéanamh gan an rannchur iontach ó gach aon cheann de na rannpháirtithe. Cruthaítear leis go dtugtar buntáiste dúinn trí oibriú le chéile i JIT éigin le tacaíocht ó Eurojust, Europol agus na húdaráis náisiúnta sa chomhrac leanúnach i gcoinne na calaoise MTIC.'

Dúshláin agus an dea-chleachtas

3

Is trína chásobair oibriúcháin agus a shaothar straitéiseach a rannchuireann Eurojust le haithint dúshlán agus dea-chleachtais i limistéir éagsúla den chomhoibriú breithiúnach i ngnóthaí coiriúla. Dhírigh Eurojust sa bhliain 2015 ar thrí limistéar: coinbhleachtaí dlínse, coinneáil sonraí agus seachadtaí rialaithe.

Bhí na coinbhleachtaí dlínse ina dtosaíocht d'Uachtaránacht an AE i gcreatlach an 9ú cruinniú den Fhóram Comhairleach d'Ard-Ionchúisitheoirí agus Stiúrthóirí na nIonchúiseamh Poiblí sna Ballstáit (An Fóram Comhairleach). Thug Eurojust a rannchur do na léargais bunaithe ar a thaithí oibriúcháin agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh.

B'éigean anailís a dhéanamh ar thionchar an bhreithiúnais chun an Treoir maidir le Coinneáil Sonraí 2006 a chealú ón CCAE i mí Aibreáin 2014 ar reachtaíocht náisiúnta na mBallstát chomh maith le haithint na ndeacrachtaí uaidh sin ar chosc, bhrath, imscrúdú agus ionchúiseamh na coireachta tromchúisí agus agus ar an gcomhoibriú breithiúnach ina leith sin. Thacaigh Eurojust leis an measúnacht tionchair sin maidir leis an gcoinneáil sonraí.

Roghnaigh Coláiste Eurojust chun comhphlé téamach a reáchtáil i leith seachadtaí rialaithe, agus meabhrú á thabhairt do na dúshláin a chonacthas i gcásobair Eurojust sa limistéar sin.

3.1 Coinbhleachtaí dlínse

Choinnigh Eurojust uirthi ag tacú le cleachtóirí náisiúnta i gcásanna maidir le cosc agus réiteach na gcoinbhleachtaí dlínse. Mar ab amhlaidh sna blianta roimhe sin, réitíodh móramh na gcásanna go neamhfhoirmiúil seachas trí leas foirmiúil a bhaint as na cumhachtaí faoi Airteagail 6 agus 7 de Chinneadh Eurojust ón gComhairle. Ní dhearna an Coláiste aon mholtaí foirmiúla sa bhliain 2015 faoi Airteagal 7 de Chinneadh Eurojust ón gComhairle , ach tháinig méadú nach beag ar úsáid Airteagail 6(a)(ii) de Chinneadh Eurojust ón gComhairle ag na Deasca Náisiúnta, le 34 iarratas arna n-eisiúint sa bhliain 2015 i gcomparáid le 12 sa bhliain 2014. Ba í an Deasc Ungárach a rinne an líon iarratas ba mhó, agus an Deasc Spáinneach sna sála uirthi. Ba í an Deasc Ghearmánach a fuair an líon iarratas ba mhó, agus na Deasca Ostaracha, Francacha agus Briotanacha sna sála uirthi.

Meastar na cruinnithe Leibhéal II, cruinnithe comhordaithe agus JITí de chuid Eurojust chun bheith ina n-uirlisí ríthábhachtacha i gcomhthéacs na gcoinbhleachtaí dlínse. Éascaíonn siad d'idirmhalartú éifeachtach agus luath na faisnéise, agus cuidíonn chun imeachtaí comhthreomhara féideartha a aithint agus/nó a chomhordú, chun naisc le cásanna i mBallstáit eile a bhrath, chun coinbhleachtaí dlínse a chosc, chun aontú ar aistriú imeachtaí agus/nó chun *ne bis in idem* a sheachaint.

Is é brath luath na n-imeachtaí comhthreomhara é ceann amháin de na príomhdhúshláin i ndáil le coinbhleahctaí dlínse. Is ina leith sin a fheidhmíonn Airteagal 13(7)(a) de Chinneadh Eurojust ón gComhairle ról lárnach, lena gcuirtear dualgas ar údaráis náisiúnta chun Eurojust a chur ar an eolas i leith cásanna inar tháinig coinbhleachtaí dlínse aníos nó ar dócha go dtiocfaidh siad aníos. Ar an drochuair, moltar le líon na bhfógraí faoi Airteagal 13(7)(a) go mbaintear gannúsáid as an bhforáil sin. Cé gur tháinig méadú ar líon na bhfógraí ar bhunús Airteagal 13(7)(a) de Chinneadh Eurojust ón gComhairle ón mbliain 2011 i leith, is amhlaidh a fhanann líon iarbhír na bhfógraí sa bhliain 2015, eadhon 35, ag leibhéal íseal. Ina theannta sin, ní thagann na 35 fógra sin ach amháin ó chúig Bhallstát: an Ungáir (21 fógra), an Spáinn (11 fógra), an Bheilg, an Ísiltír agus an Fhionlainn (fógra amháin an ceann).

Ba iad na coinbhleachtaí dlínse an t-ábhar plé ag seimineár straitéiseach Eurojust mhí an Mheithimh 2015 *Coinbhleachtaí dlínse, aistriú imeachtaí agus ne bis in idem: Rathúnais, Easnaimh agus Réitigh*. Foilsíodh an tuarascáil mar cháipéis 14172/15 ón gComhairle agus tá sí ar fáil ar láithreán gréasáin Eurojust. Pléadh an tuarascáil freisin ag an 9ú cruinniú den Fhóram Comhairleach (féach cuid 5.4). Phléigh na cleachtóirí náisiúnta, baill an Fhóraim agus ionadaithe Eurojust na heasnaimh agus na réitigh ar cheithre shaincheist ag na cruinnithe úd: imeachtaí comhthreomhara, critéir chun an dlínse inar cheart an t-ionchúiseamh a bhreithniú, aistriú imeachtaí agus *ne bis in idem*.

Imeachtaí comhthreomhara: Tháinig na rannpháirtithe chun conclúide gur féidir le fadhbanna ar nós dhúbailt oibre, chur amú acmhainní agus saincheisteanna ne bis in idem tarlú mura n-aithnítear imeachtaí comhthreomhara ag céim luath agus/nó mura mbíonn siad comhordaithe. Áirítear leis na réitigh chun an tsainaithint luath a fheabhsú an chumarsáid mhéadaithe idir na húdaráis inniúla, feasacht mhéadaithe i leith dualgais na n-údarás náisiúnta chun Eurojust a chur ar an eolas i leith coinbhleachtaí dlínse (Airteagal 13(7)(a) de Chinneadh Eurojust ón gComhairle), agus b'fhéidir san fhadtéarma freisin cruthú bunachar sonraí lárnaithe náisiúnta i leith imscrúduithe leanúnacha agus córais chun na bunachair shonraí úd a nascadh ag leibhéal an AE. Measadh na cruinnithe comhordaithe agus na JIT ina n-uirlisí den scoth chun imeachtaí comhthreomhara a chomhordú.

Critéir do chinnteoireacht na háite is fearr chun ionchúisimh: Chuir na rannpháirtithe in iúl go mbíonn critéir ghinearálta ag an gcuid is mó de na Ballstáit i leith an dlínse inmheánaigh, ach gur beag acu a mbíonn critéir shocraithe chun cinneadh a dhéanamh faoin dlínse is fearr chun ionchúiseamh a dhéanamh i gcásanna coinbhleachtaí dlínse i gcomhthéacs trasteorann. Measadh Treoirlínte chun cinneadh a dhéanamh faoi cén dlínse ar cheart ionchúiseamh a thabhairt? de chuid Eurojust de bheith ina n-uirlis fhíor-

áisiúil, ach d'fhéadfaí tuilleadh sonraí a thabhairt fúthu trí shamplaí a áireamh leo nó trí chritéir bhreise a chur ina gcoinníollacha chun forbairtí le déanaí i gceartas coiriúil an AE a léiriú. Rinne rannpháirtithe an argóint nár cheart go ndéanfaí na critéir a aicmiú chun solúbthacht agus in-oirúnaitheacht do chnámha scéil éagsúla a chinntiú.

Aistriú imeachtaí: Bhí na rannpháirtithe den tuairim go ginearálta gurbh ann do go leor dúshlán, ar nós easpa an bhunúis dhlíthiúil, faisnéis bheith in easnamh sna bearta leantacha don chás, easpa spriocdhátaí, saincheisteanna aistriúcháin agus fadhbanna fianaiseacha. Measadh an teagmháil luath, an comhoibriú gníomhach, measúnú luath ar bhailíocht na fianaise le haistriú agus aistriúchán na n-achoimrí cáis ag céim luath de bheith ina samplaí den dea-chleachtas. Dá mb'ann d'ionstraim reachtúil nua de chuid an AE i leith aistriú imeachtaí, le critéir inti mar shampla do ghabháil an nóis imeachta ar láimh, d'fhorais don diúltú, saincheisteanna teicniúla ar nós aistriúcháin, inneachar íosta an iarratais agus spriocdhátaí; d'fhéadfaí na constaicí reatha a shárú.

***Ne bis in idem*:** Mhaígh na rannpháirtithe go dtagann fadhbanna agus léirmhínithe éagsúla go fóill ó choincheap 'na mbeart céanna' agus ón gceist cathain 'a dhiúscraítear' cás faoi dheireadh thiar. Chuir roinnt rannpháirtithe béim ar an tábhacht a bhain le breis oiliúna agus spreagtha feasachta, agus mhol rochtain ar thiomsú an chásdlí reatha (CCAE agus cúirteanna náisiúnta), lena n-áirítear achoimrí, chomh maith le forbhreathnú ar an reachtaíocht reatha agus ar gach faisnéis ábhartha.

Agus ullmhúchán ag dul ar aghaidh don seimineár agus do chruinniú an Fhóraim Chomhairligh, reáchtáil Coláiste Eurojust comhphlé téamach agus tháirg *an Tuarascáil faoi Chásobair Eurojust i Réimse Chosc agus Réiteach na gCoinbhleachtaí Dlínse* ag clúdach na tréimhse 2009-2014, ag baint do na ceithre shaincheist roimhe seo, i bhfianaise chásobair Eurojust, arna foilsiú mar cháipéis na Comhairle 9474/15 agus ar fáil ar láithreán gréasáin Eurojust.

Léiriú Cáis

Léiríonn tacaíocht Eurojust i gcás ghoid mótarfheithicle sa bhliain 2015 castacht na gcásanna OPC. Cé nár bhain sé ach le hamhrastach amháin, a rinne coireanna cuibheasach beag gach uair trí ghluaisteáin a fhruiliú i mBallstát amháin agus iad a dhíol le comhchoirithe i mBallstát éigin eile, is eiseamláir atá sa chás go bhféadann líon iomlán na gcoireanna bheith suntasach agus go bhféadann soghluaisteacht na gciontóirí bheith ina constaic agus dúshlán dlíthiúil don chomhoibriú breithiúnach.

Tháinig cúirt Bhulgárach faoi dhéin Eurojust i gcomhair cúnaimh maidir le coinbhleacht dlínse casta agus i leith saincheiste *ne bis in idem* féideartha. Bhí dhá EAW iomaíocha os comhair na cúirte maidir le saoránach Iodálach ar líomhnaíodh fúthu go raibh baint acu le goid gluaisteán. Ba iad an Pholainn agus an Rómáin a d'eisigh na barántais faoi seach. Bhí an t-amhrastach faoi imscrúdú coiriúil ag an tráth céanna do chionta comhchosúla sa Bhulgáir, mar a raibh sé á choinneáil, tar éis dó bheith tugtha ar láimh ó na húdaráis Seiceacha i bhforghníomhú EAW ón mBulgáir. Chuir an t-amhrastach in iúl do na húdaráis Bhulgáracha gur ciontaíodh é sa chion céanna nó i gcionta comhchosúla san Ungáir agus i bPoblacht na Seice, agus gur chaith sé téarmaí príosúnachta sa dá thír.

Thug an Deasc Bhulgárach ag Eurojust cuireadh do na Deasca Náisiúnta Seiceacha, Ungáracha, Polannacha agus Rómánach chuig cruinniú Leibhéal II chun faisnéis a chomhroinnt faoin gcás casta dlíthiúil sin agus chun teacht ar bhealach chun cinn. B'fheasach do na húdaráis Bhulgáracha go raibh an cion san EAW Polannach comhfhreagrach do chion amháin as seacht gcion a liostaíodh san EAW Rómánach. Ba mar thoradh ar an gcruinniú arbh fhéidir leis na húdaráis Seiceacha agus Ungáracha a chur in iúl don Deasc Bhulgárach go gcomhfhreagraíonn na cionta ar ciontaíodh an t-amhrastach ina leith i bPoblacht na Seice agus san Ungáir do roinnt de na cionta líomhnaithe san EAW Rómánach.

Bhain castacht le bunú fhorluí cruinn na gcionta toisc gur féidir roinnt teagmhas den ghoid i go leor córas dlíthiúil a mheas ina gcoir leanúnach, agus ina gcoir shingil amháin dá réir. Thug an t-idirmhalartú faisnéise a tionscnaíodh ag an gcruinniú nod breise do leas faoi leith ag na húdaráis Rómánacha i gcur ar aghaidh an cháis, óir gur oibrigh an t-amhrastach le comhchoirithe sa Rómáin, a tháinig faoi imscrúdú Rómánach iad féin.

Céadthángthas ar thoradh féideartha i leasú an EAW Rómánaigh chun gan ach na cionta úd nach raibh mar chuid de na cásanna Seiceacha agus Ungáracha a áireamh leis, agus ba chúis le himthoisc ne bis in idem iad sa chás go dtiocfadh an t-amhrastach faoi réir imeachtaí Rómánacha i leith na gcionta céanna. Ina theannta sin, iarradh ar na húdaráis Rómánacha chun tabhairt ar láimh shealadach an amhrastaigh

a iarraidh, de bharr an imscrúdaithe Bhulgáraigh leanúnaigh agus leas in ionchúiseamh an amhrastaigh i gcionta líomhnaithe sa Bhulgáir.

Rinneadh iarratas breise chun na n-údarás Polannach chun a EAW siúd a tharraingt siar bunaithe ar an argóint gur áiríodh leis an EAW Rómánach an cion a rabhthas ag lorg an amhrastaigh ina leith. Tugadh tosaíocht d'fhorghníomhú an EAW Rómánaigh, de bharr na gcionta ilíocha a rinneadh sa Rómáin agus toisc gur tháinig an EAW Rómánach isteach roimh an EAW Polannach.

Chuir an chúirt Bhulgárach an t-amhrastach faoi thriail go pras ámh toisc nárbh fhéidir an EAW Rómánach a leasú. Ciontaíodh an t-amhrastach, agus cuireadh siar beartú na pianbhreithe ar feadh chúig bliana, ag ligean don chúirt Bhulgárach dá réir chun an EAW Rómánach a fhorghníomhú dá éis sin. Bhí an bunús don tabhairt ar láimh chun na Rómáine teoranta do na cionta úd nár ciontaíodh an t-amhrastach ina leith roimhe sin. Ba rannchur iad na hiarrachtaí tacaíochta agus idirchaidrimh de chuid Eurojust, chomh maith le húsáid éifeachtach an chruinnithe Leibhéal II mar uirlis chomhoibrithe, le toradh dearfach an cháis, ar ar thángthas tuairim mí amháin tar éis tionscnamh an cháis ag Eurojust.

3.2 Coinneáil sonraí

Dearadh Treoir 2002/58/CE (an Treoir maidir le Ríomh-Shonraí) chun ceart agus saoirse bhunúsach daoine nádúrtha don phríobháideachas a chosc, ach rialacha a shocrú do phróiseáil ag soláthróirí gréasáin agus seirbhíse de shonraí tráchta agus suímh trí leas a bhaint as seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Aithníodh sa Treoir maidir le Ríomh-Shonraí féin ceart na mBallstát chun scóip na gceart úd a shrianadh de réir mar ba ghá, laistigh de shochaí dhaonlathach, chun an tslándáil náisiúnta a chumhdach, nó chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh.

Ba chun leasa an chomhordaithe éifeachtaigh agus na n-imscrúduithe agus na n-ionchúiseamh coiriúil a féachadh i dTreoir 2006/24/CE maidir le Coinneáil Sonraí (an DRD) chun forálacha Ballstát eile a chomhchuibhiú i ndáil leis na srianta úd, go háirithe laistigh de limistéar choinneáil agus úsáid na sonraí leictreonacha. Agus aitheantas á thabhairt ag an CCAE i mí Aibreán 2014 gur shásaigh an DRD cuspóir an leasa ghinearálta go dílis, dhearbhaigh sí í bheith neamhbhailí *ab initio in Digital Rights Ireland Ltd* (C 293/12) ar an mbunús gur sháraigh sí teorainneacha na comhréireachta agus an riachtanais chun an cuspóir sin a ghnóthú.

B'éagsúil iad freagraí na mBallstát don neamhniú sin, le roinnt acu ag aisghairm na reachtaíochta, le cinn eile á leasú chun cloí le téarmaí an bhreithiúnais, agus le roinnt eile ag teacht chun na conclúide gur bhain an leibhéal éigeantach cosanta agus comhréireachta go dlúth lena réimis féin. Bhain an réimse freagraí sin ó sprioc na DRD chun comhchuibhiú a ghnóthú agus cruthaíodh ilroinnt leis sna réimis choinneála sonraí dlíthiúla ar fud an Aontais Eorpaigh, ónar tháinig dúshláin suntasacha ar a seal féin in imscrúdú agus ionchúiseamh na coireachta tromchúisí chomh maith leis an gcomhoibriú breithiúnach ina leith sin.

Óir go n-aithnítear na scéimeanna coinneála sonraí mar uirlisí riachtanacha chun an choireacht thromchúiseach a bhrath, a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear an choireacht trasteorann, is amhlaidh a chinn Eurojust chun anailís a dhéanamh ar an gcreatlach dhlíthiúil laistigh de na Ballstáit éagsúla, leis an rúd chun na nithe seo a leanas a aithint: (i) constaicí a cruthaíodh le neamhniú na DRD agus leis na réimis dlíthiúla éagsúla um choinneáil sonraí a tháinig aníos mar thoradh air sin, (ii) réitigh fhéideartha, ceachtanna a foghlaimíodh agus an dea-chleachtas chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin úd, idir chásanna intíre agus trasteorann, agus (iii) limistéir do bhreis comhoibrithe agus/nó birt reachtúil, de réir mar is cuí. Scaip Eurojust ceistneoir san iarracht sin i measc na nDeasc Náisiúnta, agus comhphlé téamacha ag an gColáiste ina dhiaidh sin. Cuireadh toradh an tsaothair os comhair na Comhairle ag cruinniú na Meithle Oibre um Chúrsaí Ginearálta lenaar áiríodh Breithmheas (GENVAL) an 29 Deireadh Fómhair 2015. Ba í an choinneáil sonraí an t-ábhar freisin do chruinniú na Ceardlainne agus an Fhóraim Chomhairligh an 10 agus 11 Nollaig.

Baineann na príomhdhúshláin a aithníodh leis an deacracht, nó fiú an fhéidearthacht, de ghníomhaireachtaí forghníomhaithe dlí ag fáil rochtana ar eolas ríthábhachtach d'imscrúduithe, idir bhonn náisiúnta agus i ndáil le cásanna trasteorann. Tagann deacrachtaí leis an éagsúlacht idir na réimis choinneála sonraí (tréimhsí coinneála ach go háirithe) sna Ballstáit agus sna tríú Stáit um imscrúduithe trasteorann/comhthreomhara, um réiteach coinbhleachtaí dlínse (óir go bhféadfaí an

bonn a bhaint den rogha don fhóram is fearr chun ionchúisimh), um éifeachtúlacht na JITí agus um fháil agus inghlacthacht na fianaise. Nochtadh sa Cheardlann agus i gcruinniú an Fhóraim Chomhairligh treocht shoiléir sa tacaíocht chun oibleagáid choinneála an AE a bhunú le cumhdaigh nós imeachta, coinníollacha éifeachtacha slándála agus cruinneas sonraí agus tréimhse choinneála sonraí ar leordhóthanach iad. Léiríodh a thuilleadh tacaíochta do réiteach an AE leis an gcuspóir chun creatlacha coinneála sonraí a chomhchuibhiú ar fud na mBallstát, b'fhéidir trí thionscnamh reachtúil nua.

3.3 Seachadtaí rialaithe

Reáchtáil an Coláiste an 6 Deireadh Fómhair 2015 comhphlé téamach i leith seachadtaí rialaithe trasteorann, ag díriú ar ról agus taithí Eurojust agus ar fheabhsú cumais oibriúcháin Eurojust chun tacú leis na húdaráis náisiúnta sa chomhthéacs sin.

Aithníodh na deacrachtaí dlíthiúla agus praiticiúla seo a leanas ar bhunús chásobair Eurojust: (i) féadann iarmhairtí oibriúcháin bheith le héagsúlachtaí sa reachtaíocht náisiúnta ina bpléitear le seachadtaí rialaithe; (ii) féadann an t-éileamh d'aistriúchán na n-iarratas MLA i dteanga an Bhallstáit fhorghníomhaithe bheith ina chúis le moilleanna i bhforghníomhú na seachadtaí rialaithe; (iii) féadtar go leor ama a thabhairt d'údarú seachadta rialaithe tar éis iarratais MLA sa Bhallstát iarrtha de bharr srianta nós imeachta; (iv) tagann deacrachtaí aníos chun na húdaráis náisiúnta inniúla d'údarú seachadta rialaithe a aithint, go háirithe sna Ballstáit nár ceapadh údarás lárnach chun teagmháil a dhéanamh leis ina leithéid de chás; (v) féadann roinnt Ballstát, ar fháil iarratais MLA d'údarú seachadta rialaithe dóibh, bheith ar tí a gcuid imscrúduithe féin a thosú (prionsabal na dlíthiúlachta v. prionsabal an tapaithe deise) ar bhunús na faisnéise a fuarthas tríd an iarratas MLA, óna bhféadfadh imeachtaí comhthreomhara teacht sna Ballstáit iarrthacha agus iarrtha; agus (vi) féadtar saincheisteanna a ardú, le comhúsáid na ngaireas GPS agus/nó beart faireachais arna stiúradh ag póilíní i rith fhorghníomhú seachadta rialaithe, i ndáil le hinfhaighteacht acmhainní ar leibhéal praiticiúil agus/nó inghlacthacht na fianaise ó thaobh an dlí de.

Aithníodh an dea-chleachtas i ndáil le dlúthbhaint Eurojust sna seachadtaí rialaithe, lenar áiríodh: (I) Ba chóir go mbeadh dlúthbhaint ag Eurojust ag an gcéim ba luaithe agus ab fhéidir chun seachadadh rialaithe trasteorann a shocrú, go háirithe i gcásanna casta iltaobhacha; (ii) is féidir le Eurojust cúnamh leis na húdaráis iomchuí a aithint sna Ballstáit d'údarú agus d'fhorghníomhú seachadta rialaithe; (iii) féadann breisluach bheith le heagrú cruinnithe comhordaithe ag Eurojust in ullmhú seachadtaí rialaithe, sa tsúil chun na ceanglais dlíthiúla de na Ballstáit bhainteacha a shoiléiriú agus ag réamhthuar gach cnámh scéil fhéideartha a d'fhéadfadh tarlú le linn na céime forghníomhaithe; agus (iv) is féidir leis na Deasca Náisiúnta ag Eurojust an chumarsáid a sheoladh agus sreabhadh na faisnéise a éascú i measc na n-údarás náisiúnta síos trí gach céim de sheachadadh rialaithe, go háirithe nuair a bhíonn tríú Stáit bainteach leis.

An Barántas Gabhála Eorpach

Lean Eurojust ar aghaidh ag feidhmiú eochairróil chun cur i bhfeidhm an EAW a fheabhsú. Cláraíodh 292 cás maidir le feabhsú fhorghníomhú na nEAW sa bhliain 2015 le Eurojust, arbh ionann agus 13 faoin gcéad de gach cás. Ba í an Ghréig a rinne an líon iarratas ba mhó (55), agus an Pholainn (33) agus an Fhrainc (21) sna sála uirthi. Ba iad na ballstáit ab iarrtha an Ríocht Aontaithe (36), an Ghearmáin (32) agus an Iodáil (30).

Maidir leis na hEAWí contrártha, foráiltear le hAirteagal 16 den Chinneadh Réime i leith an EAW (FD EAW) gur féidir leis na húdaráis bhreithiúnacha forghníomhaithe iarraidh ar Eurojust chun comhairle a sholáthar i leith láthair thabhairt suas an duine a thagann faoi réir na nEAW arna n-eisiúint ag dhá Bhallstát nó níos mó. Osclaíodh cúig chás mar sin ag Eurojust.

Maidir leis na sáruithe teorainneacha ama i bhforghníomhú na nEAWí, is amhlaidh a fhoráiltear le hAirteagal 17(7) den FD EAW mura féidir le Ballstát cloí in imthosca eisceachtúla leis na teorainneacha ama dár foráladh in Airteagal 17, go gcuirfidh sé Eurojust ar an eolas agus go soláthróidh fáthanna don mhoill.

Cláraíodh 82 sárú de theorainneacha ama ag Eurojust sa bhliain 2015, ar theastaigh tuilleadh gnímh ó sheachtar acu. Thuairiscigh Éire an líon sáruithe ba mhó don séú bliain as a chéile. Atreoraíodh cásanna eile ón mBulgáir, ó Phoblacht na Seice, ón Spáinn, ón Ungáir agus ón Ríocht Aontaithe.

Cásanna EAW



Airgeadraí fíorúla

Reáchtáil an Coláiste comhphlé téamach i leith airgeadraí fíorúla i mí Eanáir 2015. Tugadh láithreoireachtaí maidir leis na dúshláin agus na deacrachtaí a bhain d'imscrúduithe ag plé le hairgeadraí fíorúla, agus tháinig idirmhalartú tuairimí i measc na rannpháirtithe ina ndiaidh sin. Áiríodh leis na heochair-dhúshláin a pléadh cáilíocht dhlíthiúil na n-airgeadraí fíorúla agus feiliúnacht d'urghabháil i ndlínsí náisiúnta éagsúla, fachtóirí chun dlínse a bhunú i gcásanna lena mbaineann airgeadraí fíorúla agus an t-éileamh féideartha chun sonraí leictreonacha ina bhfaightear airgeadraí fíorúla a scriosadh mar rogha an díogha, mura soláthraíonn na dlínsí náisiúnta rialacha chun plé le hurghabháil an chineáil airgeadra sin.

Aird na bliana

Reo, coigistiú agus aisghabháil sócmhainní

Bailíonn na hOCGí brabúis nach beag óna ngníomhaíochtaí coiriúla éagsúla, agus déantar fáltais na coireachta a sciúradh agus a ath-infheistiú sa gheilleagar dleathach. Is comhchuid í baint fháltais na coireachta ó choirpigh chun an choireacht eagraithe a bhriseadh. Is os coinne an chúlra sin atá an coigistiú agus aisghabháil na sócmhainní coiriúla ina bhealach fíor-éifeachtach chun troid i gcoinne na coireachta eagraithe. Ina theannta sin, bíonn tionchar bactha ag an gcoigistiú trí neartú an mhana 'nach mbaintear sochar as an gcoireacht'.

In ainneoin líon na n-ionstraimí dlíthiúla a achtaíodh sa limistéar sin, cuirtear isteach ar an gcomhoibriú breithiúnach i gcónaí le héagsúlachtaí móra idir córais dlíthiúla náisiúnta agus easpa rialacha comhchuibhithe. Tá roinnt constaicí roimh na Ballstáit i bhforghníomhú na n-iarratas ar MLA um aithint agus reo fháltais na coireachta agus um aithint orduithe coigistithe na mBallstát, go háirithe nuair a bhíonn NCBC bainteach leis. Is amhlaidh dá bharr ar measartha iad na méideanna a aisghabháladh ón gcoireacht eagraithe.

Thacaigh Eurojust sa bhliain 2015, ag leibhéil oibriúcháin agus straitéiseacha, le cur chun feidhme níos tapa d'ionstraimí dlíthiúla an AE i réimse reo agus coigistithe lena gcuirtear prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh chun feidhme, lena n-áirítear Cinneadh Réime 2003/577/JHA i leith fhorghníomhú orduithe chun maoin nó fianaise a reo, Cinneadh Réime 2006/783/JHA i leith chur chun feidhme na haitheanta frithpháirtí chun orduithe coigistithe, agus Treoir 2014/42/AE i leith reo agus choigistiú ionstraimeachtaí agus fháltais na coireachta san AE. Agus é sin á dhéanamh ag Eurojust, thug sí spreagadh do chomhthuiscint agus comhoibriú i measc na n-údarás lena mbaineann agus d'fheabhsaigh sí faoi dheireadh thiar úsáid na n-ionstraimí aitheanta frithpháirtí i réimse na haisghabhála sócmhainne. B'ábhar machnaimh é ag leibhéal an AE an t-éileamh ar fheabhsú i reo agus coigistiú trasteorann na sócmhainní coiriúla, agus leagadh béim sa Chlár Eorpach um an tSlándáil ar ról agus saineolas Eurojust chun cúnamh leis na húdaráis náisiúnta nuair a bhítear i mbun imscrúduithe airgeadais.

Choinnigh Eurojust uirthi ag feidhmiú róil thábhachtaigh chun comhoibriú i gcúrsaí coiriúla a fheabhsú idir na Ballstáit (Airteagal 3(1)(b) de Chinneadh Eurojust ón gComhairle), go háirithe trí: (i) éascú d'aithint agus d'fhorghníomhú na n-orduithe reo agus coigistithe agus forghníomhú iarratas ar chomhoibriú breithiúnach; (ii) chúnamh le dréachtú orduithe reo agus coigistithe agus LoRí, aithint na n-údarás inniúil sna Ballstáit iarrtha, idirmhalartú faisnéise, agus aistriúchán na faisnéise ábhartha; (iii) cumasú chomhordú na n-imscrúduithe agus cuidiú le húdaráis imscrúdaitheacha agus ionchúisithe chun feidhmiú go comhuaineach i bhforghníomhú na n-orduithe reo; (iv) soiléiriú cheanglais dlíthiúla na n-údarás eisiúna agus forghníomhaithe araon, agus réiteach fadhbanna praiticiúla ag éirí as ceanglais éagsúla dlíthiúla agus nós imeachta i gcórais dlíthiúla éagsúla; (v) cúnamh le Ballstáit chun teacht ar chomhaontuithe do dhiúscairt maoine coigistithe agus do chomhroinnt sócmhainne; agus (vi) aithint an dea-chleachtais chun sócmhainní a bhainistiú ó thús an imscrúdaithe anuas (m.sh. trí dhíol earraí somheata nó mear-dhímheasta le costais arda bainistíochta a iarraidh ag aon tráth amháin agus an t-ordú reo á eisiúint).

Lean Eurojust ar aghaidh ag aithint bealaí praiticiúla chun comhoibriú breithiúnach sa limistéar sin a uasmhéadú agus chun na constaicí ag éirí as réimis reo agus coigistithe éagsúla a shárú. Bhain roinnt de na saincheisteanna dlíthiúla agus praiticiúla a d'aithin Eurojust sa bhliain 2015 ina cásobair i réimse na haisghabhála sócmhainne, lena n-áirítear reo agus coigistiú:

(i) Leis na deacrachtaí a bhaineann le prionsabal na dé-choireachta nuair nach cion coiriúil sa Bhallstát iarrtha é an t-iompar dá dtagraítear san ordú reo (nó LoRí ag lorg reo sócmhainní);

(ii) Leis na deacrachtaí breise a bhaineann le prionsabal na dé-choireachta i ndáil le calaois cánach/coireanna fioscacha ina bhfulaingíonn an Ballstát iarrthach an damáiste nó an caillteanas don bhuiséad poiblí, in ainneoin na fírice go meastar an cion bheith ina choir sa Bhallstát iarrtha.

(iii) Leis na deacrachtaí a bhaineann le haithint trasteorann na hurghabhála agus an choigistithe shibhialta: cé nach féidir cúnamh dlíthiúil a sholáthar sa chuid is mó de na Ballstáit ach amháin i gcreatlach na n-imeachtaí agus ní féidir na sócmhainní coiriúla a aisghabháil ach amháin tar éis ciontú coiriúil, forálann roinnt Ballstát d'orduithe aisghabhála sibhialta nó do bhealaí eile trínar féidir cinneadh um choigistiú a dhéanamh gan ciontú coiriúil;

(iv) Le saincheisteanna breise a thagann aníos i gcomhthéacs na LoRí arna n-eisiúint ag údarás neamhbhreithiúnach i gcreatlach na n-imeachtaí coigistithe sibhialta ina dteastaíonn bearta eile ón mBallstát lena nglacadh ag an mBallstát iarrthach le bheith in ann dul i ngleic leis na LoRí úd (m.sh. Síniú le breitheamh);

(v) Meastar scóip theoranta bheith ag an ordú coigistithe, agus is minic a bhraitheann cleachtóirí ina ionad sin ar LoRí i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach ó na blianta 1959 agus 2000, chomh maith le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 1990 um sciúradh, cuardach, urghabháil agus coigistiú fháltais na coireachta, lenar féidir iarratais ar chuardaigh, idirghabhálacha teilechumarsáide, reo agus coigistiú sócmhainní a áireamh;

(vi) Le saincheisteanna a thagann aníos ó easnamh cláir/bunachair shonraí lárnaigh i leith imeachtaí leanúnacha i gcásanna orduithe ar leithligh agus neamhnasctha maidir leis na sócmhainní céanna; agus

(vii) Le deacrachtaí atá nasctha le moilleanna i bhforghníomhú na n-orduithe reo (nó LoRí) nó in aisghabháil na sócmhainní reoite nuair a thionscnaíonn an Ballstát ar aistríodh an t-airgead chuige ó choirpigh a imscrúdú féin sa sciúradh airgid agus nuair a reonn sé an t-airgead i gcreatlach a imscrúdaithe féin seachas de bhun an ordaithe reo (nó LoR).

Tháirg Eurojust Tuarascáil um Thaithí Eurojust i réimse na hAisghabhála Sócmhainní, lena n-áirítear Reo agus Coigistiú, sa tréimhse idir na blianta 2010 agus 2013, a foilsíodh i mí an Mheithimh mar cháipéis na Comhairle 10179/15 agus atá ar fáil ar láithreán gréasáin Eurojust. Luaitear sa Tuarascáil ról Eurojust i réimse na haisghabhála sócmhainní, agus tá sí bunaithe ar chásobair Eurojust i gcineálacha coireachta sonracha, tuairimí Eurojust ar dhréachtreachtaíocht an AE, agus seimineáir, cruinnithe nó imeachtaí comhchosúla arna n-eagrú nó arna gcomheagrú ag Eurojust.

Foilsíodh i mí na Bealtaine Tuarascáil an tSeimineáir Straitéisigh chun Comhoibriú Níos Mó um Reo agus Coigistiú Fháltais na Coireachta: Cur Chuige Cleachtóirí, arna chomheagrú ag Eurojust agus Uachtaránacht na hIodáile an 11 Nollaig 2014, mar cháipéis na Comhairle 8570/15 agus tá sí ar fáil ar láithreán gréasáin Eurojust. B'éard ba sprioc leis an seimineár ná chun cleachtóirí a thabhairt le chéile in éineacht chun deacrachtaí a aithint san aitheantas frithpháirteach um aisghabháil sócmhainní a bhaineann leis an gcreatlach dhlíthiúil reatha. Ba ar an mbunús úd a aithníodh bealaí dlíthiúla agus praiticiúla chun an comhoibriú breithiúnach a fheabhsú sa limistéar sin, go háirithe maidir le i) rianú, reo agus coigistiú sócmhainne: dúshláin um aitheantas agus forghníomhú frithpháirteach; ii) malairtí don choigistiú bunaithe ar chiontú: a chinntiú nach sochar atá sa choireacht; agus iii) dúshláin dlíthiúla agus breithiúnacha i mbainistiú agus diúscairt sócmhainne, comhroinnt agus aisdúichiú sócmhainní coigistithe ó dhearcadh an chleachtóra.

Cuireadh na conclúidí i láthair le linn an 8ú cruinniú den Fhóram Comhairleach an 12 Nollaig 2014, agus d'fhóin sé mar an bunús do bhreis plé ag baill an Fhóraim. Foilsíodh conclúidí an Fhóraim Chomhairligh i mí na Bealtaine mar cháipéis na Comhairle 8552/15 agus tá siad ar fáil ar láithreán gréasáin Eurojust. Chuir baill an fhóraim glao ar institiúidí an AE chun reachtaíocht an AE a chomhdhlúthú agus a chódú sa réimse seo chun freagairt don éileamh ar chomhchuibhiú níos mó sna forálacha suntasacha agus nós imeachta coiriúla sa tsúil chun an mhuinín fhrithpháirteach a fheabhsú, ar eochair-choinníoll don aitheantas frithpháirteach éifeachtach é.

Thángthas ar chomaontú ginearálta i leith na tábhachta a bhaineann le glacadh le cur chuige ildisciplíneach agus le cur chun cinn an idirghníomhaithe i measc na mbreithiúna, na bpóilíní agus na n-údarás airgeadais a bhíonn páirteach san imscrúdú agus in ionchúiseamh na gcásanna aisghabhála sócmhainne. Leag baill an fhóraim béim ar an bhféidearthacht chun leas a bhaint as an maoin choigistithe ar

Léiriú Cáis

Chuir na húdaráis sláinte sa Ríocht Aontaithe a gcomhghleacaithe Spáinneach ar aon eolas go luath sa bhliain 2013 i leith sé lastas mhídhleathacha ina raibh 25 600 piollaire de chógais bhréagacha de bhunadh na hIndia a rabhthas ar tí a n-iompair chuig duine éigin sa Spáinn. Socraíodh seachadadh rialaithe, agus ghabh na húdaráis Spáinneacha an faighteoir.

Tugadh le fios ón imscrúdú sa Ríocht Aontaithe go raibh timpeall 50 láithreán gréasán arna n-óstáil ar fhreastalaithe suite i bPoblacht na Seice agus san Ísiltír ag fógairt cógas le díol gan oideas míochaine, ar tháirgí den chuid ba mhó iad chun comhrac i gcoinne an mhífheidhmithe ardúcháin. Seoladh na drugaí a táirgeadh san India chun na Ríochta Aontaithe lena seoladh ar aghaidh chuig miondíoltóirí eile laistigh den Aontas Eorpach lena leithdháileadh a thuilleadh. Cuireadh na horduithe trí mheán an Idirlín nó thar an nguthán. Rinneadh na híocaíochtaí le cárta creidmheasa chuig cuntais bhainc i roinnt Ballstát, ónar aistríodh na cistí úd trí shraith cuntas idirlinne chuig cuntais bhainc sa Chipir.

D'aithin Europol naisc le himscrúdú eile san Ostair a díríodh ar ghrúpa coiriúil de bhunadh Úcránach le naisc in Iosrael agus i gCónaidhm na Rúise. Cheadaigh dhá chruinniú oibriúcháin ag Europol, i mí Aibreáin 2013 agus mí Feabhra 2014, do na seirbhísí póilíneachta éagsúla chun faisnéis a idirmhalartú, inar braitheadh naisc fhéideartha le himscrúdú Francach maidir le grúpa láithreán gréasáin, arna mbainistiú ó Iosrael, inar tairgeadh cógais leighis gan oideas míochaine freisin.

Chuir na húdaráis Spáinneacha iarratais MLA isteach chun na hOstaire, na Beilge, na Cipire, na Gearmáine, na hIndia agus SAM chun tairbhithe na gníomhaíochta mídhleathaí a aithint agus chun iarracht a dhéanamh chun teacht ar na fáltais choiriúla agus chun iad a urghabháil, ar measadh a luach ag tuairim EUR 1 800 000. Ba mar thoradh ar na cruinnithe ag Europol maidir le naisc fhéideartha le himscrúduithe i dtíortha eile a chuaigh na húdaráis Spáinneacha faoi dhéin Eurojust chun na gnéithe breithiúnacha de

na cásanna a chomhordú. Reáchtáladh cruinniú comhordaithe i mí an Mhárta 2014, ar ar fhreastail an Spáinn, an Ostair, an Bheilg, an Chipir, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Ríocht Aontaithe, SAM agus Europol.

Tháinig aithint dlúthnasc idir na cásanna mar thoradh ar an gcruinniú i roinnt Stát, agus bunaíodh JIT, inar ghlac Eurojust agus Europol rannpháirt, idir an Ostair, an Spáinn agus an Fhrainc. Cistíodh an JIT trí Eurojust agus síneadh chun na Ríochta Aontaithe ní ba dhéanaí é. Ceadaíodh leis an gcruinniú comhordaithe freisin do chomhphlé faoi na cionta arna n-imscrúdú i ngach aon Stát chun coinbhleacht dlínse nó *ne bis in idem* a chosc. Ar deireadh, le tacaíocht ó anailís Eurojust ar na hiarratais MLA, bhí na rannpháirtithe in ann na hiarratais forluiteacha a aithint, a bhforghníomhú a chomhordú, aontú ar na téarmaí agus coinníollacha do chomhroinnt na fianaise a fuarthas agus cuntas bainc a nochtadh sna himeachtaí san Ostair, sa Spáinn agus sa Fhrainc a aithint.

Rinne na húdaráis Spáinneacha gabháil agus urghabháil nua i mí an Mheithimh 2014 ar 25 000 piollaire, agus bailíodh fianaise nua san Ostair, sa Fhrainc agus sa Ríocht Aontaithe inar léiríodh an gá chun gníomhartha féideartha a phlé sa ghearrthéarma. Ba chun na críche sin a reáchtáladh cruinniú comhordaithe leis an Ostair, an Spáinn, an Fhrainc, Eurojust agus Europol sa Vín. Pléadh na himeachtaí leanúnacha agus aontaíodh ar straitéis chomónta. Dhírigh an Ostair, an Spáinn agus an Fhrainc ar an gcalaois agus ar chionta a bhaineann leis an tsláinte phoiblí, agus chuir an Ríocht Aontaithe cur chuige nuálaíoch chun feidhm trí gan imscrúdú a dhéanamh ach amháin ar ghníomhaíochtaí sciúrtha airgid, le béim ar rianú sócmhainní lena thuilleadh reo a dhéanamh.

Bhain imscrúdú na Ríochta Aontaithe tairbhe ó na himscrúduithe sna Stáit eile chun cruthú go ndearnadh cionta preideacáide in áiteanna eile san Aontas Eorpach. Rinneadh cinneadh le linn an chruinnithe chun gníomhartha comhordaithe a dhéanamh i rith lae ghnímh chomónta chun fianaise breise a bhailiú. Toisc gur bhain comhchuid bhreithiúnach leis an gcuid is mó de na gníomhartha pleanáilte, mar shampla forghníomhú na n-iarratas MLA, reáchtáladh lárionad comhordaithe ag Eurojust i mí Mheán Fómhair 2014 le rannpháirteachas ó gach ball den JIT.

Gabhadh 12 amhrastach agus cuireadh agallamh ar 16 duine i rith an lae ghnímh mar amhrastaigh nó mar fhinnéithe. Rinne an Ostair, an Ungáir agus an Ríocht Aontaithe 23 cuardach, agus reodh nó urghabháladh 91 cuntas bainc sna Stáit rannpháirteacha, i dteannta le 1 milliún piollaire. Urghabháladh sócmhainní de luach measta tuairim EUR 7.8 milliún.

Reáchtáladh cruinniú comhordaithe deiridh ag Eurojust i mí an Mhárta 2015 chun faisnéis a idirmhalartú i leith na n-imeachtaí sna Stáit rannpháirteacha agus chun an comhoibriú JIT a bhreithmheas.

mhaithe le leas an phobail nó chun críoch sóisialta chun muinín an phobail sa chóras ceartais a fheabhsú. Maidir leis an aitheantas agus le forghníomhú na n-orduithe NCBC, thug baill an Fhóraim le fios go bhféadfadh anailís ní ba chaolchúisí bheith de dhíth sa chás a tugadh aníos nár cheart go dtiocfadh an NCBC faoi réir an aitheantais fhrithpháirtigh, óir go bhféadfadh na horduithe bheith ag sárú na gceart bunúsach dá dtugtar cosaint faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Ba ina leith sin a d'fhéadfaí tuilleadh birt reachtúil a bhreithniú ag leibhéal an AE chun tacú le haisghabháil sócmhainne nach bhfuil bunaithe ar chiontú. Moladh sainmhíniú de leigheas NCBC teoranta le cumhdaigh íosta a bhféadfadh aitheantas frithpháirteach bheith aige ag leibhéal an AE.

Maidir le ról Eurojust, leag baill an Fhóraim béim ar an mbreisluach a bhain le huirlisí oibriúcháin Eurojust, ar nós na gcruinnithe comhordaithe, mar fhóram iontaofa mar ar féidir le cleachtóirí faisnéis a chomhroinnt agus mar ar féidir cuardaigh, urghabhálacha agus gabhálacha a chomhordú. Is amhlaidh freisin a thacaíonn Eurojust go gníomhach leis na Ballstáit chun JITí a shocrú agus a reáchtáil, agus chun comhoibriú breithiúnach le tríú Stáit a éascú.

Ar deireadh, bhreithnigh na baill den Fhóram go mba chóir go mbaileofaí an dea-chleachtas sna Ballstáit agus go gcomhroinnfí i measc na gcleachtóirí é, agus go dtabharfaí spreagadh do Eurojust chun leanúint ar aghaidh leis an taighde chun múnla comónta inghlactha a dhearadh le cumhdaigh íosta lena bhféadfaí an t-aitheantas frithpháirteach a ghnóthú ag leibhéal an AE.

I gcomhréir leis na conclúidí úd is amhlaidh atá Eurojust i mbun an phróisis chun cásdlí ábhartha a thiomsú, ag leibhéil Eorpacha agus náisiúnta araon, chun plé le saincheisteanna a ndeachthas i ngleic leo maidir le NCBC, chomh maith le saincheisteanna bunreachtúlachta i ndáil leis an reachtaíocht intíre a bhaineann le forghéilleadh nó caomhnú maoine lena bhféadfaí múnla NCBC teoranta a shainiú le cumhdaigh íosta.

Ghlac Eurojust rannpháirt agus thug láithreoireacht i mí na Nollag 2015 ag cruinniú saineolaithe THB EMPACT i leith imscrúduithe airgeadais agus aisghabhála sócmhainne. Díríodh sa láithreoireacht ar na dúshláin a bhain don phróiseas trasteorann um urghabháil agus aisghabháil fháltais na coireachta.

Riarachán Eurojust

4

Tacaíonn Riarachán Eurojust leis an gColáiste ina chuid saothair oibriúcháin agus nuair a fheidhmíonn sé mar Bhord Bainistíochta Eurojust féin. Reáchtáladh 27 cruinniú oibriúcháin agus 10 gcruinniú Bhord Bainistíochta sa bhliain 2015. Tugann an Riarachán a thuilleadh cúnaimh do na Deasca Náisiúnta chun plé lena gcásanna. Reáchtáladh 128 cruinniú foirne agus tascfhórsa de chuid an Choláiste trí chéile. Is iad sin na comhlachtaí ullmhaitheacha lena mbaineann baill an Choláiste agus an Riaracháin, a ullmhaíonn agus a fhorfheidhmíonn cinntí an Choláiste ina réimsí saineolais faoi seach.

4.1 Tacaíocht don saothar oibriúcháin agus straitéiseach

Tacaíonn an Riarachán leis na Deasca Náisiúnta ina gcásobair trí chúnamh a thabhairt d'úsáid na n-uirlisí leictreonacha i ndáil le bainistiú córasach na gcásanna (CMS ach go háirithe) agus le comhaid lámhoibrithe, i gcomhréir leis na treoirlínte ar ghlac an Coláiste leo. Ina theannta sin, is amhlaidh a thacaíonn an Riarachán le hullmhú agus leanúint de na cruinnithe comhordaithe agus de na lárionaid chomhordaithe ach iarratas a fháil, lena n-áirítear soláthar réamhnótaí cáis, tuairiscí anailíse, chomh maith le tuairimí agus comhairle dhlíthiúil i leith chur chun feidhme na n-ionstraimí comhoibrithe bhreithiúnaigh.

Lean an saothar ar aghaidh maidir le forbairt an *Lámhleabhar Oibríochtaí*, go háirithe na treoirlínte um thionscnamh cáis Eurojust agus trí chaibidil shaintiomanta do chruinnithe oibriúcháin (cruinnithe Leibhéal II), cruinnithe comhordaithe agus lárionaid chomhordaithe. Ghlac an Coláiste leis na codanna tábhachtacha sin den *Lámhleabhar Oibríochtaí* sa tsúil chun cleachtas inmheánach Eurojust a fheabhsú agus a chomhchuibhiú, agus éascú don saothar oibriúcháin dá réir. Cuireadh fuílleach na gcaibidlí go léir faoi bhráid an Choláiste sa bhliain 2015 dá machnamh agus dá bplé.

Rannchuir an Riarachán sa bhliain 2015 le forbairt uirlisí bainistithe faisnéise nua ag Eurojust. Ba sa chomhthéacs sin, anuas ar fhorbairt leanúnach an CMS, a dearadh an Fhoirm Faisnéise Cáis (CIF) nua agus a cuireadh ar fáil do gach aon Deasc Náisiúnta í. Taifeadtar sa CIF faisnéis ábhartha a bhaineann leis na cásanna, ar nós an chaoi ina sáraítear na constaicí, an dea-chleachtas agus na ceachtanna a foghlaimíodh, agus soláthraítear bealach solúbtha leis chun cuardach sna sonraí bailithe do chosúlachtaí idir cásanna agus ullmhú staitisticí.



Klaus Rackwitz, *Administrative Director*

Alfredo García Miravete, *Operational Support*

Mike Moulder, *Budget, Finance & Procurement*

Alinde Verhaag, Case Analysis

Jacques Vos, *Corporate Services*

Nikolaos Panagiotopoulos, *Human Resources*

Jon Broughton, *Information Management*

Catherine Deboyser, *Legal Service*

Diana Alonso Blas, *Data Protection*

Ulf Bergström, *Press & PR*

Carla Garcia Bello, *College Secretariat*

Ola Löfgren, *EJN Secretariat*

Vincent Jamin, *JITs Network Secretariat*

Matevž Pezdirc, *Genocide Network Secretariat*

Le tacaíocht ón Riarachán is amhlaidh a sheol an Coláiste seacht n-ábhar oibriúcháin agus ceithre chomhphlé théamacha sa bhliain 2015.

Ábhair oibriúcháin

Is féidir leis na húdaráis náisiúnta iarraidh ar Eurojust chun faisnéis a bhailiú nó chun comhairle dhlíthiúil a sholáthar ó na Ballstáit i leith ábhair a fhéadann bheith ábhartha nó lena mbaineann impleachtaí oibriúcháin.. Chláraigh an Coláiste seacht n-ábhar oibriúcháin den chineál sin:

(i) úsáid an MLA agus coinníollacha na LoRí arna ndeonú i gcásanna calaoise leictreonaí ceaptha agus críochnaithe;
(ii) eiseachadadh chun na Tuirce;
(iii) prionsabal an *ne bis in idem* i ndáil leis an gcalaois chánach;
(iv) FTF san Úcráin;
(v) reachtaíocht nua na Danmhairge um airm;
(vi) an chaoi ina n-oibrítear taifeadadh closamhairc na dteagmhálacha idir póilíní agus amhrastaigh sna Ballstáit (idir ráitis choinneála agus finnéithe); agus
(vii) an chaoi chun dul ar aghaidh le heiseachadadh duine atá suite sa Chrimé.

Comhphléanna téamacha

Mar thoradh ar chinneadh an Choláiste ón mbliain 2014 is amhlaidh a chuirtear am ar leataobh le linn na gcruinnithe iomlánacha chun saineolas agus dea-chleachtas a idirmhalartú i réimsí lena mbaineann leas oibriúcháin speisialta do Eurojust. Reáchtáladh ceithre chomhphlé théamacha:

(i) airgeadraí fíorúla/cripteacha;
(ii) coinbhleachtaí dlínse;
(iii) coinneáil sonraí; agus
(iv) seachadtaí rialaithe.

Is é rapóirtéir ón gColáiste, le tacaíocht ón Riarachán, a ullmhaíonn comhphléanna téamacha.

Sa tsúil chun éascú d'idirmhalartú struchtúrtha faisnéise idir Eurojust agus na Ballstáit, ab amhlaidh a d'ullmhaigh an Riarachán foirm Airteagal 13 fheabhsaithe níos áisiúla d'úsáideoirí, ar ghlac an Coláiste léi dá tástáil a thuilleadh agus don fhorbairt ina dhiaidh sin. Ba chun tacú le saothar na nENCS a nuashonraigh an Riarachán go rialta an limistéar Eislín a cruthaíodh do na comhfhreagróirí do Eurojust. Ba sa chomhthéacs sin a leanadh ar aghaidh ag bailiú agus ag nuashonraí treoirlínte náisiúnta um fhorfheidhmiú Airteagal 13 agus leithdháileadh cásanna idir Eurojust agus an EJN, in éineacht leis na *Fiches Suédoises*, chun forbhreathnú a sholáthar de shocrú agus feidhmiú an ENCS sna Ballstáit.

Choinnigh an Riarachán air i rith na bliana 2015 ag cúnamh leis an gColáiste i monatóireacht agus anailísiú na n-idirbheartaíochtaí leanúnacha i leith dhréacht-Rialacháin Eurojust, Europol agus EPPO agus le hullmhú tuairimí agus rannchur gaolmhar Eurojust leis na geallsealbhóirí den AE. Ina theannta sin ab amhlaidh a thug an Riarachán cúnamh chun pleananna gnímh a bhunú agus a mhonatóireacht d'fhorfheidhmiú mholtaí an tséú bhabhta de bhreithmheasanna frithpháirteacha agus den bhreithmheas seachtrach.

4.2 Foireann agus buiséad

Bhí 349 post-sealbhóir ag Eurojust ag deireadh na bliana 2015, lenar áiríodh 69 Ball, Leas-Bhall agus Cúntóir Náisiúnta; 199 Gníomhaire Sealadach, 7 Eatramhach, 23 Gníomhaire Conartha, 23 Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht agus 28 Intéirneach.

B'ionann buiséad Eurojust don bhliain 2015 agus EUR 33 818 milliún, lenar áiríodh an buiséad leasaithe chun an t-easnamh buiséid réamh-mheasta i ndáil le costais foirne a shásamh.

Chonacthas easnamh buiséid os comhair Eurojust in athuair sa bhliain 2015 de bharr forbairtí costais nach bhfacthas roimh ré i dteannta le huireasaí struchtúracha i gCumarsáid an Choimisiúin Eorpaigh i leith Chlársceidealú Acmhainní Daonna agus Airgeadais (dá dtagraítear dá éis seo mar an Chreatlach Airgeadais Ilbhliantúil (MFF)). B'éigean do Eurojust den dara bliain as a chéile chun dul i muinín beart maolaitheach faoi réir buiséid leasaithe, lenar áiríodh cur siar gníomhaíochtaí agus iarchur forbairtí teicneolaíochta a bhí ceaptha chun gnóthachain éifeachtúlachta fadtéarmacha a ghiniúint.

Agus deimhniú an bhuiséid leasaithe neamhchinnte agus gan deimhniú oifigiúil ach amháin sa ráithe dheireanach den bhliain, is amhlaidh a cuireadh isteach ar sheachadadh pleanáilte Eurojust dá Chlár Oibre Bliantúil (AWP) chun a chinntiú gur fhan oibleagáidí dlíthiúla an eagrais agus an saothar oibriúcháin ina dtosaíochtaí. Cé gur éirigh le Eurojust i dtéarmaí fhorfheidhmiú a bhuiséid agus shlánú aitheantais de chreidmheasanna breise éigeantacha trí mheán na mbuiséad leasaithe, tháinig moltaí ó na hiniúchóirí maidir le laigí sa phleanáil agus forfheidhmiú buiséid mar thoradh ar an méadú dosheachanta sna méideanna a tugadh anonn agus sna haistrithe buiséid.

Agus na buiséid vótáilte agus leasaithe ag sárú na n-uasteorainneacha MF sna trí bliana dheireanacha (2016 san áireamh), tá soirbhíochas ar Eurojust go bhféadfadh an t-athbhreithniú den MFF arna shamhlú ag an gCoimisiún Eorpach sa bhliain 2016 (i gcomhthreo leis an timthriall buiséadach don bhliain 2017) leigheas a fháil don chás maidir leis an mbuiséad agus líon na bpost. Is ina leith sin a fhéachann Eurojust athbhreithniú den MFF a fháil chun aitheantas a thabhairt d'easnaimh struchtúracha agus do chostais neamh-réamhthuartha agus do-sheachanta. Ní hamháin go mbeidh athbhreithniú mar sin ina ghnóthachan éifeachtúlachta, ach go mbeidh sé níos tábhachtaí mar dhearbhú do Eurojust faoin gcaoi chun leas a bhaint as a acmhainní (daonna) ina n-iomláine chun freagairt do na héilimh mhéadaitheacha sna Ballstáit i gcomhair comhoibriú breithiúnach agus do chur chun cinn chuspóirí an AWP faoi mar a bhí pleanáilte. In éagmais an choigeartaithe éigeantaigh seo do na huasteorainneacha MFF do Eurojust sa tréimhse idir na blianta 2017-2020 is amhlaidh a sháróidh na hoibleagáidí dlíthiúla/airgeadais charnacha agus dosheachanta an saothar oibriúcháin.

Feabhsaíodh an fheidhmíocht airgeadais a thuilleadh i gcomparáid leis an mbliain 2014, agus ráta forghníomhaithe 99.86 faoin gcéad aici. Ba i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach agus leis an gceangaltas chun líon na bpost a laghdú faoi chúig faoin gcéad a d'aithint Eurojust ceithre phost fholmha a ainmníodh chun na críche sin sa bhliain 2015 i gcomhréir le straitéis an eagrais gan conarthaí fostaíochta reatha a chríochnú chun na laghduithe sin a ghnóthú.

Ceadaíonn forfheidhmiú an tionscadail Feabhsú ABAC d'úsáid níos éifeachtúla d'acmhainní daonna Riarachán Eurojust, agus is céim thábhachtach ag an am céanna í an uirlis chlárúcháin ama nua (ríomh-Thaifeadadh), arbh é an Stiúrthóir Riaracháin do gach ball foirne Riaracháin a chuir i bhfeidhm í sa bhliain 2015, chun na monatóireachta agus an tuairiscithe gníomhaíocht-bhunaithe.

Lean Eurojust ar aghaidh lena chleachtas chun a shaothar oibre a idirmhalartú leis na Gníomhaireachtaí JHA eile agus freisin chun aiseolas a sholáthar i leith cháipéisí pleanála na nGníomhaireachtaí JHA eile.

Tuarascáil Bhliantúil i leith Gníomhaíochta Comhdhlúite

Is i dTuarascáil Chomhdhlúite Bhliantúil an Stiúrthóra Riaracháin um Ghníomhaíocht (CAAR) 2015, arna hullmhú tráth foilsithe Thuarascáil Bhliantúil Eurojust féin don bhliain 2015, a fhaightear eolas mionsonraithe breise i leith ghnóthachain an Riaracháin i rith na bliana. Coinníonn an tuairisciú tríd an CAAR leis an struchtúr formheasta ag Ceannairí na nGníomhaireachtaí den AE, agus tá sé bunaithe den chuid is mó ar fhorfheidhmiú Chuspóirí, Ghníomhaíochtaí agus Eochair-Tháscairí Feidhmíochta AWP 2015 de chuid Eurojust, faoi mar a leagtar amach ann i leith gach cuspóir straitéiseach, chomh maith le leithdháileadh na n-acmhainní daonna agus airgeadais.

4.3 An chumarsáid sheachtrach

Dhírigh Eurojust ar shé limistéar: (i) an chumarsáid chorparáideach agus aitheantas, .i. brandáil, margaíocht agus láithriú; (ii) caidrimh sheachtracha agus leis an AE; (iii) formhéadú an tionchair sna meáin agus sa chlúdach ar fud na hEorpa; (iv) treisiú cumarsáide digití Eurojust; (v) foilseacháin, m.sh. staidéir, tuarascálacha, agus bileoga; agus (vi) cumarsáid inmheánach.

Foilsíonn Eurojust preaseisiúintí agus míreanna nuachta go rialta (95 sa bhliain 2015) faoina saothar oibriúcháin agus gníomhaíochtaí neamh-oibriúcháin eile.

Ba laistigh de chreatlach Ghréasán na nGníomhaireachtaí JHA arna óstach ag eu-LISA sa bhliain 2015 a rannchuir Eurojust le mír físeáin. na nGníomhaireachtaí JHA. Rannchuir Eurojust freisin le bileog le

Frontex, EASO, Europol, eu-Lisa agus FRA maidir le Láithreacha Ardbhrú.

Bíonn foilseacháin agus grafaice faisnéise Eurojust ar fáil ar ár láithreán gréasáin.

Sampla de tháirgí Eurojust sa bhliain 2015

Reáchtáil Eurojust seimineáir **mhargaíochta in Éirinn** i mí an Mhárta, sa Spáinn i mí na Bealtaine agus sa Rómáin i mí na Samhna, agus **42 taispeántas** taistil i mBallstáit éagsúla, mar chuid dá tionscnamh leanúnach chun saothar Eurojust a aibhsiú agus chun feasacht a spreagadh i measc cleachtóirí sna Ballstáit faoin luach agus éifeachtúlacht a thugann Eurojust do chásanna trasteorann. Pléitear sna seimineáir mhargaíochta go mion le cásobair Eurojust, agus leis an gcaoi inar féidir le Eurojust cúnamh le cleachtóirí. Tugtar forbhreathnú níos ginearálta sna taispeántais taistil ar shaothar Eurojust.

4.4 Áitreabh nua

Chuaigh an tógáil ar aghaidh faoi mar a bhí pleanáilte sa bhliain 2015 agus choinnigh an clár leis an sceideal a bhí leagtha amach dó.

Chonacthas cruth ag teacht ar an bhfoirgneamh i Ráithe 4. Tugadh an tionscadal deartha chun críche agus cuireadh tús leis na nósanna imeachta soláthair, a thiocfaidh chun críche sa bhliain 2016.

Rochtain phoiblí ar cháipéisí

Rochtain phoiblí ar cháipéisí

Fuarthas 18 iarratas sa bhliain 2015 do rochtain phoiblí ar cháipéisí Eurojust, ar laghdú i gcomparáid le 25 iarratas a fuarthas sa bhliain 2014. Ní bhfuarthas aon iarratais deimhniúcháin sa bhliain 2015. Tá a thuilleadh eolais ar fáil ar láithreán gréasáin Eurojust.

Clár Poiblí

Tá an Clár Poiblí deartha chun rochtain níos fusa a sholáthar do shaoránaigh ar cháipéisí arna sealbhú ag Eurojust gan iarratas foirmiúil do rochtain ar cháipéisí a dhéanamh. Tá an Clár Poiblí ar fáil ar láithreán gréasáin Eurojust.

Seimineár straitéiseach um *choinbhleachtaí dlínse* faoi Uachtaránacht na Laitvia ar an AE

Ceardlann um choinneáil sonraí faoi Uachtaránacht Lucsamburg ar an AE

Eurojust agus gréasáin chleachtóirí

Is Is é Eurojust a fheidhmíonn mar óstach do Rúnaíochtaí an EJN, Gréasán na Saineolaithe JIT agus an Gréasán Cinedhíothaithe, ag baint dá shócmhainní féin. Is baill foirne Eurojust atá ina bhaill, agus cinntíonn siad go dtuairiscítear go rialta chuig an gColáiste i leith a dtionscnamh agus gníomhaíochtaí. Tairgeann na Rúnaíochtaí seirbhísí do na Gréasáin, agus éascaíonn siad don chomhoibriú leis na Deasca Náisiúnta ina gcomhréimsí gnímh.

Tacaíonn Eurojust freisin le gníomhaíochtaí an Fhóraim Chomhairligh.

5.1 An Gréasán Breithiúnach Eorpach

Is gréasán é an EJN de Phointí Teagmhála d'éascú an chomhoibrithe bhreithiúnaigh i dtaobh cúrsaí coiriúla. Ba thiar sa bhliain 1998 a bunaíodh é. Bunaíodh an Rúnaíocht ag Eurojust thiar sa bhliain 2003.

Cruinnithe Ba in Ríge agus i Lucsamburg a reáchtáladh na cruinnithe iomlánacha sa bhliain 2015. Pléadh sa chruinniú i Ríge le Cinneadh Réime an AE um Aistriú Cimí agus leis an Treoir maidir leis an Ordú Cosanta Eorpach. Pléadh sa chruinniú i Lucsamburg na trí threoir maidir le cearta nós imeachta na n-amhrastach agus na ndaoine cúisithe. Reáchtáladh trí chruinniú ag Eurojust sa Háig: an cruinniú rialta, cruinniú na gComhfhreagróirí Náisiúnta agus cruinniú na gComhfhreagróirí Uirlise. B'amhlaidh ina theannta sin a reáchtáladh cruinnithe réigiúnacha sa Chróit, san Eastóin agus sa Liotuáin, agus reáchtáladh cruinnithe náisiúnta sa Bhulgáir, sa Fhrainc agus sa Phortaingéil, chun plé a dhéanamh agus chun an comhoibriú breithiúnach idirnáisiúnta a fheabhsú i réimsí éagsúla, lenar áiríodh caidrimh idir an EJN agus Eurojust. Ghlac ionadaithe ó Dheasca Náisiúnta Eurojust rannpháirt sna cruinnithe úd.

Nuachtlitir EJN Tugadh isteach Nuachtlitir an EJN thiar sa bhliain 2015 mar bhealach chun eolas a sholáthar i leith na ngníomhaíochtaí leanúnacha den EJN agus de Rúnaíocht an EJN leis na Pointí Teagmhála EJN.

Trí Uachtaránacht EJN D'athraigh an EJN modh oibre reatha na dTríú Uachtaránacht reatha i dtreo modha ní ba dhinimiciúla, lenar bhain na hUachtaránachtaí EJN amach anseo um pleanáil ag céim ní ba luaithe ná mar ab amhlaidh roimhe seo. Is í an Uachtaránacht EJN roimhe seo, an ceann reatha agus an dá cheann le teacht isteach atá san fhormáid nua, Bord Uachtaránachta an EJN.

EJN agus Eurojust D'oibrigh an EJN agus Eurojust le chéile ar chur chuige comónta do na moltaí maidir leis an EJN sa séú babhta de na breithmheasanna frithpháirteacha. Bunaíodh plean gníomhaíochta chun a chinntiú gur cuireadh i bhfeidhm na moltaí. Aistríodh an comhpháipear, *Cúnamh sa Chomhoibriú Idirnáisiúnta um Ghnóthaí Coiriúla do Chleachtóirí: EJN agus Eurojust, 'Cad is féidir linn a dhéanamh daoibhse?'*, isteach go dtí gach teanga oifigiúil an AE agus foilsíodh é ar láithreáin ghréasáin EJN agus Eurojust é. Cuirtear cleachtóirí breithiúnacha sna Ballstáit ar an eolas sa chomhpháipéar seo ar na seirbhísí agus cúnamh ar féidir leis an EJN agus Eurojust a sholáthar chun cúnamh le cleachtóirí chun teacht ar chinneadh ar cheart don EJN nó d'Eurojust plé leis na cásanna. Cinntíonn an páipéar freisin gurb iad an EJN agus Eurojust araon a phléifidh le cásanna a thagann laistigh dá sainorduithe ach leas a bhaint as an am agus na hacmhainní go héifeachtúil agus go héifeachtach agus chun dúbailt an tsaothair a sheachaint.

Láithreán gréasáin an EJN Tugadh isteach ceannleathanach nua do láithreán gréasáin an EJN. Soláthraíonn an dearadh nua rochtain níos fusa ar an eolas agus ar na huirlisí ar an láithreán gréasáin féin. Tá gach cineál ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh ag Leabharlann Bhreithiúnach an láithreáin ghréasáin anois maidir le comhoibriú breithiúnach i ngnóthaí coiriúla, agus is i bhformáid ineagraithe Word iad i ngach aon teanga oifigiúil den AE iad. Táthar tar éis an leagan nua den Atlas Breithiúnach a sheoladh. Féadtar cleachtóir cúnamh a fháil uaidh anois chun na húdaráis inniúla a aithint i leith gach ionstraim aitheantais frithpháirtigh chomh maith leis na hiarratais MLA traidisiúnta.

Tairseach an ríomh-Cheartais Leanadh ar aghaidh leis na comhphléanna um chomhoibriú idir an EJN agus an ríomh-Cheartas, leis an gcuspóir chun láithreán gréasáin an EJN a óstáil ar an Tairseach ríomh-Cheartais, arb é an comhéadan leictreonach i Limistéar na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais é.

An Oiliúint Ba í Rúnaíocht an EJN a d'eagraigh an séú seisiún oiliúna sa Bhéarla i gcomhair na bPointí Teagmhála EJN i gcomhar le hAcadamh an Dlí Eorpaigh (ERA) in Trier. D'fhoghlaim agus chleachtaigh na rannpháirtithe i rith seachtain amháin trí leas a bhaint as friotal agus stór focal an chomhoibrithe bhreithiúnaigh i ngnóthaí coiriúla, agus d'idirmhalartaigh siad faisnéis maidir lena gcórais náisiúnta faoi seach.

5.2 Gréasán na Saineolaithe Náisiúnta um Chomhfhoirne Imscrúdaithe

Is iad na pointí teagmhála forghníomhaithe dlí agus breithiúnacha náisiúnta atá ar Ghréasán na Saineolaithe JIT, a bunaíodh thiar sa bhliain 2004, a bhíonn freagrach agus spreagadh úsáid na JITí agus as cothú an idirmhalartaithe faisnéise agus an dea-chleachtais i measc na mBallstát. Tá Eurojust tar éis bheith ag feidhmiú mar óstach dá Rúnaíocht ón mbliain 2011 i leith, ag rannchur le hidirghníomhú níos éifeachtaí.

Cruinniú bliantúil TReáchtáladh an 11ú cruinniú bliantúil de na Saineolaithe Náisiúnta JITí an 11 agus 12 Meitheamh 2015. Ba é príomhábhar an chruinnithe

Funding joint investigation teams

Providing technical and financial support to JITs is part of Eurojust's mission to stimulate and improve the coordination of investigations and prosecutions in cross-border criminal cases. This funding programme ensures that financial and other organisational constraints linked to the cross-border nature of a case do not hinder the establishment and operational needs of a JIT.

Who can apply?

- Judicial and/or law enforcement authorities
- JITs between EU States and JITs between EU/non-EU States
- Eurojust's National Members invited to participate in the JIT

THE JIT

1

2 WHAT SUPPORT IS PROVIDED?

?

FUNDING PROCESS

What is not covered?

- ✗ Costs prior to the JIT
- ✗ Domestic costs
- ✗ Purchase of equipment
- ✗ Pre-financing of costs

What is covered?

Costs of cross-border operations

- ✓ Travel and accommodation
- ✓ Interpretation and translation
- ✓ Transport of evidence/ seized items

Logistical support

- ✓ Loan of smartphones, laptops, mobile scanners & printers
- ✓ Communication costs

3 FILL IN THE FORM

- Upload and use latest version
- Include needs of all JIT partners
- Date, sign and initial each page

4

How to submit

- Send scanned form to jits@eurojust.europa.eu
- Attach JIT agreement, extensions and financial identification form (FIF)
- Submit within set fifteen-day period

5

Evaluation and award

- Evaluation by Eurojust staff and practitioners
- Decision within 15 days

6

Action

- Planned actions to be performed within three-month period

7

Claim

- Send form and supporting documents to jits@eurojust.europa.eu
- Within one month after end of action period
- Individual claims by each institution/agency (no natural persons)

€ REIMBURSEMENT

i mbliana ná *An Rochtain ar JITí a fheabhsú: cad iad na huirlisí chun tacú leis an gcleachtas nuálaíoch?*, sa tsúil chun measúnú a dhéanamh ar an ngá chun na huirlisí tacúla do na JITí reatha a leasú (Lámhleabhar na JITí, comhaontú samhla, Plean Gníomhaíochta Oibriúcháin an JIT) i bhfianaise na taithí a gnóthaíodh. Tá Conclúidí an chruinnithe ar fáil ar láithreán gréasáin Eurojust.

Tionscdail Gnóthaíodh dul chun cinn nach beag i ndáil leis na tionscadail le Gréasán na Saineolaithe JIT. Cuireadh 12 *Fiches Espagnoles* ar fáil – arbh achoimrí de reachtaíocht na mBallstát um bunú agus oibriú JITí a bhí iontu – trí mheán limistéir shrianta Ghréasán Saineolaithe na JIT. Eisíodh an chéad *Tuarascáil breithmheasa JIT* i mí na Nollag, agus cuireadh ar fáil í do chleachtóirí agus do gheallsealbhóirí leasmhara. Comhdhlúthaítear sa cháipéis sin torthaí cainníochtúla agus cáilíochtúla mar thoradh ar an bhféin-mheasúnacht de 42 JIT a fuair an Rúnaíocht idir mí Aibreáin 2014 agus mí Dheireadh Fómhair 2015. Is inti a imlínítear na príomhthairbhí, an dea-chleachtas agus na dúshláin a fheiceanna cleachtóirí agus úsáid á baint as JITí.

Limistéar srianta Ghréasán na Saineolaithe JIT Is ardán gréasáin atá i limistéar srianta Ghréasán na Saineolaithe JIT ina dtaisctear eolas i dtaobh na JITí, go háirithe i leith reachtaíocht agus chleachtas JIT. Glacadh cinneadh sa bhliain 2015 mar chuid de na conclúidí ag cruinniú bliantúil na JITí chun an rochtain ar an ardán úd a shíneadh chuig gach cleachtóir leasmhar san AE, m.sh. pointí teagmhála EJN agus ceannairí JIT a bhíonn bainteach le JIT éigin a fuair tacaíocht airgeadais.

Cistiú na JITí Feictear fianaise freisin d'idirghníomhú rathúil idir Eurojust agus Gréasán Saineolaithe JIT sa fhreagracht a thugtar don Rúnaíocht ón mbliain 2013 i leith chun tacaíocht airgeadais Eurojust do ghníomhaíochtaí JIT (*féach* cuid 1.4).

An Oiliúint Choinnigh Gréasán na Saineolaithe JIT agus a Rúnaíocht orthu leis an gcomhoibriú rathúil a bunaíodh le CEPOL agus leis an EJTN chun oiliúint phraiticiúil um JITí a dhearadh agus a chur i bhfeidhm - a fheidhmíonn ról tábhachtacha chun úsáid na huirlise a fheabhsú.

5.3 Gréasán Cinedhíothaithe

Bunaíodh an Gréasán Cinedhíothaithe sa bhliain 2002 chun dlúth-chomhoibriú idir na húdaráis náisiúnta a chinntiú in imscrúdú agus in ionchúiseamh an chinedhíothaithe, na gcoireanna i gcoinne na daonnachta agus na gcoireanna cogaíochta ach faisnéis oibriúcháin, an dea-chleachtas agus an taithí a idirmhalartú. Bunaíodh Rúnaíocht an Ghréasáin Chinedhíothaithe ag Eurojust thiar sa bhliain 2011.

Cruinnithe Reáchtáladh dhá chruinniú iomlánacha ag Eurojust sa bhliain 2015 i mí Aibreáin um úsáid na faisnéise d'fhoinse oscailte agus monatóireachta domhanda chun críche imscrúdú agus ionchúiseamh na gcroí-choireanna idirnáisiúnta, agus i mí Dheireadh Fómhair um an idirdhealú idir comhraiceoirí agus sibhialtaigh agus um fhéidearthachtaí chun rannpháirtithe éagsúla a ionchúiseamh sna coimhlintí armtha comhaimseartha faoi chineálacha éagsúla reachtaíochta (an fhrithsceimhlitheoireacht, coireanna idirnáisiúnta, gnáthchoireanna). Tá conclúidí an dá chruinniú iomlánacha ar fáil ar láithreán gréasáin Eurojust. Ina theannta sin ab amhlaidh a reáchtáladh dhá chruinniú ad hoc chun plé a dhéanamh agus chun imscrúduithe náisiúnta a chur ar aghaidh i leith na coimhlinte armtha leanúnaí sa tSiria, agus chun éascú don chomhoibriú i leith saincheisteanna maidir leis an iar-choimhlint sa Libéir.

Páipéar straitéise Gnóthaíodh dul chun cinn le foilsiú na *Straitéise*, ina bhfuarthas tacar cuimsitheach beart do neartú na tacaíochta d'údaráis náisiúnta sa chomhrac i gcoinne na saoirse ó phionós. Fuair an *Straitéis* tacaíocht ó na hAirí Ceartais agus Gnóthaí Intíre, agus d'éirigh ina huirlis tagartha don AE le treoirlínte praiticiúla d'imscrúdú agus d'ionchúiseamh na gcroí-choireanna idirnáisiúnta ag an leibhéal náisiúnta. Aistríodh í isteach go gach teanga oifigiúil an AE agus tá sí ar fáil ar láithreán gréasáin Eurojust.

Formhéadú an Limistéir Shrianta Formhéadaíodh agus nuashonraíodh a thuilleadh an Limistéar Srianta, arb ardán gréasáin é ina bhfaightear faisnéis ábhartha do na húdaráis náisiúnta ina gcomhrac i gcoinne na saoirse ó phionós, chun seirbhís níos áisiúla agus níos cuidithí don úsáideoir a sholáthar do na pointí teagmhála náisiúnta.

An Oiliúint Reáchtáladh sa chéad uair sa bhliain 2015 an oiliúint do bhreithiúna agus ionchúisitheoirí náisiúnta um chroí-choireanna idirnáisiúnta agus um shonraí na n-ionchúiseamh agus na dtrialacha gaolmhara. Ba í Rúnaíocht an Ghréasáin Chinedhíothaithe a d'fhorbair agus a d'fhorfheidhmigh an oiliúint, i gcomhoibriú leis an EJTN. Díríodh an oiliúint ar shonraí breithiúnacha na gcásanna idirnáisiúnta den dlí coiriúil agus ar a gcur chun feidhme sna dlínsí intíre. Áiríodh léi modúil um shocrú coireanna, modhanna dliteanais, dúshláin fianaiseacha agus comhchodanna praiticiúla chun cás a thógáil dá thriail, chomh maith leis an gcomhoibriú breithiúnach le tríú Stáit, na NA agus na NGOí.

5.4 Fóram Comhairleach Ard-Ionchúisitheoirí agus Stiúrthóirí Ionchúiseamh Poiblí Bhallstáit an Aontais Eorpaigh

Bunaíodh an Fóram Comhairleach thiar sa bhliain 2010 chun an comhoibriú breithiúnach agus an mhuinín fhrithpháirteach i measc na mBallstát a threisiú, agus chun

ionchur a sholáthar ó na breithiúna d'institiúidí an AE um fhorbairt an Limistéir Shaoirse, Slándála agus Ceartais. Choinnigh Eurojust uirthi sa bhliain 2015 ag soláthar tacaíochta dlíthiúla, riaracháin agus airgeadais do ghníomhaíochtaí an Fhóraim Chomhairligh, lena n-áirítear óstáil a chruinnithe leathbhliantúla.

D'fheidhmigh Eurojust i mí an Mheithimh 2015 mar óstach don 9ú cruinniú den Fhóram Comhairleach faoin Uachtaránacht Laitviach. Ba é Ard-Ionchúisitheoir Laitvia a thionóil an cruinniú, agus tugadh deis leis do bhail an Fhóraim chun bunú an EPPO a phlé agus a chaidreamh le Eurojust a phlé le hIníon Věra Jourová, An Coimisinéir um Cheartas, Tomhaltóirí agus Comhionannas Inscne. Idirmhalartaíodh tuairimí i leith róil an EPPO, Eurojust, an EJN, Europol agus OLAF i bhfianaise na creatlaí dlíthiúla reatha agus amach anseo idir baill an Fhóraim. Mar ábhar mór inspéise eile a chuir Eurojust a dearcadh i láthair i leith fheiniméan an FTF agus fhreagra an cheartais choiriúil. Chomhtharla cruinniú an Fhóraim Chomhairligh le seimineár straitéiseach Eurojust, *Coinbhleachtaí dlínse, aistriú imeachtaí agus* ne bis in idem: *rathúnais, easnaimh agus réitigh*. Tháinig an Fóram Comhairleach ar chonclúidí comónta i leith an ábhair sin ar bhunús toradh an tseimineáir agus na rannchur a thug baill an Fhóraim uathu (*féach* cuid 3.1).

Ba é Ard-Ionchúisitheoir Lucsamburg a thionóil an 10ú cruinniú den Fhóram Comhairleach ag Eurojust i mí na Nollag 2015. D'idirmhalartaigh baill an Fhóraim tuairimí i leith impleachtaí praiticiúla neamhniú CCAE den DRD i gcomhair imscrúduithe agus ionchúiseamh. Chomhroinn Eurojust saothar Eurojust le deireanas i réimse na frithsceimhlitheoireachta agus na FTF leis na rannpháirtithe, chomh maith le heolas i leith tionscnamh an AE le déanaí chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim imirce agus ar ghníomhaíochtaí Eurojust chun dul i ngleic le smuigleáil na n-inimirceach mídhleathach. D'idirmhalartaigh baill an Fhóraim taithí i leith na ndúshlán os a gcomhair ag an leibhéal náisiúnta, agus na conclúidí comónta le cur faoi bhráid lucht ceaptha beartais an AE sna limistéir úd. Tháinig ceardlann Eurojust roimh chruinniú an Fhóraim Chomhairligh, *Coinneáil sonraí sa chomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí: an bealach chun cinn* (*féach* cuid 3.2).

Tugadh le chéile sa dá imeacht réimse leatha saineolaithe agus ionadaithe ardleibhéil na n-údarás ionchúisimh náisiúnta, agus ionadaithe ó ghníomhaireachtaí agus institiúidí an AE féin. Seoladh breithniú ar fhormáid agus ábhar an Fhóraim Chomhairligh amach anseo tráth an chúigiú bliain ó bunaíodh an Fóram Comhairleach. Tá conclúidí chruinnithe an Fhóraim Chomhairligh ar fáil ar láithreán gréasáin Eurojust.

Cruinnithe an Fhóraim Chomhairligh faoi Uachtaránacht Laitvia ar an AE...



... agus faoi Uachtaránacht Lucsamburg ar an AE

Breithmheas agus peirspictíochtaí don todhchaí

Téama

An séú babhta de bhreithmheasanna frithpháirteacha sna Ballstáit

I gcomhréir leis an nGníomhaíocht Chomhpháirteach 97/827/JHA ón gComhairle an 3 Nollaig 1997 ab amhlaidh a chinn GENVAL i mí an Mheithimh 2011 go dtabharfaí an séú babhta de na breithmheasanna frithpháirteacha d'fhorfheidhmiú agus oibriú praiticiúil Chinneadh 2002/187/JHA ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 lenar bunaíodh Eurojust sa tsúil chun an comhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí a threisiú, arna leasú le Cinntí 20203/659/JHA agus 2009/426/JHA agus le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/428/JHA an 29 Meitheamh 1998 um chruthú Gréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh, arna n-aisghairm agus arna n-athchur le Cinneadh 2008/976/JHA ón gComhairle um an nGréasán Breithiúnach Eorpach do chúrsaí coiriúla sna Ballstáit.

Rinneadh breithmheasanna piara sna Ballstáit faoi stiúir saineolaithe idir mí na Bealtaine 2012 agus mí na Bealtaine 2014: ghlac breathnóirí Eurojust rannpháirt i ngach aon cheann de na breithmheasanna úd. Dhréachtaigh na saineolaithe tuairiscí tar éis cuairteanna ar an láthair sna Ballstáit, le tacaíocht ó Rúnaíocht na Comhairle agus ó bhreathnóirí. Glacadh leis an tuarascáil dheireanach, ina léirítear toradh foriomlán an tséú bhabhta de bhreithmheasanna frithpháirteacha, an 17 Nollaig 2014. Is inti a fhaightear 24 moladh do na Ballstáit, na hInstitiúidí Eorpacha, d'Eurojust agus don EJN.

Ghlac Coláiste Eurojust i mí Dheireadh Fómhair 2014 le plean gníomhaíochta inmheánach chun éascú d'fhorfheidhmiú na moltaí a cuireadh chun Eurojust ón séú babhta de bhreithmheasanna frithpháirteacha. Gnóthaíodh dul chun cinn breise sa bhliain 2015 i bhforfheidhmiú gach aon limistéar, .i. neartú chumais oibriúcháin Eurojust, méadú na meán agus na n-uirlisí d'idirimhalartú faisnéise leis na húdaráis inniúla náisiúnta agus cuíchóiriú breise an chomhoibrithe leis an EJN.

Eislíon Eurojust

Is limistéar srianta é Eislíon Eurojust ar láithreán gréasáin Eurojust arb inrochtana do na comhfhreagróirí d'Eurojust é. Áirítear leis cáipéisí lena mbaineann ábharthacht do shaothar na gcleachtóirí, ar nós treoirlínte náisiúnta um leithdháileadh cásanna idir Eurojust agus EJN, treoirlínte náisiúnta um fhorfheidhmiú Airteagal 13 de Chinneadh Eurojust ón gComhairle agus na *Fiches Suédoises* um bunú an ENCS sna Ballstáit.

Cásanna Airteagal 13



Airteagal 13		Líon cásanna
Airteagal 13(5)	JIT	17
Airteagal 13(6)(a)	Coireanna tromchúiseacha	106
Airteagal 13(6)(b)	Dlúthbhaint eagrais choireachta	49
Airteagal 13(6)(c)	Iarmhairtí ag leibhéal an AE	20
Airteagal 13(7)(a)	Coinbhleachtaí dlínse	35
Airteagal 13(7)(b)	Seachadtaí rialaithe	34
Airteagal 13(7)(c)	Deacrachtaí fillteacha le forghníomhú iarratas	12

Fiches Suédoises

Tugtar forbhreathnú sna *Fiches Suédoises* ar struchtúr agus feidhmiú an ENCS de réir Ballstáit. Nuashonraíonn Eurojust an uirlis sin go rialta chun tacú le forfheidhmiú ENCS agus le hidirmhalartú taithí agus dea-chleachtais. Áirítear leis na *Fiches* ó mhí na Samhna 2014 i leith rannóg ina soláthraítear bailiúchán de na treoirlínte náisiúnta infhaighte maidir le forfheidhmiú Airteagal 12 de Chinneadh Eurojust ón gComhairle agus i leith leithdháileadh cásanna idir Eurojust agus an EJN.

Breithmheas seachtrach Eurojust agus a chuid gníomhaíochtaí

Forordaítear le hAirteagal 41a de Chinneadh Eurojust ón gComhairle go gcoimisiúnóidh an Coláiste breithmheas neamhspleách seachtrach um fhorfheidhmiú Chinneadh Eurojust ón gComhairle chomh maith le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag Eurojust roimh 4 Meitheamh 2014 agus gach cúig bliana dá éis sin.

Thosaigh Coláiste Eurojust an próiseas chun breithmheas ar Eurojust sa bhliain 2013 a choimisiúnú ach glacadh le téarmaí tagartha do bhreithmheas i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach. Rinneadh nós imeachta soláthar sa chéad leath den bhliain 2014, agus coimisiúnaíodh EY (Ernst & Young roimhe seo) chun breithmheas a dhéanamh.

Rinneadh an breithmheas ar Eurojust idir Meán Fómhair 2014 agus Meitheamh 2015. Eisíodh an Tuarascáil EY Deiridh um breithmheas Chinneadh Eurojust ón gComhairle agus gníomhaíochtaí Eurojust an 30 Meitheamh 2015. Cuireadh an tuarascáil ar aghaidh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Bhreithnigh agus phléigh an Coláiste na moltaí le EY i gcomhair forbartha agus feabhsuithe, go háirithe maidir leis na socruithe rialachais agus an gá d'athchóiriú na struchtúr oibre inmheánach, na gcleachtas agus na nósanna imeachta den Choláiste. Ghlac an Coláiste ag deireadh na bliana 2015 le plean gníomhaíochta inmheánach d'fhorfheidhmiú na moltaí lena gcomhlánaítear an plean gníomhaíochta inmheánach a bhain leis an séú babhta de na breithmheasanna frithpháirteacha. Thuairiscigh an tUachtarán chuig Parlaimint na hEorpa i leith thorthaí an bhreithmheasa agus na mbeart leantach ag Eurojust i mí na Nollag 2015.

Forbairtí reachtúla um Rialúchán Eurojust

Agus súil á tabhairt d'Airteagal 85 TFEU agus chun Eurojust a neartú agus chun a héifeachtacht a mhéadú, b'amhlaidh a chuir An Coimisiún Eorpach Togra i gcomhair Rialacháin Eurojust i láthair i mí Iúl 2013. Ghlac an Chomhairle i mí an Mhárta 2015 le cur chuige ginearálta i bpáirt ag cumhdach fhorálacha an dréacht-Rialacháin, cé is moite de na forálacha a bhain leis an EPPO. Choinnigh Eurojust uirthi ag rannchur le hidirbheartaíochtaí na n-institiúidí AE ar bhunús a taithí, *inter alia* i leith na cosanta sonraí.

Sheol an Coimisiún Eorpach togra reachtúil do bhunú EPPO i gcomhthreo leis an Togra do Rialachán Eurojust, ag tabhairt san áireamh Airteagal 86 TFEU lena n-ordaítear gur féidir EPPO amach anseo a bhunú ó Eurojust. Tá an caidreamh feidhmiúil idir EPPO na todhchaí agus Eurojust agus a thionchar ar ghníomhaíochtaí agus acmhainní Eurojust fós á bhreithniú ag na hinstitiúidí den AE. Tá Eurojust tar éis bheith ag comhroinnt a rannchuir agus a hábhair imní le hInstitiúidí an AE, bunaithe ar a taithíse.

Sliocht ón Tuarascáil Deiridh EY:

'Is eagras éifeachtach go bunúsach í Eurojust a choinníonn uirthi tráth i ndiaidh a chéile ag gnóthú an fheabhais ina croí-shaothar oibriúcháin. Tá méadú seasmhach tar éis teacht ar chásobair fhoriomlán Eurojust (ag méadú ó 1 085 sa bhliain 2007 chuig 1 804 cás sa bhliain 2014), lena dtugtar le fios an dea-chlú agus an mhuinín a carnadh san eagras ó na hÚdaráis Náisiúnta agus an breisluach ar éirigh léi a thairiscint.'

Bearta leantacha ar Chonclúidí na Comhairle

Ghlac an JHA i mí Iúil le Dréacht-Chonclúidí um Thuarascáil Bhliantúil Eurojust 2014. Is féidir teacht ar a thuilleadh eolais thíos sna limistéir inar iarr an Chomhairle ar Eurojust chun a cuid saothair a fheabhsú agus/nó ina ndearnadh moltaí.

Neartú na gcumas oibriúcháin

- Forbairt Lámhleabhair Oibríochtaí chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht Eurojust a fheabhsú, lena n-áirítear treoirlínte um chruinnithe comhordaithe;
- Déanann Eurojust monatóireacht agus measúnú rialta ar úsáid an OCC ag na húdaráis náisiúnta. Tá an OCC deartha dá úsáid ag na húdaráis náisiúnta inniúla chun teagmháil a dhéanamh lena n-ionadaí náisiúnta faoi seach ag Eurojust i gcásanna práinneacha lasmuigh d'uaireanta oibre. Freagraíonn an OCC i dteanga féin an ghlaoiteora agus seolann an glao ar aghaidh chuig an ionadaí náisiúnta OCC atá ar dualgas. Is í conclúid an bhreithmheasa sheachtraigh ar Eurojust go bhfuil úsáid an OCC go nuige seo tar éis bheith cuibheasach teoranta. D'fhéadfaí dul i dteagmháil leis na Baill Náisiúnta ar bhunús 24/7 fiú féin roimh chur chun feidhme an OCC. Rinne Eurojust rannchur do na hidirbheartaíochtaí um théacs an Rialacháin Eurojust, ag moladh scriosadh na foclaíochta '*trí phointe teagmhála OCC amháin ag Eurojust*', óir go gcuirtear srian le réitigh mhalartacha léi;
- Cuireadh tús le saothar ar fhoirm Airteagal 13 fheabhsaithe ní b'áisiúla don úsáideoir, ag tabhairt san áireamh moltaí ón séú babhta de bhreithmheasanna frithpháirteacha sna Ballstáit;
- Forbraíodh feidhmiúlacht CMS nua chun cumas Eurojust chun aiseolas a chur ar fáil do na húdaráis náisiúnta mar thoradh ar fhógraí Airteagal 13. Ceadaítear tríd an réiteach nua do bhrath naisc thar oíche tríd an CMS, agus uasmhéadaítear leis líon na n-amas úsáideach is féidir a fháil;
- Tháinig dhá nasc gréasáin ní ba shláine idir Eurojust agus na Ballstáit (an Spáinn agus Lucsamburg) i mbun oibriúcháin sa bhliain 2015, ag tabhairt líon iomlán na nasc chuig 13;
- Táirgeadh dhá leagan nuashonraithe den CMS chun tacú le forfheidhmiú Airteagal 12 de Chinneadh Eurojust ón gComhairle i gcomhréir le Rialacha Cosanta Sonraí Eurojust. Choinnigh Eurojust uirthi ag taiscéaladh bealaí níos costéifeachtaí do bhaill an ENCS, go príomha na comhfhreagróirí náisiúnta d'Eurojust, chun rochtain a fháil ar an CMS;
- Nuashonraítear na comhfhreagróirí náisiúnta do Eurojust go rialta i leith treoirlínte náisiúnta maidir le forfheidhmiú Airteagal 13 agus le leithdháileadh cásanna idir Eurojust agus an EJN. Is féidir teacht ar a thuilleadh faisnéise i leith fheidhmiú na nENCSí sna Ballstáit sna *Fiches Suédoises*. Bíonn an t-eolas go léir ar fáil sa limistéar srianta d'Eislíon Eurojust;
- Táthar tar éis pleananna gníomhaíochta inmheánacha a fhorbairt chun na moltaí ón séú babhta de bhreithmheasanna frithpháirteacha agus ón mbreithmheas seachtrach ar Eruojust a chur chun feidhme ar bhealach tráthúil agus cuíchóirithe.

Limistéir choireachta: sceimhlitheoireacht - FTF, agus an chibearchoireacht

- Comhroinnt faisnéise mhéadaithe i gcomhréir le Cinneadh 2005/671/JHA ón gComhairle;
- Eurojust *TCM 2015*;
- An Tríú tuarascáil ag Eurojust um FTF;
- Comhbhaint le Taistealaithe Fócasphointe Europol;
- Rannchur Eurojust le TE-SAT;

- Cruinniú oirbheartaíochta, *I dTreo freagra bhreithiúnaigh chomónta do throdaithe eachtracha;*
- Cruinniú straitéiseach bliantúil de na comhfhreagróirí náisiúnta do Eurojust i leith cúrsaí sceimhlitheoireachta;
- Ceapadh pointí teagmhála ón Ailgéir, ón tSile, ón Iaráic, ón Iordáin, ón Liobáin, ó na hÚdaráis Phalaistíneacha agus ón Araib Shádach;
- Ionadaí Eurojust a chur chun poist ag EC3;
- Comhpháipéar Eurojust-Europol, *Dúshláin chomónta i gcásanna cibearchoireachta*;
- Measúnú tionchair um neamhniú na Treorach um Choinneáil Sonraí ón mbliain 2006;
- Cruinniú oirbheartaíochta *um chríochachas sa chibearspás agus um inghlacthacht na ríomhfhianaise in imeachtaí breithiúnacha a bhaineann leis an gcibearchoireacht;*
- Cruinniú Eurojust *I dTreo Gréasáin Bhreithniúnaigh um Chibearchoireacht*;
- Rannpháirteachas sa seachtú babhta de bhreithmheasanna frithpháirteach tugtha don chibearchoireacht.

Comhoibriú leis na comhpháirtithe EJN, Europol agus OLAF

- Comhpháipear Eurojust/EJN, *Cúnamh sa Chomhoibriú Idirnáisiúnta um Ghnóthaí Coiriúla do Chleachtóirí: EJN agus Eurojust,* 'Cad is féidir linn a dhéanamh daoibhse?', arna aistriú isteach go dtí gach teanga oifigiúil an AE agus ar fáil ar an láithreán gréasáin;
- Chomhordaigh Eurojust agus EJN a bpleananna gníomhaíochta inmheánacha chun leanúint de na moltaí ón séú babhta de bhreithmheasanna frithpháirteacha;
- D'fhreastail Europol ar 99 cruinniú comhordaithe agus ar chúig lárionad comhordaithe, agus bhí baint aige le 34 cás Eurojust;
- Comhcheangail fhoirmiúla le 24 de na 29 fócasphointe de chuid Europol agus rannpháirteachas gníomhacha i bhforbairt an OAP 2016;
- Ghlac OLAF rannpháirt i gcúig chruinniú comhordaithe, agus d'oibrigh i gcomhar le Eurojust ar 20 cás; an chéad JIT le rannpháirteachas ó OLAF.

Comhoibriú le tríú Stáit

- Dlúthbhaint mhéadaithe na dtríú Stát i gcásanna Eurojust, cruinnithe comhordaithe, lárionaid chomhordaithe agus JITí;
- Cur Ionchúisitheora Idirchaidrimh ar son na hEilvéise ar iasacht ag Eurojust;
- Tugadh na hidirbheartaíochtaí ar Chomhaontuithe Comhoibrithe leis an Úcráin agus le Montainéagró chun críche.
- Tháinig méadú ar ghréasán Eurojust na bpointí teagmhála chuig 39 tríú Stát;
- Seimineár *Forfheidhmiú na gComhaontuithe Cúnaimh Dhlíthiúil Fhrithpháirtigh agus Eiseachadta idir an tAE agus SAM;*
- Phléigh Eurojust a thuilleadh ról agus stádas dlíthiúil na ngiúistisí idirchaidrimh Eurojust i dtríú Stáit, lenar áiríodh critéir do roghnú tríú Stát dá bpostáil; lean Eurojust ar aghaidh leis an saothar ar an taobh teicniúil chun glacadh i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach, le socruithe forfheidhmithe i gcomhréir le hAirteagal 27a(4) de Chinneadh Eurojust ón gComhairle;
- Tacaíonn Eurojust le roinnt tionscadal sna Balcáin Thiar.

Buíochas agus slán

Gabhaimid buíochas le **Donatella Frendo Dimech**, iar-Bhall Náisiúnta do *Mhálta*, **Ingrid Maschl-Clausen**, iar-Bhall Náisiúnta don *Ostair*, agus le **Harri Tiesmaa**, iar-Bhall Náisiúnta don *Fhionlainn*, as ucht a saothair agus an rannchuir luachmhair do Eurojust.

Gabhaimid buíochas freisin le **Teresa-A. Camelio**, príomhchúntóir don chomhalta náisiúnta ón *Íodáil*, agus le **Pietro Suchan**, an dara chúntóir don chomhalta náisiúnta ón *Íodáil*, as ucht an obair déanta acu ar son oifig na hÍodáile agus le haghaidh an páirt lárnach a ghlac siad sa thionscadal Eurojust.

© Eurojust, 2016

Gach ceart ar cosaint. Ní cheadaítear aon chuid den fhoilseachán a atáirgeadh nó a úsáid trí mheáin ar bith, grafach, leictreonach nó meicniúil, lena n-áirítear fótachóipeáil, taifeadadh, téipeáil, nó córais chun faisnéis a stóráil nó a aistharrainge, gan cead ó Eurojust.

Buíochas leis na haonaid ar fad as a gcabhair.

Grianhgraif: Barry Irvine, Jakov Minić (Eurojust); Shutterstock

ISBN: 978-92-9490-065-4

Táirgeadh: AMPLEXOR Luxembourg S.à r. l. - www.amplexor.com

EUROJUST

Maanweg 174, 2516 AB The Hague, Netherlands

Guthán: +31 70 412 5000 - R-phost: info@eurojust.europa.eu - Suíomh Gréasáin: www.eurojust.europa.eu